SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# Tuarascáil Bhliantúil 2018




www.sportireland.ie
@sportireland

# Tuarascáil Bhliantúil Spórt Éireann 2018


1. Ráiteas an Chathaoirligh
2. Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

**Struchtúr Spórt Éireann**

3. Bord Spórt Éireann
4. Baill Foirne Spórt Éireann
5. Forbhreathnú ar Choistí Spórt Éireann

**Forbhreathnú ar Fheidhmíocht**

6. Ardfheidhmíocht
7. Institiúid Spórt Éireann
8. Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann
9. Aonad Rannpháirtíochta Spórt Éireann
10. Aonad Eitice Spórt Éireann
11. An tAonad Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
12. An tAonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta
13. Aonad Frithdhópála Spórt Éireann
14. Aonad Cóitseála Spórt Éireann
15. Aonad Conairí Spórt Éireann
16. Gníomhaíocht Chorparáideach
17. An tAonad Taighde
18. Tuarascáil Bhliantúil maidir le Nochtadh Cosanta
19. Comhlíonadh Spórt Éireann
20. Beartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt
21. Aguisíní

**Fís Spórt Éireann:**

Earnáil den chéad scoth a oibríonn de réir na gcaighdeán rialachais agus cuntasachta is airde agus a rannchuidíonn le cuspóirí an Bheartais Náisiúnta don spórt a chomhlíonadh.

**Misean Spórt Éireann:**

Stiúrann Spórt Éireann an clár oibre náisiúnta maidir le spórt tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Luach an spóirt a chur in iúl agus an smaointeoireacht maidir le spórt a stiúradh
- Cultúr ionchuimsitheach cothrom a chur chun cinn
- Luach a ghiniúint as líon teoranta acmhainní
- Eagraíochtaí láidre spóirt a chothú
- An coincheap um 'spórt ar feadh an tsaoil do chách' a fhíorú
- Ag tacú le rath ardfheidhmíochta

**Luachanna Spórt Éireann:**

Aithníonn Spórt Éireann go bhfuil luachanna ann a bhíonn i gcroílár fhorbairt an Spóirt in Éirinn.

**Imreoir:** Bíonn meas againn ar cheart gach duine chun infheistiú ina bpoitéinseal sa spórt, páirt a ghlacadh ann agus a bpoitéinseal a chomhlíonadh

**Foireann:** Oibrímid i gcomhar le chéile chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach

**Cothrom na Féinne:** Caithfear forbairt an spóirt a bheith bunaithe ar éiteas láidir ó thaobh cothrom na féinne de

**Mionchruinneas:** Gineann spórt paisean mór; caithfear a bheith beacht freisin maidir leis an méid, ar féidir leis a thabhairt do dhaoine agus do phobail, a thaispeáint

**Taighde:** Soláthraíonn cláir láidre thaighde bonn eimpíreach i gcomhair cleachtais agus beartais

## Ráiteas an Chathaoirligh

Bliain ar leith ar fad ab ea 2018 do spórt na hÉireann.

Ar leibhéal straitéiseach, cloch mhíle bhuntábhachtach i gcomhair na hearnála spóirt ab ea foilsiú an Bheartais Náisiúnta Spóirt nua. Soláthraítear leis an gcáipéis seo treoirphlean mionsonraithe i gcomhair spórt na hÉireann go dtí 2027. Leagadh freagracht ar Spórt Éireann as líon suntasach de na 57 ngníomh a shonraítear sa bheartas.

Tá Bord agus Feidhmeannas Spórt Éireann ag tnúth le ról ríthábhachtach a imirt sa phróiseas leis an mbeartas seo a chomhlíonadh, rud lena n-imreofar tionchar bunathraitheach ar chúrsaí spóirt sna blianta amach anseo. Faoi mar atá le feiceáil leis an léargas ginearálta cuimsitheach ar ghníomhaíocht sa tuarascáil seo, táthar tar éis tosú go láidir i leith na cuspóirí sin a bhaint amach cheana féin.

Ó thaobh cúrsaí idirnáisiúnta, chonacthas gur éirigh go leanúnach lenár bhfoirne is lúthchleasaithe ardfheidhmíochta, agus tá na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta (CRNanna) agus na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁSanna) ag leanúint ar aghaidh le bheith ag tacú le rannpháirtíocht láidir sa spórt i measc daoine ar gach aois.

Ó thaobh cúrsaí ardfheidhmíochta, cé go bhfacthas gur éirigh go maith is go leanúnach le hÉirinn i spóirt lena n-áirítear lúthchleasaíocht, dornálaíocht agus rámhaíocht, rinne spóirt eile dun chun cinn suntasach in 2018 agus d'éirigh go maith le lucht spóirt sa haca, gleacaíocht agus seómharcaíocht freisin. Bhí ríméad orainn tacú lenár lúthchleasaithe trí Institiúid Spórt Éireann agus trí na saoráidí den chéad scoth atá le fáil ar Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann anois. Tá an Campas tagtha chun bheith ina fhócas don spórt ardfheidhmíochta in Éirinn.

Is le ní tábhachtach a cuireadh deireadh leis an mbliain, agus comhaontú comhpháirtíochta ceannródaíoch, a bhfuil lúthchleasaithe ina gcuid lárnach de, sínithe idir Institiúid Spóirt Éireann agus Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann. Tá forálacha sa chomhpháirtíocht seo maidir le tacaíocht feidhmíochta a sholáthar sa tréimhse 2018-2022. Bíonn dlúthchaidrimh idir Spórt Éireann agus Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann ríthábhachtach má tá Éire lena poitéinseal a fhíorú ar an leibhéal is airde ó thaobh na gnóthachtála spóirt agus táimid ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leis an gCónaidhm i rith thimthriall na n-imeachtaí Oilimpeacha atá ar na bacáin.

Coinníodh fócas mór sa bhliain 2018 ar thiomantas Spórt Éireann go mbeidh spórt glan agus cothrom. Is iomaí uair a tháinig Spórt Éireann le chéile lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta ar son córas frithdhópála domhanda trédhearcach cóir a bheadh saor ó choimhlintí leasa. Fanfaidh sé sin ina thosaíocht do Spórt Éireann agus muid ag féachaint le leas ár lúthchleasaithe ar fad a chosaint chomh maith le cultúr frithdhópála ar fud an domhain.

Ó thaobh cúrsaí rannphháirtíochta, láidríodh comhpháirtíocht Spórt Éireann le gníomhaireachtaí eile tuilleadh de bharr cistiú breise a daingníodh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Thionscain Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt raon tionscadal nua dá bharr. Tosaíocht bhuntábhachtach ag Bord Spórt Éireann is ea deiseanna a chruthú do dhaoine ar gach aois agus as gach cúlra chun dul i mbun spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil. Bíonn tionscnaimh na gCuntas Díomhaoin nasctha go dlúth leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil, agus tá níos mó deiseanna ann do dhaoine le bheith gníomhach i gclubanna agus in imeachtaí eagraithe áitiúla anois ná mar a bhí ann riamh.

Trí Aonad Cóitseála Spórt Éireann, lean Spórt Éireann ar aghaidh le ról stiúrtha a imirt maidir le cóitseálaithe a fhorbairt in Éirinn ar bhonn uile-oileánda. Agus muid ag obair i gcomhpháirtíocht lenár gComhlachtaí Náisiúnta Rialaithe don Spórt agus leis an earnáil spóirt níos leithne, stiúrann Aonad Cóitseála Spórt Éireann an obair chun clár tacaíochta oideachais ardchaighdeáin a chur chun feidhme do chóitseálaithe agus do theagascóirí.

Tá Spórt Éireann iontach buíoch ar fad as an tacaíocht a thug an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Shane Ross, agus an tAire Stáit Turasóireachta agus Spóirt, Brendan Griffin, dúinn sa bhliain 2018 thar ceann an Rialtais. Chuir sin ar ár gcumas leanúint ar aghaidh lenár misean chun caighdeáin a fheabhsú sa spórt ardfheidhmíochta agus rátaí rannphháirtíochta a mhéadú.

Trí mhéadú nach beag ar an mbuiséad i gcomhair 2019, tá an Rialtas tar éis freagairt ar bhealach an-dearfach don chás a rinne Spórt Éireann agus pobal spóirt na hÉireann le tiomantas leathan don spórt agus don ghníomhaíocht fhisiciúil. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh tacaíocht mhaith ag ár CNRanna agus CÁSanna agus ciallaíonn an méadú ar chistiú i gcomhair 2019 go mbeidh ár gcomhlachtaí cistithe i riocht maith chun a gcuid cuspóirí a chomhlíonadh agus muid ag breathnú i dtreo Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha 2020 agus rannphháirtíocht sa spórt a mhéadú go náisiúnta agus i gcomórtais idirnáisiúnta araon.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas agus ómós a thabhairt do Choiste Feidhmiúcháin Spórt Éireann, do mo chomhchleacaithe ar an mBord agus do na Comhaltaí Coiste. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Graham Doyle, Ard-Rúnaí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le Ken Spratt, an Rúnaí Cúnta, agus lena gcuid ball foirne as an gcúnamh agus an tacaíocht leanúnach a thugann siad dúinn.

**Kieran Mulvey**

## Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Is é seo an tuarascáil bhliantúil ó Spórt Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.

Tá sí á cur faoi bhráid an Aire Spóirt mar a cheanglaítear faoi alt 17 den Acht um Spórt Éireann, 2015.

Leagtar amach sa tuarascáil seo na príomhghnéithe den obair a dhéanann Spórt Éireann, lena n-áirítear;

- an líon daoine a ghlacann páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil
- ardfheidhmíocht a chothú trína chinntiú go dtiocfaidh feabhas ar fheidhmíocht na hÉireann sa scothspórt idirnáisiúnta; agus
- acmhainneacht na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa scothspórt idirnáisiúnta; agus
- leanúint le Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann a fhorbairt

Tá áit lárnach ag obair na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na gComhpháirtíochtaí Áitiúla maidir le Spórt Éireann. Baineann tábhacht rímhór lena chinntiú go mbeidh na tacaí riachtanacha i bhfeidhm acu chun torthaí agus cuspóirí na hinfheistíochta a fhaigheann siad, a sheachadadh.

Bhí tuairisc dhearfach ann ó thaobh cúrsaí rannpháirtíochta sa bhliain 2018, agus an nuacht ba dhéanaí ó Mhonatóir Spóirt na hÉireann ag léiriú go bhfuil an bhearna inscne ó thaobh na rannpháirtíochta spóirt níos cúinge ná mar a bhí uair ar bith ó tugadh Monatóir Spóirt na hÉireann isteach sa bhliain 2007, agus leanann líonra na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar aghaidh le bheith ag seachadadh raon leathan clár a dhíríonn ar níos mó daoine a tharraingt isteach i mbun gníomhaíochta ar bhonn rialta. Bhí Spórt Éireann in ann cistiú forleathan a dháileadh trí Chiste na gCuntas Díomhaoin agus tríd an gCiste Éire Shláintiúil arís, rud lena léirítear cur chuige comhleanúnach trasna ranna Rialtais chun sochair an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla a aithint.

Tá ról tábhachtach le himirt ag an spórt maidir le leibhéil ghníomhaíochta fisiciúla a mhéadú laistigh de n

daonra agus, ar an mbealach sin, déanann sé rannchuidiú mór le sláine agus folláine an náisiúin.Mar a léirítear sa tuarascáil seo, tugann an líon rannpháirtithe sa spórt agus i ngníomhaí ocht fhisiciúil ar fud na tíre ar fad misneach dúinn. Tá an méid sin mar fhianaise ar na clá ir rannpháirtíochta atá ar bun ag na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ag na Comhpháirtí ochtaí Áitiúla Spóirt.

Ó thaobh cúrsaí frithdhópála, bliain dheacair eile a bhí ann sa bhliain 2018 maidir leis an troid dhomhanda i gcoinne na dópála sa spórt. Is iomaí uair a tháinig muid le chéile lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta chun ár ndearcaí a chur in iúl faoin mbealach a láimhsíodh scannal dópála na Rúise, faoin mbealach a caitheadh le lúthchleasaithe agus faoi na saincheisteanna rialachais atá sa Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil (GDFD). Tá súil againn go mbeidh cúrsaí níos dearfaí sa bhliain 2019 ó thaobh cúrsaí idirnáisiúnta. Sa bhaile, chuir Spórt Éireann béim mhór ar ár gclár oideachais frithdhópála a láidriú, agus CRNanna á gcumhachtú chun cinntiú go mbeidh gach lúthchleasaí agus cóitseálaí ar an eolas faoin riosca agus faoi na hoibleagáidí. Ar leibhéal riaracháin, bhí ríméad orainn gur fógraíodh go bhfuil iomlán Chód na GDFD á chomhlíonadh againn sa bhliain 2018.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí Shane Ross, an tAire Iompair, Turasóirteacht agus Spóirt, Brendan Griffin, an tAire Stáit um Thurasóireacht agus Spórt, agus le hoifigigh na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus d'fhoireann Spórt Éireann i rith 2018 ar fad maidir le cás láidir a dhéanamh ar son na hinfheistíochta méadaithe sa spórt. Beidh fíorthionchar ag an gcistiú a daingníodh ar earnáil spóirt na hÉireann, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann méadú suntasach a dhéanamh ar chistiú dár n-eagraíochtaí cisitithe sa bhliain 2019.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Bord agus baill foirne Spórt Éireann as an mbarr fe abhais abhaineann siad amach go leanúnach agus a gcuid dualgas á gcur i gcrích acu.

**John Treacy**

## Bord Spórt Éireann

### Kieran Mulvey

Tá Kieran Mulvey ina Chathaoirleach ar Spórt Éireann. Bhí sé ina Ard-Stiúrthóir ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ón mbliain 1991 go dtí an bhliain 2016. Bhí sé ina Ard-Rúnaí ar Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire, agus ar Chónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile roimhe seo. Tá sé ina stiúrthóir ar *Independent News and Media* agus ina Chathaoirleach ar *Adare Human Resources*. Tá Kieran ina Chomhalta d'Institiúid Oideachais na hAlban agus tá sé ina Chomhalta Oinigh den Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt. Sealbhaíonn Kieran Dochtúireachtaí Oinigh ó Ollscoil na hÉireann agus ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Thug sé faoi roinnt tionscadal thar ceann an Rialtais, an Aontais Eorpaigh agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.

### Bernard Allen

Ceapadh Bernard Allen chuig Dáil Éireann den chéad uair sa bhliain 1981 agus choinnigh sé a shuíochán ag gach olltoghchán ina dhiaidh sin go dtí go ndeachaigh sé ar scor sa bhliain 2011. Agus é ina urlabhraí binse tosaigh um Shláinte, um Leas Sóisialach, um Chomhshaol agus Rialtas Áitiúil, um Ghnóthaí Eachtracha agus um Thurasóireacht, Spórt agus Áineas, ceapadh Bernard mar Aire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Comhshaoil le freagracht speisialta as an Óige agus an Spórt. Tá Bernard ina chomhalta d'Aontas Galf Dhá Mhaide na hÉireann, de Bhol-Chumann na hÉireann, d'Aontas Gailf na hÉireann, de Chumann Lúthchleas Gael agus de Chumann Peile na hÉireann. Bhí Bernard ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.

**Seán Benton (*go dtí 30 Meán Fómhair 2018*)**

Tá Seán ina Chathaoirleach ar Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire, Crois Araild agus an Charraig Dhubh. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an mBord Oideachais agus Airgeadais agus ar Oifig na nOibreacha Poiblí roimhe seo. D'oibrigh sé mar Choimisinéir ar Oifig na nOibreacha Poiblí agus mar Stiúrthóir Airgeadais ag an Roinn Sláinte freisin. Bhí Seán ina chomhalta boird d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt.

**Lynne Cantwell** ***(ón 19 Deireadh Fómhair 2018)***

Is í Lynne Cantwell an bhean is minice a chaith caipín ar son rugbaí na hÉireann agus tá sí ina hiar-Leaschaptaen & ina hiar-Chaptaen d'fhoireann na hÉireann le seachtar & cúigear déag an taobh. Bhí sí ina hionadaí ar Éirinn 86 huaire i gcaitheamh 13 bliana agus bhí sí ina comhcheannasaí ar iarracht na hÉireann chun idir Thrí Chraobh na Sé Náisiún, theideal na hIlchraoibhe agus bhua ar Sheaimpíní an Domhain, an Nua-Shéalainn 2013/14, a bhuachan den chéad uair. Lean sí ar aghaidh le bheith ina hionadaí don chluiche agus ag cabhrú leis an gcluiche a thabhairt chun cinn ó d'éirigh sí as.

**Roy Dooney**

Tá Roy ina Chathaoirleach ar *NSCDA Operations Company* Teo. Is Sainchomhairleoir Cumarsáide ó thaobh gairme é. Bhí Roy ina chomhalta den Ghrúpa um an Straitéis Náisiúnta Spóirt ón mbliain 1995 go dtí an bhliain 1997. Bhí sé ina Choimisinéir ar Shraith Eircom roimhe seo. Is iar-lúthchleasaí idirnáisiúnta é, a rinne ionadaíocht d'Éirinn mar reathaí ag comórtais Mharatóin, Bhóthair agus Trastíre ar leibhéal Eorpach agus Domhanda araon. Bhí sé ina chomhalta comhthofa de Bhord Lúthchleasaíocht Éireann. Bhí Roy ina chomhalta boird d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt.

**Mary Dorgan**

Chuaigh Mary Dorgan ar scor ón bpost mar Phríomhfheidhmeannach Cúnta ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Chuaigh sí isteach san Údarás ó Chriostal Phort Láirge, áit ar shealbhaigh sí an ról mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna. D'fhóin Mary ar a lán Bord agus coistí roimhe seo, agus í ag obair leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha le déanaí agus tá sí ar bhord Ealaíona Leighis Phort Láirge faoi láthair.

**Frances Kavanagh (*go dtí 30 Meán Fómhair 2018*)**

Tá Frances Kavanagh ina Stiúrthóir Sinsearach um Spórt le Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann. Bhí sí ina Stiúrthóir um Spórt agus Comórtais do Chomórtas Domhanda Samhraidh na gCluichí Oilimpeacha Speisialta sa bhliain 2003. D'fhóin sí ar a lán coistí agus bord agus í ag déanamh ionadaíocht do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta ar leibhéal Náisiúnta, Eorpach agus Idirnáisiúnta. Bhí sí ina comhalta boird de Chónaidhm Spóirt na hÉireann agus ina hUachtarán ar an gCónaidhm roimhe seo. Bhí Frances ina comhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.

**Olive Loughnane (*ón 10th Lúnasa 2018*)**

Bhí Olive i mbun comórtais mar lúthchleasaí ardfheidhmíochta ó 2000 – 2013. Tháinig sí chun bheith ina Seaimpín Lúthchleasaíochta an Domhain sa bhliain 2009. Bhí sí ina hionadaí ar Éirinn ag ceithre Chluichí Oilimpeacha i ndiaidh a chéile. Ó d'éirigh sí as an spórt iomaíoch sa bhliain 2013, bhí Olive ina ball de Choiste Ardfheidhmíochta Spórt Éireann. Oibríonn sí mar Staitisteoir sa Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) faoi láthair agus fostaíodh í in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste agus le *Kerry Group* Cpt roimhe. Tá Baitsiléir Tráchtála aici chomh maith le Céim Mháistreachta sa Cheannaireacht agus Straitéis.

**John Maughan**

Bhí John Maughan ina Bhainisteoir Peile Sinsir, a bhí i gceannas ar Fhoirne Contae Mhaigh Eo, an Chláir, Ros Comáin agus Fhear Manach. Thug sé a fhoireann chuig Cluiche Ceannais Sinsir Uile-Éireann sna blianta 1996, 1997 agus 2004. Spreag John an Clár chun Craobh Peile na Mumhan

a bhuachan don dara huair sa bhliain 1992. Bhainistigh sé foireann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i gCorn *Sigerson* freisin. Shealbhaigh John an ról mar Chaptaen le hÓglaigh na hÉireann agus tá sé fostaithe mar Oifigeach Soláthair le Comhairle Contae Mhaigh Eo faoi láthair. Oibríonn sé mar anailísí peile le Raidió RTÉ freisin. Bhí John ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.

**Pádraic Moran (*ón 10 Lúnasa 2018*)**

Fuair Pádraic bonn faoi dhó mar Lúthchleasaí Parailimpeach agus iar-sheaimpín domhanda atá ann i spórt Boccia. Tá breis is 20 bliain de thaithí aice ar chomórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta agus saibhreas eolais aige trasna na hearnála spóirt do dhaoine le míchumais. Seachas taithí forleathan i ndisciplíní reatha, tá sé tar éis a bheith ag cabhrú le Peil na gCathaoireacha Cumhachta a fhorbairt in Éirinn le déanaí. D'oibrigh sé le *Youth Sport Trust UK* agus tá sé ag obair le *East Coast FM* agus *Sky Ireland* faoi láthair.

**Caroline Murphy**

Tá Caroline ina Craoltóir agus ina Síceolaí atá i gceannas ar a Comhlacht Sainchomhairleoireachta Cumarsáide féin. Cuireann sí an clár 'It Says in the Papers' i láthair ar Morning Ireland agus tá sí ag obair i réimse an Chraolacháin Spóirt ar an Raidió agus ar an Teilifís araon le blianta fada anuas. Bhí sí ina comhalta d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt agus rinne sí ionadaíocht don Údarás ar Choiste Ardfheidhmíochta Institiúid Spóirt na hÉireann.

**Patrick O'Connor**

Is Aturnae, Cróinéir, Eadránaí agus Nótaire Poiblí é Patrick O'Connor. Tá sé ina chomhalta de roinnt comhlachtaí gairmiúla agus rialála agus cumann gairmiúil agus rialála, lena n-áirítear Dlí-Chumann na hÉireann, Institiúid Chairte na nEadránaithe, an Binse Meabhair-Shláinte agus Painéil Araíonachta Chumann Rugbaí an Domhain, Chraobh na Sé Náisiún agus Chumann Rugbaí na hÉireann. D'fhóin Patrick mar chomhalta, mar chathaoirleach agus mar stiúrthóir le raon leathan eagraíochtaí gairmiúla, spóirt agus daonchairdiúla roimhe seo. Áirítear leo sin Bord Bainistíochta Phobalscoil Louis, Teach Dóchais, Cumann na hÉireann um Eolaíocht an Fhéinmharaithe, an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha, Bord na Seirbhíse Cúirteanna agus Comhairle Preasa na hÉireann.

Shealbhaigh sé oifigí éagsúla laistigh de Dhlí-Chumann na hÉireann. Ba é oifig an Uachtaráin (1998-99) an ceann ba shuntasaí díobh. Bhí Patrick ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann

**Roger O'Connor (*ón 10 Lúnasa 2018*)**

Tá ardcháilíochtaí ag Roger mar oibrí airgeadais gairmiúil, agus Baitsiléir Tráchtála agus Céim Mháistreacha sa Riarachán Gnó aige, ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath araon. Bhí sé ina bhall iomlán de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte ó 1997. D'oibrigh sé sa scothspórt gairmiúil ó 2000, agus poist mar Stiúrthóir Bainistíochta agus Ceannaire Airgeadais & Rialacháin ag *ERC* aige chomh maith le bheith ina eagraitheoir agus ina shealbhóir na gceart do chomórtas rugbaí Chorn *Heineken*. Tá sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais ar Ráschúrsa nua-athfhorbartha an Churraigh faoi láthair.

**Gary Ryan *(ón 19 Deireadh Fómhair 2018)***

Is é Gary Ryan Bainisteoir Tionscadail *UL* Beo ag Ollscoil Luimnigh. Bhí sé ina Lúthchleasaí ag na Cluichí Oilimpeacha faoi dhó, bhuaigh sé bonn óir ag an gCraobhchomórtas Domhanda faoi Dhíon, iar-Stiúrthóir Cóitseála i gcomhair Lúthchleasaíocht Éireann is ea é agus bhí sé ina chóitseálaí do lúthchleasaithe agus d'fhoirne ar leibhéal Domhanda, Eorpach agus Oilimpeach do lúthchleasaithe sóisearacha agus sinsearacha araon. Bhí sé ina Cheannasaí Corpacmhainne d'fhoireann Iománaíochta Shinsearach Thiobraid Árann ar feadh roinnt blianta freisin. Bíonn sé ag forbairt comhpháirtíochtaí agus clár sa Spórt agus sa Ghníomhaíocht Fhisiciúil ina ról reatha le hidirchaidreamh ardfheidhmíochta, pobail agus tionscail a théann chun tairbhe do dhaoine aonair, d'eagraíochtaí spóirt, do phobail agus don saol tionscail agus ar aschur múinteoireachta, seirbhíse agus taighde Ollscoil Luimnigh.

**Liam Sheedy**

Tá Liam Sheedy ina Bhainisteoir Réigiúnach le Banc na hÉireann. D'imir sé le foireann iomána Thiobraid Árann agus bhuaigh sé Craobh Mionúr Uile-Éireann mar bhainisteoir ar an gcontae sa bhliain 2006. Bhuaigh sé an tSraith Náisiúnta uair amháin agus Craobh na Mumhan dhá uair ar leibhéal sinsir sular bhuaigh sé Craobh Uile-Éireann sa bhliain 2010. Tá sé ina anailísí iomána ar The Sunday Game ar RTÉ freisin. Bhí Liam ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.

**Freastal na gComhaltaí ar Chruinnithe Boird sa bhliain 2018**

Thionóil Spórt Éireann 9 gcruinniú sa bhliain  2018.

| Comhalta | Iomlán |
|---|---|
| Kieran Mulvey | 9 |
| Bernard Allen | 9 |
| Seán Benton** | 6 |
| Lynne Cantwell*** | 2 |
| Roy Dooney | 9 |
| Mary Dorgan | 8 |
| Frances Kavanagh** | 5 |
| Olive Loughnane* | 3 |
| John Maughan | 9 |
| Padraic Moran* | 3 |
| Caroline Murphy | 7 |
| Patrick O'Connor | 8 |
| Roger O'Connor* | 4 |
| Gary Ryan*** | 2 |
| Liam Sheedy | 6 |

** Ceapadh Olive Loughnane, Roger O'Connor agus Pádraic Moran ar Bhord Spórt Éireann an $10^{ú}$ Lúnasa 2018.*

*** Chuaigh téarmaí Sheán Benton agus Frances Kavanagh in éag an $30^{ú}$ Meán Fómhair 2018.*

**** Ceapadh Gary Ryan and Lynne Cantwell araon ar an mBord an $19^{ú}$ Deireadh Fómhair 2018.*

## Baill Foirne Spórt Éireann

| |
|---|
| **Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** |
| John Treacy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| **Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha agus Cumarsáid** |
| Jason McLoughlin, Stiúrthóir Airgeadais, Seirbhísí Corparáideacha agus Cumarsáide |
| Joanna Gurtman, Bainisteoir Airgeadais |
| Tayo Brown, Feidhmeannach Airgeadais agus Soláthair |
| Nicola Connolly, Feidhmeannach Airgeadais |
| Colm McGinty, Rúnaí don Bhord agus Stiúrthóir Clár Straitéiseach |
| David Gash, Bainisteoir Cumarsáide |
| **Rannpháirtíocht agus Eitic** |
| Una May, Stiúrthóir Rannpháirtíochta agus Eitice |
| Siobhan Leonard, Stiúrthóir Frithdhópála agus Eitice |
| Gerard Nowlan, Oifigeach um Eolaíocht Frithdhópála |
| Melissa Morgan, Tástáil Frithdhópála agus Bainisteoir Cáilíochta |
| Janine Merriman, Feidhmeannach Frithdhópála |
| Bernie Priestley, Bainisteoir Cód Eitice |
| Colin Murphy, Oifigeach Cód Eitice agus Faisnéise |
| Emma Jane Clarke, Bainisteoir Comhpháirtíochtaí agus Rialachais |
| Benny Cullen, Bainisteoir Comhpháirtíochtaí agus Rialachais |
| Brian Staunton, Feidhmeannach Comhpháirtíochtaí Spóirt |
| Cormac MacDonnell, Bainisteoir Conairí Náisiúnta |
| **Ardfheidhmíocht agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta** |
| Paul McDermott, Stiúrthóir Ardfheidhmíochta agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta |
| Niamh O'Sullivan, Bainisteoir na gClár Ardfheidhmíochta agus Pleanála |
| Erika Murphy, Bainisteoir Deontas |
| Peter Brosnan, Feidhmeannach Ardfheidhmíochta |
| Shane Califf, Bainisteoir Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta |
| Melanie Lettis, Feidhmeannach Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta |
| Conor Molan, Bainisteoir Monatóireachta agus Meastóireachta Ardfheidhmíochta |
| **Taighde** |
| Peter Smyth, Stiúrthóir Taighde |
| **Aonad Cóitseála Spórt Éireann** |
| Michael McGeehin, Stiúrthóir Aonad Cóitseála Spórt Éireann |
| Deirdre Morrissey, Cúntóir Pearsanta don Stiúrthóir |
| Diarmaid Moloney, Teicneoir TF |
| Sheelagh Quinn, Ceann Seirbhísí Corparáideacha |
| Ann McMahon, Riarthóir |
| Helen Quain, Riarthóir |
| Declan O'Leary, Ceann Seirbhísí Cóitseála |

| |
|---|
| Adrian Byrne, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe |
| Fiona Larkin, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe |
| Hayley Harrison, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe |
| Yvonne Byrne, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe |
| Tony Wright, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe |
| **Institiúid Spórt Éireann** |
| Bernie O'Shea, Fáilteoir |

## Forbhreathnú ar Choistí Spórt Éireann

| Coiste | Ról | An Líon Cruinnithe |
|---|---|---|
| An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh agus bhainistíochta riosca Spórt Éireann; Monatóireacht a dhéanamh ar iomláine na ráiteas airgeadais, agus breithiúnais shuntasacha tuairiscithe airgeadais á n- athbhreithniú; Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá feidhm iniúchóireachta inmheánaí Spórt Éireann. | 4 |
| An Coiste Ardfheidhmíochta | Cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le nithe straitéiseacha, infheistíochta agus oibriúcháin a bhaineann leis an gClár Ardfheidhmíochta agus le hInstitiúid Spóirt na hÉireann. | 4 |
| An Coiste um Dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta | Breithniú a dhéanamh ar dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus iad a mholadh ar bhonn bliantúil. | 2 |
| An Coiste Frithdhópála | Cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna, lena n-airítear cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le beartais a cheapadh a bhaineann leis na trí shnáithe tástála, oideachais agus taighde a cheanglaítear faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa in aghaidh na Dópála, 1989, agus cúnamh agus comhairle a thabhairt do bhaill foirne Spórt Éireann maidir le beartais a chur i ngníomh. | 3 |
| An Coiste Cóitseála | Comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir leis an mbeartas agus an straitéis le haghaidh Cóitseáil a fhorbairt ar oileán na hÉireann. | 3 |
| An Coiste Taighde | Formhaoirseacht a dhéanamh ar chlár taighde Spórt Éireann agus tuairisc a thabhairt do Spórt Éireann ar nithe a bhaineann leis an gclár. | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| Coiste an Champais Náisiúnta Spórt | Is é cuspóir Choiste an Champais Náisiúnta Spórt is to cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena chuid feidhmeanna a bhaineann le campas náisiúnta spórt a fhorbairt ar an láithreán, de réir mhír 6(4)(a) de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Spórt Éireann, 2015. | 5 |
| An Coiste Incháilitheachta | Is é ról an Choiste Incháilitheachta moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le cé acu a shásaíonn nó nach sásaíonn eagraíochtaí is iarratasóir na critéir incháilitheachta arna gcomhaontú ag an mBord. | 1 |
| An Grúpa Stiúrtha um Fhor-mhaoirseacht a Dhéanamh ar an Tacaíocht ón Rialtas do Pheil Ghaelach na mBan agus do Chamógaíocht | Formhaoirseacht a dhéanamh ar an tacaíocht ón Rialtas do Pheil Ghaelach na mBan agus do Chamógaíocht. | 2 |

## An tAonad Ardfheidhmíochta

Tugann Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann cúnamh do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le linn dóibh a gcláir ardfheidhmíochta a sholáthar. Cabhraíonn na cláir ardfheidhmíochta sin le lúthchleasaithe agus le foirne babhtaí ceannais a shroicheadh agus boinn a bhuachan ar leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach. Comhlíonann an tAonad Ardfheidhmíochta roinnt feidhmeanna difriúla, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- **Cistiú do Chláir Ardfheidhmíochta -** Infheistíocht bhliantúil a sholáthar do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ionas gur féidir leo a bpleananna feidhmíochta a chur i ngníomh
- **Monatóireacht agus Meastóireacht -** Feidhmíocht lúthchleasaithe agus foirne a rianú agus a anailísiú idir an leibhéal sóisearach agus an leibhéal sinsearach. Athbhreithniú ar feadh an chórais ar fad a dhéanamh ar an tréimhse ceithre bliana díreach roimh na Cluichí. Deiseanna a shonrú chun feabhsuithe gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a dhéanamh laistigh den chóras ardfheidhmíochta.
- **Cistiú do Lúthchleasaithe go Díreach** - Cistiú a sholáthar do lúthchleasaithe spriocdhírithe chun tacú lena gcláir thraenála agus chomórtais
- **Comhpháirtíochtaí le Geallsealbhóirí -** Obair go dlúth le geallsealbhóirí tábhachtacha chun an chuid is fearr a bhaint as na deiseanna comhair atá ann laistigh den chóras ardfheidhmíochta agus a chinntiú go mbeidh a gcuid oibre ar comhréim leis an mbeartas ardfheidhmíochta

**<u>Cistiú Ardfheidhmíochta</u>**

Féachann Spórt Éireann le 80% den Chistiú a bhíonn ar fáil ón gClár Ardfheidhmíochta a sholáthar do na deich gclár ardfheidhmíochta is fearr. Léirítear ár n-aidhm straitéiseach leis sin chun infheistíocht a dhéanamh le fócas soiléir ar spóirt ardphoitéinsil.

Ag tús 2018, d'fhógair Spórt Éireann €7.24m de Chistiú do Chláir Ardfheidhmíochta. Leithdháileadh seo ar 21 Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta chun tacú leo a gCláir Ardfheidhmíochta a chur i ngníomh sa bhliain 2018. Tugadh an infheistíocht seo chun cinn trí €1.5m breise a leithdháileadh i mí Lúnasa 2018. Soláthraíodh an cistiú breise seo chun ullmhúchán na spórt i gcomhair Chluichí Thóiceo a bhreisiú tuilleadh agus leithdháileadh é ar raon gníomhaíochtaí a bhí ina ndliteanais laistigh den chóras ardfheidhmíochta.

San iomlán, leithdháil Spórt Éireann €475,000 ar Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann sa bhliain 2018. Ón bpacáiste cistithe iomlán seo, leithdháileadh €175,000 tríd an gcistiú breise a fuarthas i mí Lúnasa 2018 a soláthraíodh chun pleanáil a thabhairt chun cinn d'Fhoireann na hÉireann i dTóiceo 2020. Le hinfheistíocht Spórt Éireann do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann, tugtar tús áite do ghníomhaíochtaí a bhain le feidhmíocht a rachadh chun tairbhe do lúthchleasaithe Éireannacha go díreach agus go hindíreach araon. Thacaigh Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann le Foireann na hÉireann in imeachtaí móra spóirt sa bhliain 2018 lenar áiríodh Cluichí Oilimpeacha an Gheimhridh sa Chóiré Theas agus Cluichí Oilimpeacha na hÓige san Airgintín. Le Cluichí Oilimpeacha na hÓige, bhain Éire aon bhonn airgid amach chomh maith le dhá bhonn chré-umha.

Leithdháil Spórt Éireann €497,500 de chistiú ar Chumann Parailimpeach na hÉireann chun tacú lena chuid costas riaracháin agus oibriúcháin. As an bpacáiste cistithe iomlán seo, leithdháileadh €100,000 tríd an gcistiú breise a fuarthas i mí Lúnasa 2018 a soláthraíodh chun pleanáil a thabhairt chun cinn d'Fhoireann na hÉireann i dTóiceo 2020. Soláthraíonn Spórt Éireann cistiú ón gClár Ardfheidhmíochta do Chumann Parailimpeach na hÉireann freisin lena n-éascaítear leo a gclár para a sheachadadh (€665,000 sa bhliain 2018). Is é príomh-shainchúram Chumann Parailimpeach na hÉireann ná clár Ardfheidhmíochta a fhorbairt agus a sheachadadh agus maoirseacht á déanamh acu ar Fhoireann na hÉireann a phleanáil agus a chomhordú le haghaidh na gCluichí Parailimpeacha ag an am céanna freisin.

D'óstáil Cumann Parailimpeach na hÉireann Craobhchomórtais Phara-Shnámha na hEorpa sa bhliain 2018 san Ionad Náisiúnta Uisce i mBaile Átha Cliath. D'éirigh le Cumann Parailimpeach na hÉireann imeacht para-shnámha den chéad scoth a sheachadadh sa bhaile in Éirinn do scoth-shnámhóirí na hEorpa. Bhain Cumann Parailimpeach na hÉireann 3 bhonn amach ag na Craobhchomórtais Phara-Shnámha Eorpacha seo agus 9 mbonn ag Craobhchomórtais Phara-Shnámha na hEorpa i Londain.

**<u>Monatóireacht & Meastóireacht</u>**

*Boinn Idirnáisiúnta*

Bliain an-rathúil ab ea 2018 don spórt ardfheidhmíochta in Éirinn. Fuarthas 77 bonn ag comórtais aitheanta Domhanda nó Eorpacha ar na leibhéil shóisearacha agus shinsearacha araon de bharr clár ar thacaigh Spórt Éireann leo.

As measc iomlán na mbonn seo, is ar leibhéal Craobhchomórtais Domhanda sinsearach a baineadh 6 bhonn amach, in imeachtaí a bheidh ina gcuid de Chluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Thóiceo 2020.

Measann Spórt Éireann gur toradh sásúil ar infheistíocht é 200 bonn mór a bheith bainte amach in imeacht thimthriall 4 bliana na gCluichí. Leis na boinn a gnóthaíodh sa bhliain 2018, táthar ag leanúint ar aghaidh leis na torthaí láidre a fuarthas sa bhliain 2017, arbh í siúd bliain 1 de thimthriall Thóiceo (72 bonn).

| **Miondealú na mbonn de réir leibhéal an chomórtais** | |
|---|---|
| Boinn ar leibhéal sinsearach: | 33 |
| Boinn ar leibhéal sóisearach/óige: | 44 |

| **Miondealú na mbonn de réir inscne** | |
|---|---|
| Boinn buaite ag fir: | 26 |
| Boinn buaite ag mná: | 44 |
| Boinn buaite ag foirne measctha: | 7 |

Dhá ócáid fíorshuntasach maidir le feidhmíocht sa bhliain 2018 ab ea nuair a shroich foireann Haca Éireannach na mBan babhta ceannais Chorn *FIH* an Domhain i Londain agus an bonn airgid a bhuaigh Foireann Seómharcaíochta na hÉireann ag Cluichí Eachaíochta an Domhain i gCarolina Thuaidh, rud a d'fhág gur daingníodh áit dóibh ag Cluichí Oilimpeacha 2020.

Bhuaigh lúthchleasaithe boinn i gcraobhchomórtais domhanda sa Dornálaíocht (Kellie Harrington), sa Phara-Rothaíocht (Katie-George Dunleavy & Eve McCrystal), sa Rámhaíocht (Sanita Puspure, Paul O'Donovan agus Gary O'Donovan), agus san Eachspórt (Foireann Seómharcaíochta agus Pádraig McCarthy) go sonrach in imeachtaí Oilimpeacha agus Parailimpeacha.

Tá spré na mbonn trasna na spórt ar leibhéil shinsearacha agus shóisearacha araon ina ábhar suntais agus boinn bainte amach sa Lúthchleasaíocht, san Eachspórt (Seómharcaíocht agus Seóléimneach), Dornálaíocht, Para-Lúthcleasaíocht, Para-Shnámh, Para-Rothaíocht, Rámhaíocht, Peantatlan Nua-Aimseartha, Rothaíocht, Seoltóireacht, Canúáil, Gleacaíocht, Rugbaí Seachtar an Taobh, Haca, Badmantan, agus Galf. Ar an iomlán, b'ionann an fheidhmíocht sa bhliain 2018 agus dul chun cinn láidir i gcóras ardfheidhmíochta na hÉireann agus tá an fócas sa bhliain 2019 ag aistriú anois chuig cáiliú agus ullmhú i gcomhair Thóiceo 2020.

*An Coiste Ardfheidhmíochta*

Is é aidhm an Choiste Ardfheidhmíochta i Spórt Éireann cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt

Éireann maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoi alt 8(1) den Acht um Spórt Éireann, 2015, de réir

mar a bhaineann siad le barr feabhais a bhaint amach sa spórt iomaíoch. Chun an méid sin a dhéanamh, tá sé de chúram ar an gCoiste comhairle a thabhairt maidir le pleanáil straitéiseach agus oibriúcháin an Aonaid Ardfheidhmíochta agus Institiúid Spórt Éireann. Féachann Spórt Éireann ar an

gCoiste mar shamhail dea-chleachtais rialachais.

San áireamh sa Choiste Ardfheidhmíochta tá ionadaithe ó Bhord Spórt Éireann; Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann; Cumann Parailimpeach na hÉireann; Spórt Thuaisceart Éireann; chomh maith le daoine eile a bhfuil saineolas sonrach acu i ndáil le spórt Ardfheidhmíochta.

*Straitéis Ardfheidhmíochta*

Faoi mar a dúradh i mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 de chuid Rialtas na hÉireann, tá sé curtha de chúram ar Spórt Éireann forbairt straitéise nua don spórt ardfheidhmíochta in Éirinn a stiúradh. Forbrófar an straitéis ardfheidhmíochta nua ar aon dul leis na paraiméadair a bhfuil mionsonraí fúthu sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Treo an spóirt ardfheidhmíochta san fhadtéarma a shainmhíniú
- Targaidí uaillmhianacha soiléire a leagan amach maidir le boinn i gcaitheamh trí thimthriall Oilimpeacha/Parailimpeacha
- Cur chuige ilbhliantúil a fhorbairt i leith cistiú ardfheidhmíochta bunaithe ar an tiomantas maidir le hinfheistíocht mhéadaithe ón Rialtas sa spórt ardfheidhmíochta
- Córas srathach spóirt a fhorbairt ina mbeidh líon chomh mór le 12 spórt ar a mhéad agus meicníochtaí chun tacú leis an bpoitéinseal maidir le boinn Oilimpeacha/Parailimpeacha lasmuigh den chóras srathach
- An t-ailíniú straitéiseach idir Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Institiúid Spórt Éireann, agus Institiúid Spóirt Thuaisceart Éireann a shainmhíniú
- Cloí leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde maidir le gach clár ardfheidhmíochta
- Tionscnaimh chun leas lúthchleasaithe a fheabhsú le linn a ngairmréime lúthchleasaíochta agus le linn an aistrithe ina diaidh

- Monatóireacht agus meastóireacht fhócasaithe ar an spórt ardfheidhmíochta

Faoi mar a luadh sa Bheartas Náisiúnta Spórt, tá roinnt cáipéisí straitéiseacha curtha i gcrích ag Spórt Éireann lenar tugadh spórt ardfheidhmíochta chun cinn go mór agus lenar leagadh amach na chéad chéimeanna eile chun an córas a thabhairt chun cinn. Áirítear na cáipéisí straitéiseacha buntábhachtacha seo a leanas leis na cinn a tháirg Spórt Éireann le linn timthriallta le déanaí: Athbhreithniú ar an Scéim Cardála Idirnáisiúnta (2011), Faisnéisiú tar éis Londain 2012, Athbhreithniú Rio 2016, Próiseas Infheistíochta Thóiceo 2018-2020 (2017), agus Straitéis Institiúid Spórt Éireann 2018-2024 (2018). Soláthraíonn na cáipéisí seo mionsonraí suntasacha faoi stádas reatha an chórais, leagtar amach an treo straitéiseach don spórt ardfheidhmíochta, agus tá siad ailínithe leis na paraiméadair laistigh den Bheartas Náisiúnta Spóirt.

Tionscnaíodh an tionscadal forbartha straitéise i mí Mheán Fómhair 2018 agus déanann Grúpa Oibre Ardfheidhmíochta Straitéiseach maoirseacht air. Is é Spórt Éireann atá ina chathaoirleach ar an nGrúpa Oibre seo agus tá sé comhdhéanta d'ionadaí ó Spórt Thuaisceart Eireann; Comhlachtaí Rialaithe Náisiunta spóirt; an Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt; Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann; Cumann Parailimpeach na hÉireann; agus Coimisiún na Lúthchleasaithe. Tharla roinnt seisiún comhairliúcháin le geallsealbhóirí éagsúla sa 4ú ráithe de 2018, agus rinneadh taighde cuimsitheach ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Tabharfar an straitéis chun críche faoin dara ráithe de 2019.

**Cistiú a Tugadh do Lúthchleasaithe go Díreach**

Leithdháil Spórt Éireann €1.9m tríd an Scéim Cardála Idirnáisiúnta sa bhliain 2018. Tugann an Scéim seo tacaíocht dhíreach do lúthchleasaithe ardfheidhmíochta ina dturas i dtreo imeachtaí idirnáisiúnta móra amhail na Craobhchomórtais Eorpacha is Domhanda, agus Cluichí Oilimpeacha nó Parailimpeacha. Dámhtar cardáil go príomha chun freastal ar na costais a thabhaíonn lúthchleasaí le linn a c(h)láir thraenála agus chomórtais. Is costais iad sin nach gcistíonn a gComhlacht Rialaithe Náisiúnta iad ar shlí eile. Is scéim chritéirbhunaithe í an Scéim Cardála Idirnáisiúnta agus tá sí aitheanta mar bhealach inar féidir clár feidhmíochta aonair an lúthchleasaí a fheabhsú.

Sa bhliain 2018, cheadaigh Spórt Éireann athrú tábhachtach ar an Scéim Cardála i gcomhair an dá bhliain a bhí fágtha de thimthriall Thóiceo, 2019 agus 2020. Leis an athrú seo, beidh cinnteacht ag lúthchleasaithe faoi chistiú ar feadh dhá bhliain sa bhliain 2019 agus 2020. Is é an tairbhe is tábhachtaí a thagann as an athrú seo go mbeidh lúthchleasaithe in ann díriú go hiomlán ar cháiliú agus ar fheidhmíocht le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha, agus laghdófar an brú diúltach a bhaineann le bheith sa tóir ar chritéir chistithe.

Leithdháil Spórt Éireann cistiú €200,000 ar Scéim Ghalf Fhoireann Éireann in 2018. Tacaíonn an Scéim seo le galfairí gairmiúla atá ag teacht chun cinn ó thaobh a n-iarrachtaí iad fhéin a dhaingniú mar imreoirí rialta ar na príomh-chamchuairteanna idirnáisiúnta. Caithfidh imreoirí, a lorgann áit ar an Scéim, na critéir fhoilsithe a chomhlíonadh. Tairgtear roinnt tacaí leis an Scéim d'imreoirí lena n-áirítear: cistiú d'imreoirí go díreach; túis in imeachtaí Thuras Dúshláin na hEorpa; saineolas cóitseála; agus rochtain ar Institiúid Spórt Éireann.

**<u>Comhpháirtíochtaí le Geallsealbhóirí</u>**

*Tóiceo 2020*

Sa bhliain 2018, d'fhógair Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Spórt Éireann comhaontú comhpháirtíochta ceannródaíoch, a raibh lúthchleasaithe sa lár ann, chun tacaíocht feidhmíochta a sheachadadh don treimhse 2018-2022. Leis an gcomhpháirtíocht nua seo, seachadófar clár tacaíochta feidhmíochta cuimsitheach d'Fhoireann Éireann, lena n-áireofar scileanna saoil do lúthchleasaithe, eolaíocht agus míochaine spóirt chomh maith le gníomhaíochtaí ullmhachta éagsúla le haghaidh Cluichí, roimh, i rith agus i ndiaidh thréimhse na gCluichí.

Tá ullmhúcháin ag na Foirne Oilimpeacha agus Parailimpeacha araon i gcomhair Tóiceo 2020 tagtha chun cinn go maith anois. D'fhógair Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann gurb é Cathair Fukuroi sa tSeapáin a óstálfaidh an Campa Traenála Réamh-Chluichí ag Foireann na hÉireann agus tá Cathair Narita sa tSeapáin sonraithe ag Cumann Parailimpeach na hÉireann mar a mbunáit ullmhúcháin roimh na Cluichí.

Aithnítear go mbeidh Cluichí Thóiceo costasach d'Fhoireann Éireann. Dá ainneoin sin, leanann Spórt Éireann ar aghaidh le bheith ag oibriú go dlúth le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus le Cumann Parailimpeach na hÉireann araon chun na costais sin a shonrú agus a bhainistiú.

Sa bhliain 2018, daingníodh an chéad cháiliú i gcomhair Tóiceo 2020 i spórt na Seómharcaíochta. Chuaigh foireann shonraíoch san iomaíocht thar ceann Eachspórt Éireann ag na Cluichí Eachaíochta Domhanda i mí Mheán Fómhair 2018, mar ar buadh dhá bhonn agus mar ar daingníodh áit cháilithe le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha. Tiocfaidh formhór na ndeiseanna cáiliúcháin chun cinn sa bhliain 2019 agus 2020.

## Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Bíonn na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt ("CRNanna") atá aitheanta ag Spórt Éireann ag lár spórt na hÉireann. Tá rún daingean ag Spórt Éireann earnáil CRN láidir ilghnéitheach a fhorbairt a sheachadann don phobal spóirt in Éirinn. Gníomhaireachtaí seachadta buntábhachtacha is ea na CRNanna do Spórt Éireann chun a chuid spriocanna straitéiseacha agus oibriúcháin a bhaint amach.

Fócas buntábhachtach ag Spórt Éireann is ea a bheith ag cabhrú le CRNanna struchtúir inbhuanaithe éifeachtacha a fhorbairt chun éascú le méadú ar líon na rannpháirtithe agus na n-oibrithe deonacha sa spórt. Infheistíonn Spórt Éireann i CRNanna ar aon dul lena dtosaíochtaí straitéiseacha. Déantar infheistíocht leis an aidhm shonrach go gcinnteofar inbhuanaitheacht fhadtéarmach CRNanna.

Tá obair an Aonaid Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta dírithe ar oibríochtaí leanúnacha, rialachas agus bainistíocht airgeadais na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Imríonn sé ról tábhachtach freisin in idirchaidreamh a dhéanamh le haonaid oibriúcháin eile laistigh de Spórt Éireann, amhail an tAonad Ardfheidhmíochta, an tAonad Cóitseála, an tAonad Rannpháirtíochta agus an tAonad Frithdhópála.

**Forbhreathnú ar an gClár:**

Infheistíocht sna Comhlachtaí Rialaithe

- Sa bhliain 2018, íocadh €10.8 milliún le 57 gComhlacht Rialaithe Náisiúnta mar Chroíchistiú Deontais. Leis an deontas seo, clúdaítear pleananna straitéiseacha agus cláir rannpháirtíochta a chur chun feidhme, forbairt cóitseálaithe, imeachtaí a óstáil, baill foirne ghairmiúla a fhostú agus na costais riaracháin a bhaineann leis an spórt a fhorbairt agus a sheachadadh. Tacaíonn an croíchistiú le Cód Eitice agus Cláir Frithdhópála Spórt Éireann a chur chun feidhme freisin.

- I rith 2018, d'oibrigh Aonad na CRNanna leis an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt, agus leis an Roinn Sláinte chun deiseanna infheistíochta breise a shonrú d'earnáil na CRNanna. Fuarthas tacaíocht bhreise do na CRNanna faoi Scéimeanna Cistithe na gCuntas Díomhain (€1,098,000) agus Éire Shláintiúil (€580,000) araon.

- Cuireadh Cistiú na gCuntas Díomhaoin ar fáil do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun tionscnaimh nuálacha spóirt agus ghníomhaíochta fisiciúla a fhorbairt lena bhféachtar le hoibriú chun tairbhe ceann amháin nó tuilleadh de na cuspóirí seo a leanas:

- Forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta;
- Forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil;
- Daoine faoi mhíchumas (de réir bhrí an Achta um Stádas Comhionann, 2000).

- Féachtar leis an gCistiú ó Éire Shláintiúil le tacú le Comhlachtaí Rialaithe tionscadail agus tionscnaimh a sheachadadh a bheith nuálach, tras-earnálach agus bunaithe ar fhianaise is a thacóidh leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil a chur chun feidhme.

Mná sa Spórt - Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

- Infheistíodh €600,000 i gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta faoin gClár um Mná sa Spórt in 2018.

- Cuireadh an Clár ar bun sa bhliain 2005 chun rannpháirtíocht na mban sa spórt a mhéadú. Cuireann sé na gnéithe dearfacha den spórt agus na tairbhí sláinte a ghabhann leis chun cinn agus tugann sé spreagadh do mhná cóitseáil, obair dheonach a dhéanamh agus dul i mbun róil cheannaireachta laistigh den spórt. Tá sé mar aidhm leis an Tionscnamh um Mná sa Spórt feasacht a mhéadú ar imeachtaí agus tionscadail spóirt na mban freisin.

- Tar éis tionscadail fhorleathain i rith 2018, tá sé i gceist ag Spórt Éireann a Bheartas nua um Mná sa Spórt a sheoladh go luath sa bhliain 2019. Féachtar leis an mbeartas le cur leis an obair shuntasach ar tugadh fúithi sa réimse seo cheana roimhe seo.

- Leanfaidh Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar aghaidh le bheith ina bpáirtithe buntábhachtacha chun cuspóirí Spórt Éireann a sheachadadh sa réimse seo.

Clár Aitheantais

- Feidhmíonn Spórt Éireann próiseas aitheantais d'eagraíochtaí atá ag iarraidh bheith incháilithe do thacaíocht a fháil mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta don Spórt. Leis na critéir aitheantais, leagtar ceanglais íosta síos do gach eagraíocht atá ag iarraidh iarratas a

dhéanamh ar thacaíocht airgeadais ó Spórt Éireann. Rinneadh athbhreithniú ar na Critéir reatha i mí Dheireadh Fómhair 2018.

- Sa bhliain 2018 thug Spórt Éireann aitheantas foirmiúil do Chumann Haca Oighir na hÉireann freisin mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta spóirt, rud a chiallaíonn go mbeidh siad incháilithe anois chun iarratas a chur isteach ar thacaíocht chistithe.

<u>Rialachas</u>

- Faoi mar a leagadh amach i nGníomh 31 den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027, ceanglófar ar gach CRN glacadh leis an gCód Rialachais don Earnáil Phobail, Dheonach agus Charthanais faoi dheireadh 2021. Leanann Spórt Éireann ar aghaidh le bheith ag tacú le CRNanna maidir leis an gcumas Rialachais ina n-eagraíochtaí a chothú roimh an spriocdháta sin.

- D'fhreastail go leor Comhlachtaí Rialaithe ar raon dár gcuid imeachtaí oiliúna saor in aisce don earnáil ar fad i rith 2018 i réimsí Rialachais a bhain leis an gCibearshlándáil, Bainistíocht Rioscaí, an Cód Rialachais a Thuiscint, Cosaint Sonraí agus Prionsabail Dea-Rialachais.

- Bhain roinnt CRNanna leas as oiliúint inmheánach saor in aisce maidir le Rialachas do bhaill Bhoird freisin sna réimsí maidir le róil, freagrachtaí agus an cleachtas rialachais is fearr do Bhoird.

- Soláthraíodh rochtain do CRNanna i rith 2018 ar chlár Ríomhfhoghlama saor in aisce a thacaíonn le heagraíochtaí atá ag glacadh leis an gCód Rialachais. Ba é Ionad Carmichael a d'fhorbair an clár seo agus tá raon modúl oiliúna i gceist leis maidir le rialachas. Lena chois sin, féadfar teacht ar líon mór teimpléad leis an gclár le haghaidh go leor de na cáipéisí agus beartas eagraíochtúla riachtanacha dá dtagraítear sa Chód freisin.

- Is mór an cúnamh do CRNanna, agus iad ar an turas i dtreo a bheith ag glacadh leis an gCód, raon cuimsitheach na dteimpléad in-sainoiriúnaithe in éineacht leis an gcumas comhairle a fháil maidir leis na teimpléid seo a chur in oiriúint tríd an tseirbhís Chomhairliúcháin Rialachais saor in aisce ó Spórt Éireann.

- Leanfaidh Spórt Éireann ar aghaidh le bheith ag cothú an chumais Rialachais san earnáil agus leanfar ar aghaidh leis na seirbhísí seo a leanas a sholáthar saor in aisce chuige sin–

- Oiliúint Rialachais agus Bhainistíochta Rioscaí d'fhostaithe agus do bhaill bhoird, i Seomra Ranga
- Oiliúint rialachais inmheánach do bhaill Bhoird ar bhonn sainoiriúnaithe
- Seimineáir Bhricfeasta lena ndírítear ar Mháistir-Ranganna Rialachais i gcomhar leis an bhForas Riaracháin
- Tacaíocht Ríomhfhoghlama a sholáthar i ndáil leis an gCód Rialachais a thuiscint agus a chur chun feidhme (lena n-áirítear rochtain ar theimpléid agus ar cháipéisí bheartais riachtanacha).
- Seirbhís Chomhairleach a sholáthar saor in aisce (ar an bhfón nó ar aghaidh ar aghaidh) chun déileáil le ceisteanna maidir le gnóthaí a bhaineann le Rialachas

- Faoi mar a bhí amhlaidh an 31 Nollaig 2018, tá 14 CRN tar éis glacadh leis an gCód ina iomláine agus tá 48 CRN eile i mbun an phróisis chuige sin faoi láthair.

- Amhail an bhliain 2018, bhí sásra réiteach díospóide ar áireamh i mbunreacht na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta uile atá aitheanta ag Spórt Éireann. Tacaíonn Spórt Éireann le *Sports Dispute Solutions Ireland* (ar Spórt Cóir Éireann roimhe é), ar feidhm de chuid Chónaidhm Spóirt na hÉireann é, agus is é an sásra réiteach díospóide atá in úsáid ag cuid mhór de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Seirbhís neamhspleách réiteach díospóide do Spórt na hÉireann is ea *Sports Dispute Solutions Ireland*, a thairgeann saoráid Idirghabhála agus Eadrána araon.

- Rinne an tAonad Tacaíochta CRN monatóireacht agus meastóireacht leanúnach ar cheanglais chomhlíonta a bhaineann leis an gcistiú do CRNanna trína Phróiseas Bliantúil Deontas, a nAthbhreithniú Lárbhliana agus a gclár Iniúchóireachta CRN.

Tá Croídheontais na CRNanna & na Deontais do Mhná sa Spórt a íocadh le feiceáil in Aguisín B agus F.

## Aonad Rannpháirtíochta Spórt Éireann

Tugann Aonad Rannpháirtíochta Spórt Éireann tacaíocht do líonra náisiúnta de 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt chun forbairt an spóirt a chomhordú agus a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus chun leibhéil rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú. Tá croí-obair an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ag teacht le cuspóirí an Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Mar chuid den obair sin, tugann an Líonra faoi Fhorbairt Straitéiseach Spórt sa Phobal agus soláthraíonn sé Cláir Náisiúnta, Tionscnaimh Oideachais agus Oiliúna, an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, Cláir um Mná sa Spórt, Cláir Chumhdaigh agus cláir ghinearálta rannpháirtíocht.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí infheistíocht sna trí mhórspórt machaire (Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Peile na hÉireann agus Cumann Rugbaí na hÉireann) ionas gur féidir leanúint le rannpháirtíocht a mhéadú ar an leibhéal gnáthphobail.

### Buaicphointí an Chláir

- Ghlac 390,571 duine páirt i 1,229 gcinn de thionscnaimh áitiúla rannpháirtíochta ar reáchtáil
  Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt iad.
- Ghlac 25,138 bhean páirt i 134 cinn de Chláir áitiúla um Mná sa Spórt.
- Ghlac 17,526 duine páirt sa 'Rith Spraoi 5k' de chuid Spórt Éireann /*Operation Transformation* i bPáirc an Fhionnuisce agus trasna na hÉireann trí na 'Siúlóidí ar fud an Náisiúin'.
- Ghlac 32,632 dhuine scothaosta ó gach cuid d'Éirinn páirt sna Cláir 'Beir Beo ar an Saol', chomh maith leis na himeachtaí agus ceardlanna a bhain leo.
- Cuireadh oiliúint ar 927 duine trasna na gclár oiliúna seo a leanas de chuid Cara: Oiliúint um Ionchuimsiú Daoine le Míchumais, Oiliúint Chorpacmhainne Ionchuimsitheach, oiliúint um Uathachas sa Spórt & Oiliúint Ionchuimsitheach maidir le Gníomhaíochtaí Eachtraíochta.
- Tacaíodh le 19 nOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt chun daoine faoi
  mhíchumas i 21 Comhpháirtíocht Áitiúla Spóirt a spreagadh páirt a ghlacadh sa spórt.

- Tacaíodh le 24 Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal chun pobail áitiúla a ghníomhachtú trí chláir, oideachas agus oiliúint spriocdhírithe a sholáthar do chlubanna agus pobail in 25 Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt.
- Cuireadh 5 cinn nua de Mhoil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal ar bun agus leanadh le tacaíocht a thabhairt do na 26 mhol Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal a bhí ann cheana ar fud na tíre trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.
- Tionscnaíodh 13 cheann de thionscadail um eachtraíocht i limistéir uirbeacha ar fud na tíre chun deiseanna nua a chruthú do dhaoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste chun páirt a ghlacadh i spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir i suíomhanna uirbeacha.
- Tacaíodh le 21 CÁS trí Chistiú na gCuntas Díomhaoin chun oiliúint speisialaithe d'Oibrithe Deonacha a sheachadadh chun cabhrú le hoibrithe deonacha cumhachtaithe le tuilleadh gníomhaíochta fisiciúla/deiseanna spóirt a sheachadadh ar leibhéal pobail agus do ghúpaí spriocdhírithe.
- Tacaíodh le 110 gcúrsa Ceannaireachta Óige i 22 Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt chun daoine óga a chumasú seisiúin ghníomhaíochta fisiciúla a sholáthar dá bpiaraí faoin Mol Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Spóirt trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

**Forbhreathnú ar an gClár**

Sa bhliain 2018, leithdháileadh €5.96m ar na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Infheistíodh €646,215 sa Chlár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt chun líonra de 19 nOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt a chur i bhfeidhm go céimneach agus chun tacú le hobair Ionad Cara chun éascú le rannpháirtíocht do dhaoine le míchumas. Tugann an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt spreagadh agus cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil agus clubanna agus cláir inbhuanaithe a fhorbairt faoi Ghníomh 49 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil.

Infheistíodh €762,357 sa Chlár Forbartha Spóirt sa Phobal lena dtacaítear le 24 Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal 24 chun pleananna agus cláir inbhuanaithe ghníomhaíochta fisiciúla atá faoi stiúir ag an bpobal áitiúil a fhorbairt faoi Ghníomhartha 44 agus 46 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Infheistíodh €115,000 sna CÁSanna faoin gClár um Mná sa Spórt, a bhfuil sé d'aidhm leis rannpháirtíocht na mban sa spórt a mhéadú trí dheiseanna rannpháirtíochta a thabhairt agus a chothú do mhná, lena n-áirítear mná faoi mhíchumas, mná a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste, mná imirceacha, mná scothaosta agus cailíní sna déaga. Ina theannta sin, rinne

Spórt Éireann ranníocaíocht €607,605 breise chun tacú le cláir do Dhaoine Scothaosta (Beir Beo ar an Saol).

Ba é Spórt Éireann an comhordaitheoir náisiúnta ar Sheachtain Eorpach an Spóirt in Éirinn sa bhliain 2018. Tionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ba ea an tseachtain, a bhí ar siúl ón 23ú go dtí an 30ú Meán Fómhair. Eagraíodh níos mó ná 500 imeacht spóirt ar fud na tíre thar an tseachtain, lenar áiríodh roinnt imeachtaí suaitheanta amhail oícheanta #Bí Gníomhach Ar Feadh na hEorpa a tharla trasna 5 CÁS, Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath, an Feachtas Scoile #BíGníomhach agus an Lá Náisiúnta Corpacmhainne. D'oibrigh Spórt Éireann le roinnt comhpháirtithe difriúla do Sheachtain Eorpach an Spóirt sa bhliain 2018 agus chomhordaigh sé feachtas náisiúnta cur chun cinn don tseachtain ach leas a bhaint as ardáin chur chun cinn ar líne.

I gcomhar le Rothaíocht Éireann, chuaigh Spórt Éireann i bpáirt leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, le Comhairle Contae Fhine Gall, le Comhairle Contae na Mí agus leis an gclár Éire Shláintiúil arís eile sa bhliain 2018 mar chuid de Mhórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath, a bhí ar siúl an 23ú Meán Fómhair. Mhéadaigh an líon rannpháirtithe ó 6,000 duine sa bhliain 2017 go breis agus 7,000 duine i mbliana. Bhí an Mórthuras Rothair ar cheann de na himeachtaí suaitheanta in Éirinn le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt.

Maidir lenár gcuid oibre i réimse na Spórt Machaire, chothaigh Cumann Lúthchleas Gael caidreamh le daoine óga i ngach pobal in Éirinn trí na cláir 'Go Games' ar leibhéal club agus scoile. Tugann Cumann Peile na hÉireann deiseanna do dhaoine óga páirt a ghlacadh sa spórt, go háirithe iad sin a bhfuil ísealrátaí rannpháirtíochta acu amhail daoine óga atá thíos le heisiamh sóisialta, daoine óga ó phobail inimirceacha, daoine faoi mhíchumas agus mná agus cailíní. Ina theannta sin, leanann Cumann Rugbaí na hÉireann le hiarracht a dhéanamh rannpháirtíocht faoi aois a mhéadú laistigh de scoileanna agus den phobal. Reáchtálann sé cláir shonracha do chailíní freisin.

Mar aon le tionscnaimh de chuid Spórt Éireann a sholáthar, buntacaíonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le cur i bhfeidhm náisiúnta an chistiúcháin ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus le cuid mhór tionscnamh atá á gcistiú ag an gCiste Éire Shláintiúil. D'éirigh le Spórt Éireann €5m a áirithiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin sa bhliain 2018, agus €2.3m de sin ag dul chun tairbhe go díreach do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar fud na hÉireann. Fuair Spórt Éireann €754,307 ón gCiste Éire Shláintiúil le haghaidh tionscnaimh de chuid Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta freisin.

Cuireadh cúig Mhol nua Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal ar bun agus leanadh ar aghaidh le bheith ag tacú le 26 mhol Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal trasna na tíre. Méadaíonn Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal an líon daoine de gach aois a ghlacann páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ina bpobal faoi mar a sainaithníodh faoi Ghníomh 41 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Is é an cuspóir atá leis na Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal i limistéir faoi mhíbhuntáiste ná daoine áitiúla a thabhairt le chéile agus baile a chur ar fáil do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt sa limistéar áitiúil. Cé gur rud uathúil é gach Mol Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal, oibríonn siad go léir de réir prionsabal áirithe, is iad sin: rannpháirtíocht a mhéadú; páirt a thabhairt don phobal áitiúil; ceannaireacht pobail a chur chun cinn; raon deiseanna spóirt a thairiscint; agus gach comhpháirtí/grúpa/duine cuí a thabhairt le chéile.

Rinneadh meastóireacht ar na chéad naoi Mol sa bhliain 2018 lena bhfuarthas amach go mbreathnaítear ar na Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal mar nithe dearfacha don phobail. Ba iad seo na fachtóirí buntábhachtacha maidir le rath a fuarthas trasna na mol: éadan duine a bheith i gceist leis an Mol, ceannaireacht agus úinéireacht phobail a chruthú, deireadh a chur leis an mbacainn maidir le heaspa muiníneachta agus leochaileacht agus saineolas gairmiúil a sholáthraíonn an CÁS. D'éirigh leis an obair chun na torthaí ón meastóireacht seo a chur isteach i bpróiseas forbartha na bhfoirmeacha iarratais athbhreithnithe ar Chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus na gcinntí cistithe gaolmhara sa dara leath de 2018.

Tionscnaíodh 13 Thionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha chun deiseanna nua a chruthú do dhaoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste chun páirt a ghlacadh i spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir i suíomhanna uirbeacha, faoi Ghníomh 37 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Is beag deis a bhíonn ag daoine óga a chónaíonn i limistéir faoi mhíbhuntáiste blaiseadh a fháil de spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir mar thoradh ar an timpeallacht nádúrtha atá le fáil ina limistéar féin, mar thoradh ar an achar idir iad agus suíomhanna traidisiúnta amuigh faoin spéir (foraoisí, sléibhte, etc.) ina dtairgtear gníomhaíochtaí de ghnáth, agus mar thoradh ar an trealamh, ar an maoirseacht, ar an oiliúint agus ar an tacaíocht a theastaíonn chun gabháil do spóirt den sórt sin. Féachann an clár le deiseanna nua a chruthú do dhaoine óga atá i mbaol i bpobail faoi mhíbhuntáiste agus do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá an clár um Cheannaireacht Óige ag teacht le Gníomh 48 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil – 'Cláir a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an trasdul agus chun dul i ngleic le titim amach as gníomhaíocht fhisiciúil agus as an spórt'. Díríonn an clár ar cháilíochtaí

bunúsacha ceannaireachta a fhorbairt agus áirítear leis, i measc nithe eile, oiriúnuithe a bhfuil mar aidhm leo spórt a dhéanamh cuimsitheach. Reáchtáiltear modúl ar chonairí sa spórt agus san áineas ag deireadh an chláir. Forbraíonn an clár seo scileanna cineálacha ceannaireachta ar féidir iad a úsáid i raon cúinsí spóirt agus/nó áineasa agus a fhéadann cur le forbairt phearsanta an fhoghlaimeora. Soláthraíonn an tionscnamh oiliúint do dhaoine óga agus, ar an mbealach sin, coinnítear iad gafa leis an spórt, méadaítear a bhfreagracht agus cuirtear lena muinín agus lena bhféinmheas, agus tacaíonn sé le deis don obair dheonach ar feadh an tsaoil freisin. Chomh maith leis sin, tá acmhainneacht ag an gclár dul i ngleic le rátaí luathfhágála scoile i limistéir faoi mhíbhuntáiste agus le rátaí titim amach as an spórt laistigh den aoisghrúpa spriocdhírithe. Dá réir sin, nascann a lán Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt an clár go dlúth leis na Cláir Chríochnaithe Scoile atá ar bun ina limistéir áitiúla.

Tá sé d'aidhm le tionscnamh na dtacaí d'oibrithe deonacha daoine spriocdhírithe, a bhíonn i mbun obair dheonach i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó le daoine le míchumais, a shonrú agus cabhrú leo scileanna ceannaireachta spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla sa phobail a fháil m.sh. mar chóitseálaithe, ceannairí, réiteoirí, baill choiste srl. Is iad seo a leanas na torthaí a bhfuil sé i gceist a fháil de bharr an tionscnaimh; líon na gceannairí deonacha sa spórt a mhéadú, cáilíocht níos airde a tháirgeadh maidir le hoibrithe deonacha sa spórt, as a dtiocfaidh leibhéil níos airde maidir le hidirchaidreamh le rannpháirtithe & oibrithe deonacha a chumhachtú chun tuilleadh gníomhaíochta fisiciúla/deiseanna spóirt a sheachadadh ar leibhéal pobail agus do ghrúpaí spriocdhírithe.

## Institiúid Spórt Éireann

Faoin Acht um Spórt Éireann (2015), is iad seo a leanas na feidhmeanna a chuireann Institiúid Spórt Éireann i gcrích go hiomlán nó go páirteach thar ceann Spórt Éireann:

- cur chun cinn, forbairt agus comhordú an spóirt iomaíoch, agus gnóthú barr feabhais sa spórt iomaíoch, a spreagadh;
- tacú le sár-lúthchleasaithe barr feabhais a bhaint amach sa spórt;
- faisnéis a scaipeadh maidir leis an spórt iomaíoch nó áineasa

Oibríonn Institiúid Spórt Éireann go díreach leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Ardfheidhmíochta go díreach agus soláthraíonn sí na nithe seo a leanas:

- Seirbhísí Eolaíochta agus Leighis Spóirt
- Scileanna saoil agus tacaíocht chomhairleach do lúthchleasaithe
- Cláir Forbartha Daoine Ardfheidhmíochta, a soláthraíonn ár rannóg Cumais agus Saineolais

  iad
- Tacaíocht pleanála feidhmíochta
- Ionad Traenála Ardfheidhmíochta

### Buaicphointí an Chláir

*Tionchar ar Fheidhmíocht na Lúthchleasaithe*

Is é an príomhchuspóir a bhaineann le tacaíocht feidhmíochta ná dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht na lúthchleasaithe ag comórtais mhóra. Is mó mar a bhfuiltear ag súil le rath go leanúnach, go háirithe ag Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha de bharr a fheabhas is a d'éirigh le lúthchleasaithe Éireannacha ar an leibhéal Eorpach agus Domhanda trasna go leor spórt sa bhliain 2018. D'imir foireann tacaíochta feidhmíochta Institiúid Spórt Éireann róil bhuntábhachtacha sna foirne tacaíochta maidir le formhór na dtorthaí rathúla sin sa bhliain 2018. Tugann torthaí an tSuirbhé ar Dhearcaí lúthchleasaithe, a rinne Institiúid Spórt Éireann le déanaí, le fios go bhfuil lúthchleasaithe iontach sásta leis an tacaíocht a sholáthraíonn Institiúid Spórt Éireann. Feabhsú suntasach is ea an ráta sástacha 4.67 amach as 5 (93.4%) ar an suirbhé céanna a rinneadh in 2015.

*Ráiteas Straitéise*

Tar éis próiseas comhairliúcháin a mhair naoi mí, agus a raibh grúpa stiúrtha inmheánach i gceannas air, cheadaigh Bord Spórt Éireann Ráiteas Straitéise 2018-2024 na hInstitiúde. Bhí go leor geallsealbhóirí buntábhachtacha páirteach i bpróiseas forbartha na straitéise agus sonraíodh fís agus misean athbhreithnithe agus sé thosaíocht straitéiseach dá bharr.

Tá sé d'aidhm leis an straitéis seo cur le rath Institiúid Spórt Éireann le linn na ndeich mbliana go dtí seo agus leagtar amach ár dtosaíochtaí maidir le tacaíocht feidhmíochta a sheachadadh do Spórt Ardfheidhmíochta na hÉireann i rith na dtimthriallta atá amach romhainn i dtreo Tóiceo 2020 agus Párais 2024.

*Comhpháirtíocht le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann*

I rith 2018 ar fad, bhí oifigigh ó Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus ó Institiúid Spórt Éireann ag féachaint ar an bpoitéinseal le haghaidh comhoibriú agus comhpháirtíocht níos dlúithe d'fhonn múnla seachadta tacaíochta feidhmíochta nua a thabhairt chun cinn i gcomhair sraith iomlán na n-imeachtaí ag Foireann na hÉireann ó leithéid Fhéis Oilimpeach Óige na hEorpa agus na Cluichí Oilimpeacha.

Comhaontaíodh múnla tacaíochta mionsonraithe agus cheadaigh Boird Spórt Éireann agus Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann comhpháirtíocht fhoirmiúil. Déanann ceithre phrionsabal bhuntábhachtacha bunsraith an mhúnla, agus an ceann is suntasaí is ea leanúnachas an chúraim do lúthchleasaithe, rud a d'fhág go raibh ailíniú níos dlúithe ann cheana féin sa chóras Ardfheidhmíochta agus i dtacaíocht sheirbhís na hInstitiúide d'Fhoireann na hÉireann ag Cluichí Oilimpeacha an Gheimhridh 2018 in Pyeonchang agus ag Cluichí Oilimpeacha na hÓige 2018 in Buenos Aires.

*Ról Cheannaire na Tacaíochta Feidhmíochta*

Tar éis na gCluichí in Rio, rinne Institiúid Spórt Éireann athbhreithniú ar an struchtúr a bhain le seachadadh ár seirbhísí. Sonraíodh dá bharr sin go raibh ár n-oibriúchán bunaithe ar fhoirne comhairliúcháin ilghairmiúla a bhí réasúnta seasmhach agus gurbh é ceannaire na foirne nó an tionscadail an ról buntábhachtach in eagraíochtaí rathúla cosúil leis. Dá bharr sin, d'fhorbraíomar tuairisc róil don ról seo i bhfoirne na hInstitiúide – Ceannaire na Tacaíochta Feidhmíochta.

Is é seo cuspóir ról Cheannaire na Seirbhísí Tacaíochta: *Foireann tacaíochta ildisciplíneach a stiúradh chun tionchar inbhraite ar fheidhmíocht a sheachadadh trí chinntiú go mbeidh seirbhísí feidhmíochta ailínithe agus*

*comhtháite de réir torthaí a chomhaontófar leis an Stiúrthóir Feidhmíochta chun poitéinseal feidhmíochta na lúthchleasaithe/na bhfoirne a uasmhéadú.*

*Úsáid an Ionaid Ardfheidhmíochta & Bricfeasta na Lúthchleasaithe*

Is é timthriall Thóiceo 2020 an chéad timthriall ó osclaíodh an tIonad Traenála Ardfheidhmíochta ag Institiúid Spórt Éireann.

Tá an méadú ar leibhéal úsáide an ionaid ag leanúint ar aghaidh agus taifeadadh méadú 2% breise in 2018 tar éis méadú 64% in 2017.

Cuireadh tús le Bricfeasta Lúthchleasaithe na hInstitiúide sa bhliain 2018, agus is é ceann de na nithe is mó ar éirigh leis agus is í an Fhoireann Chothaithe Feidhmíochta a bhíonn á stiúradh. D'fhág an bricfeasta go mbíonn baill foirne tacaíochta agus lúthchleasaithe in ann naisc lena chéile a chothú is iad ar shiúl ón timpeallacht traenála (m.sh. Neart & Riochtú agus lúthcleasaithe). Ó thaobh cúrsaí cothaithe, fágann sé go mbíonn lúthchleasaithe in ann iad féin a chothú roimh agus i ndiaidh seisiún agus cuireann sé leis an méid fuinnimh ar an iomlán a bhíonn ar fáil dóibh don lá.

*Suirbhé Bliantúil ar Dhearcaí*

D'eisigh Institiúid Spórt Éireann Suirbhé bliantúil ar Dhearcaí in 2018 chun dearcaí lúthchleasaithe a shonrú maidir leis an tionchar a imríonn an Institúid ar a bhfeidhmíocht agus ar a gcláir.

Shocraíomar targaid le haghaidh gach disciplíne go bhfaighidís ráta sástachta 80% i gcomhair 2018. Sáraíodh an targaid sin maidir le gach seirbhís tacaíochta agus gach oibriúchán de chuid na hInstitiúide. Bhí an fhreagairt ó lúthchleasaithe iontach dearfach sna ceithre phríomhréimse a scrúdaíodh:

• Cáilíocht na seirbhísí tacaíochta

• Rochtain ar sheirbhísí tacaíochta agus infhaighteacht na seirbhísí sin

• Tréithe na mball foirne

• Saoráidí na hInstitiúde

**Forbhreathnú ar an gClár**

Soláthraíonn Institiúid Spórt Éireann raon leathan tacaí feidhmíochta do Spóirt Ardfheidhmíochta in Éirinn. Is é seo a leanas achoimre ghairid ar gach disciplín tacaíochta sa bhliain 2018:

- *Scileanna Feidhmíochta Saoil & Tacaíocht Chomhairleach:* Chomhlíon foireann na scileanna feidhmíochta saoil cuspóirí straitéiseacha a leagadh síos trasna thrí phríomhcholún na seirbhíse – Oideachas, Feidhmíocht agus Gairmréim. Chonacthas na chéad imeachtaí sa bhliain 2018 le líonra dé-ghairmréime leis na hInstitiúidí Ardoideachais agus Líonra na bhFostóirí Cáirdiúla do Lúthchleasaithe á sheoladh.

- *Anailís Feidhmíochta:* Seachadadh tacaíocht Anailíse Feidhmíochta sa bhliain 2018 do réimse na Dornálaíochta, Tumadóireachta, Para-Lúthchleasaíochta agus Para-Rothaíochta. D'óstáil Institiúid Spórt Éireann an chéad chruinniú de Mhalartán Anailíse Feidhmíochta na hÉireann i mí Aibreáin. I mí Mheán Fómhair 2018 shínigh Institiúid Spórt Éireann & *SAS*, atá i measc na n-eagraíochtaí is fearr sa saol ó thaobh na hanailísíochta, éirime gnó agus bainistíochta sonraí, comhaontú comhpháirtíochta ceannródaíoch.

- *Neart & Riochtú (N&R)*: Leanadh ar aghaidh le méadú ar an méid tacaíochta N&R a tugadh do shár-lúthchleasaithe Éireannacha sa bhliain 2018 chomh maith le méadú ar an líon cuairteoirí ar shaoráid N & R Institiúid Spórt Éireann agus ar an úsáid a baineadh as an tsaoráid sin freisin. Go háirithe, sonraíodh méaduithe ann sa soláthar seirbhíse le lúthchleasaithe cardáilte agus do spóirt ina bhféadfaí boinn a bhuachan. Sa bhliain 2018, thug an rannóg seo tacaíocht do 12 spórt go rialta, agus 110 lúthchleasaí i gceist leis sin. Cuireann an rannóg tacaíocht saoráide agus "tacaíocht tionscadail" ar fáil go rialta do 5 spórt eile chomh maith. Sa bhliain 2018 rinne an rannóg méadú ar an tacaíocht a thugann sé do lúthchleasaithe cardáilte bhuntábhachtacha agus spóirt bhuntábhachtacha ag campaí, comórtais agus ar láithreáin sheachtracha.

- *Athshlánúchán:* Tionscnaíodh Córas nua Bainistíocha Lúthchleasaithe in Institiúid Spórt Éireann sa bhliain 2018. Stóráiltear taifid mhíochaine le haghaidh gach lúthchleasaí ar chóras lárnaithe anois, rud a fhágann go mbímid in ann uasdátuithe stádais agus sonraí iniúchóireachta maidir le gortuithe/tinnis a sholáthar go míosúil. Den chéad uair sa bhliain 2018, sholáthair Institiúid Spórt Éireann tacaíocht do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann roimh, i rith agus tar éis na gCluichí d'Fhoireann Chluichí Oilimpeacha Geimhridh na hÉireann. Áiríodh scagthástáil mhíochaine sa tacaíocht seo roimh na Cluichí leis sin chomh

maith le tacaíocht físteiripe a sholáthar ar an láithreán i gcomhair thréimhse na gCluichí Oilimpeacha in PyeongChang.

- *Fiseolaíocht*: Thacaigh seachadadh na seirbhíse fiseolaíochta le lúthcleasaithe ó 9 spórt sa bhliain 2018. Leis na róil nua mar Cheannaire na Tacaíochta Feidhmíochta, sonraíodh deiseanna chun seachadadh ár seirbhíse a mhéadú i réimse spórt seasmhachta an tsnámha agus na rothaíochta. Lena chois sin, méadaíomar líon na lúthcleasaithe ar tugadh tacaíocht dóibh trí mhonatóireacht ualaigh sa traenáil seachtainiúil tríd an gcóras nua bainistíochta lúthchleasaithe. Sa bhliain 2018, chuir an fhoireann fiseolaíochta tús le tacaíocht do chlár Rianta Oilimpeacha Rothaíocht Éireann agus tacaíodh le 4 champa traenála ag a mbunáit rianta in Majorca, an Spáinn, agus le campa traenála agus tástála intíre a reáchtáladh ag Institiúid Spórt Éireann i mBaile Átha Cliath. Soláthraíodh tacaíocht chomórtais i rith Chraobhchomórtais Rianta na hEorpa i nGlaschu. Tá dlúthbhaint ag an rannóg Fiseolaíochta le straitéisí a fhorbairt maidir le teas, taisteal agus clíomúchán d'Fhoirne Oilimpeacha agus Parailimpeacha Thóiceo 2020. Beidh lúthchleasaithe ag baint triall as na straitéisí sin i rith imeachtaí tástála sa bhliain 2019.

- *Cothú Feidhmíochta*: Tháinig fás suntasach ar líon na lúthchleasaithe agus na spórt a bhí á seirbhísiú ag an bhfoireann cothaithe sa bhliain 2018. Seachadadh an tseirbhís seo ag campaí ar shiúl agus in Éirinn fhéin, rud a bhíonn ríthábhachtach chun caidrimh a fhorbairt le lúthchleasaithe ach freisin trí phleananna cothaithe pearsantaithe a chur in oiriúint i gcomhair timpeallachtaí campaí traenála agus comórtais. Bíonn saineolaithe cothúcháin ainmnithe ina mbaill fíorthábhachtacha de na foirne seirbhíse tacaíochta i raon spórt. Rinne an fhoireann chothaithe Siopóisiam Cothaithe *HPX* a chomhordú agus a sheachadadh ag Ionad Comhdhála an Champais i mí Dheireadh Fómhair agus d'freastail breis is céad taighdeoir, cleachtóir agus cóitseálaí air. Tá an Chistin Feidhmíochta tagtha chun bheith ina mhol lárnach d'eispéireas na lúthchleasaithe ag Institiúid Spórt Éireann. Maidir le tionscnamh an Bhricfeasta do Lúthchleasaithe, a reáchtáiltear faoi dhó sa tseachtain, tá sé mar a bheadh mol ann le haghaidh formhór na seirbhísí eile i rith na bliana. D'fhág sin go rabhthas in ann caidrimh a chothú trasna disciplíní, spórt agus eilimintí éagsúla an phobail ardfheidhmíochta ar bhealach nádúrtha laistigh den Institiúid.

- *Míochaine:* Tá áit lárnach ag soláthar seirbhísí míochaine i ról Institiúid Spórt Éireann. Cumhdaítear míochaine spóirt an cúram leighis ar fad a thugtar do lúthchleasaithe, idir scagthástáil leighis réamh-rannpháirtíochta agus bhainistíocht tinneas nó gortuithe cuí ar leibhéal an lia chomhairligh. Áirítear leis na seirbhísí a sholáthraítear diagnóisiú, imscrúdú,

cóireáil agus athshlánú gortuithe agus tinneas a tharlaíonn le linn seisiúin traenála agus comórtas nó de dheasca seisiún traenála agus comórtas. Tá córas atreoraithe mear-rochtana curtha ar bun ag Institiúid Spórt Éireann le hOspidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapaí agus le hionaid eile le haghaidh tuairimí speisialtóirí agus sainseirbhísí. Feidhmíonn Institiúid Spórt Éireann clinic mhíochaine do lúthchleasaithe trasna ceithre chlinic leathlae in aghaidh na seachtaine. Cuirfear síneadh leis an tseirbhís sin sa bhliain 2019 go mbeidh sí ar fáil ceithre lá in aghaidh na seachaine.

- *Cumas & Saineolas*: Seoladh an Clár Spréachta Feidhmíochta sa bhliain 2018. Tá an-éileamh ar an gclár, ar líonra piarfhoghlama féintreoraithe do Stiúrthóirí Feidhmíochta atá ann, agus tá 16 rannpháirtí ghníomhacha ar an gclár. Ceapadh Patricia Heberle mar cheannasaí an chláir. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar Chomhdháil *HPX* 2017 sa bhliain 2018. Tar éis an athbhreithnithe, tugadh straitéis nua i gcomhair *HPX* chun críche le comhdháil débhliantúil le leanúint ar aghaidh sna blianta 2019 agus 2021. Imeacht do phobal teoranta a bheidh i gceist le himeacht 2019 (7ú & 8ú Samhain) lena ndíreofar ar an téama Ullmhacht le haghaidh Chluichí Thóiceo 2020.  Reáchtálfar comhdháil oscailte ina dhiaidh sin sa bhliain 2021, a bheidh dírithe ar na ceachtanna a bheidh foghlamtha de bharr timthriall Chluichí Thóiceo 2020 agus ar an straitéis i gcomhair Páras 2024 agus ina dhiaidh.

## Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann

Tá an tAonad um Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann freagrach as na nithe seo a leanas: an Máistirphlean do Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann a chur chun feidhme; formhaoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt saoráidí aonair ar an gCampas; straitéisí agus tograí a cheapadh le haghaidh forbairt agus úsáid saoráidí amach anseo; agus úsáid an Champais a chur chun cinn ar gach leibhéal, idir ardfheidhmíocht agus rannpháirtíocht daoine den phobal i gcoitinne. Is í fochuideachta atá faoi lánúinéireacht ag Spórt Éireann atá freagrach as oibriú laethúil na saoráidí ar an gCampas.

### Buaicphointí an Chláir

- **Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spórt Éireann** – mar cheann de na forbairtí ba thábhachtaí ar an gCampas, tugadh tús áite d'obair chun Céim 2 den Láthair a chur i gcríoch i rith 2018. Bhí páirceanna rugbaí agus sacair faoi dhíon san áireamh sa dara céim seo a dhéanfaidh forbairt ríthábhachtach d'Éirinn. Leanfar ar aghaidh leis an bhforbairt i rith 2019 nuair a osclófar an tsaoráid.
- **Oifig Spórt Éireann** – i mí Lúnasa 2018 ghlac Spórt Éireann seilbh ar a phríomhoifig nua-athchóirithe, atá lonnaithe i bhfoirgnimh stairiúla an chlóis in aice le Teach Bhaile an Aba.
- **Máistirphlean an Champais** – cuireadh tús i dtreo dheireadh 2018 ar obair le coimre straitéiseach a fhorbairt a dhéanfaidh an bunús do Mháistirphlean nua a ullmhófar don Champas. Leagtar amach leis an gcoimre seo fís Spórt Éireann don Champas i gcaitheamh an chéad 15 bhliana eile, agus beifear ag lorg tairiscintí iomaíocha go luath sa bhliain 2019 chun an Máistirphlean seo a ullmhú.
- **Páirc Haca a Uasghrádú** – i bhFómhar na bliana 2018, cuireadh tús le hobair fhorbartha dearthóireachta ar uasghrádú ar an bpáirc reatha haca, ar gaineamh a bunsraith, go mbeidh sí ina páirc uisce-bhunaithe nua-aimseartha mhalartach lena soláthrófar bunáit traenála a bhfuil géarghá léi dár bhfoirne haca sinsearacha agus iad ag ullmhú le haghaidh cluichí cáiliúcháin Oilimpeacha. Beifear ag athsholáthar na páirce i rith 2019.

### Forbhreathnú ar an gClár

Ba é an príomhréimse ar díríodh air arís eile sa bhliain 2018 ná forbairt leanúnach Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spórt Éireann, ar gné lárnach den Mháistirphlean don Champas í. Is é atá i gceist le Céim 1 den tionscadal ná an tIonad Náisiúnta Traenála Lúthchleasaíochta faoi Dhíon, an tIonad

Náisiúnta Traenála faoi Dhíon agus osclaíodh an tIonad Náisiúnta Traenála Gleacaíochta sa bhliain 2017.

Díríodh go mór ar Chéim 2 den tionscadal a chríochnú le linn 2018. Is é a bheidh i gceist léi ná páirceanna sintéiseacha faoi dhíon a sholáthar do rugbaí, do shacar agus do chluichí Gaelacha agus saoráidí coimhdeacha – amhail seomraí feistis, limistéir neartaithe agus riochtaithe, limistéir athshlánúcháin, oifigí, svuíteanna anailíse agus tolglanna imreoirí – a thógáil dóibh. Táthar leis an tionscadal a chur i gcrích i mí na Bealtaine 2019.

D'fhógair Spórt Éireann pleananna freisin chun páirc nua haca a thógáil ag an gCampas i mBaile Átha Cliath. Is é páirc *Polytan Polygras* Thóiceo *GT* (*PPTGT*) a bheidh ann, faoi mar a úsáidfear ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo agus ag Craobhchomórtais Domhanda 2022. Suiteálfar an tsaoráid nua agus beidh sé réidh le húsáid i mí Mheáin Fómhair 2019 agus cuirfidh sé ar chumas scothimreoirí haca na hÉireann cleachtadh ar an dromchla imeartha céanna is a úsáidfear sna Cluichí Oilimpeacha agus i gCorn an Domhain atá amach romhainn. Fágann an pháirc nua seo nach mbeidh ar imreoirí taisteal thar sáile chun traenáil, agus beidh siad in ann teacht ar an ní is déanaí ó thaobh teicneolaíochta páirceanna, anseo in Éirinn. Laghdófar tuilleadh a mhéid is a bheidh siad ag brath ar shaoráidí clubanna le haghaidh traenála, nach mbíonn ar fáil go héasca i gcónaí. Toisc go bhfuil an pháirc lonnaithe ag an gCampas Náisiúnta Spóirt, beidh imreoirí in ann leas a bhaint as seirbhísí reatha tacaíochta eolaíochta, míochaine agus nós maireachtála trí Institiúid Spórt Éireann, atá lonnaithe ar an gcampas freisin.

Amach sa bhliain 2018, chuir Spórt Éireann tús le hathbhreithniú mór ar an Máistirphlean don Champas, atá i mbun feidhme le 10 mbliana. Leis an Máistirphlean uasdátaithe, beifear ag tabhairt aghaidh ar roinnt saincheisteanna buntábhachtacha lena n-áirítear páirceáil charranna, uasghráduithe bonneagair, rochtain phoiblí, uasghráduithe ar bhóithre agus ar chonairí, slite rothar srl. Beifear ag tarraingt inspioráide leis an Máistirphlean as fís Spórt Éireann féin maidir leis an mbealach ar chóir an Campas a fhorbairt, agus faoin méid a fhéadfar a bhaint amach. Aistreofar an fócas freisin chuig roinnt de na heilimintí níos boige den Champas nó atá níos dírithe ar nithe don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear Baile Spóirt a chruthú ina mbeidh oigifí breise, cóiríocht do lúthchleasaithe, café agus saoráidí bialainne.

Leannan an tAonad ar aghaidh le hidirchaidreamh le geallsealbhóirí ábhartha chun scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun tuilleadh saoráidí breise a fhorbairt ar an gCampas a rachaidh chun tairbhe an spóirt ar gach leibhéal, idir áineas agus ardfheidhmíocht, agus go háirithe chun ionaid nua bharr feabhais a fhorbairt. Áireofar toradh na gcomhráití seo ina chuid den Mháistirphlean nua, a dhéanfaidh cuid den chlár forbartha sna blianta amach romhainn.

*Oibríochtaí ar an gCampas*

Is é Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt (Oibriúcháin) Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe, ar fochuideachta de chuid Spórt Éireann é, atá freagrach as bainistíocht agus oibriú laethúil na saoráidí ar Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann, lena n-áirítear Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spórt Éireann, an tIonad Náisiúnta Uisce, an Láthair Náisiúnta Eachspóirt, an tIonad Náisiúnta Traenála Tumadóireachta, páirceanna sintéiseacha agus scraithe an Champais Náisiúnta Spórt, Ionad Comhdhála an Champais agus an tIonad Nuapheantatlain. Tá an chuideachta freagrach freisin as Staid Morton, Seantrabh, a oibriú ar bhonn laethúil agus as cóiríocht oifige a chothabháil do na comhlachtaí spóirt atá lonnaithe ar an gCampa.

Tugadh 1.149m cuairt ar an Ionad Náisiúnta Uisce le linn na bliana 2018. Tá sé sin cothrom le méadú 5% ar an bhfigiúr don bhliain 2017. Ba í seo an tríu bliain as a chéile inar mealladh níos mó ná 1m cuairteoir chuig an Ionad agus bhí sí ar an mbliain is gnóthaí ó tháinig an tsaoráid faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCampas.

Tháinig 445,000 duine trí dhoirse Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spórt Éireann. Tháinig fás dearfach ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar an Acadamh, agus foghlaimíonn beagnach 4,000 leanbh spórt de chineál éigin gach seachtain ar an gCampas.

Ritheadh campaí samhraidh i rith mhíonna an tsamhraidh trasna roinnt disciplíní spóirt, agus tháinig méadú ar fhigiúr 18.5% na bliana anuraidh. Bhí campaí a reáchtáladh i Staid Morton den chéad uair san áireamh.

Leannann na figiúir maidir le líon na ndaoine ar pháirceanna ilspóirt Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann treocht cosúil leis sin, agus méadú 4.6% ag teacht orthu ó 98,046 sa bhliain 2017 go 102,515 sa bhliain 2018.

Is iomaí imeacht a d'óstáil Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann sa bhliain 2018, lena n-áirítear Craobhchomórtais Pharashnámha Eorpacha an Choiste Parailimpigh Idirnáisiúnta, a craoladh beo ar an teilifís ón Ionad Náisiúnta Uisce. D'óstáil Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann Cluichí Oilimpeacha Speisialta na hÉireann i mí Mheitheamh freisin.

## Aonad Eitice Spórt Éireann

De réir an Achta um Spórt Éireann, 2015, is é an sainchúram atá ar Spórt Éireann treoirlínte agus cóid chleachtais a fhorbairt agus a scaipeadh lena gcuirtear chun cinn an dea-chleachtas maidir le leanaí a chosaint sa spórt, ar aon dul leis an reachtaíocht um chosaint leanaí.

**Buaicphointí an Chláir**

Tá rún daingean ag Spórt Éireann a chinntiú go mbeidh daoine óga á gcumhdach agus iad ag glacadh páirte sa Spórt ar oileán na hÉireann.

I mí Feabhra 2018, sheol Spórt Éireann roinnt tionscnamh sa réimse um Chumhdach Leanaí, atá le feiceáil thíos:

- Creat Iniúchóireachta um Chumhdach Leanaí Spórt Éireann
- Treoir maidir le Cumhdach Leanaí agus Daoine Óga agus Iad a Chosaint sa Spórt

(*Tugadh an Cód Eitice agus Dea-Chleachtais maidir le Spórt Leanaí roimhe air)*

- Acmhainn maidir le bheith Sábháilte Ar Líne.

**<u>Creat Iniúchóireachta um Chumhdach Leanaí Spórt Éireann:</u>**

Is é príomhchuspóir an Chreata Iniúchóireachta um Chumhdach Leanaí Spórt Éireann ná tacú leis na CRNanna a mhéid is a chomhlíonann siad beartais agus nósanna imeachta um chumhdach leanaí, a mhéadú, á chinntiú leis sin go mbíonn leanaí agus daoine óga á gcumhdach sa spórt. Rinneadh obair fhorleathan chun an creat iniúchóireachta seo a fhorbairt agus bhí próiseas comhairliúcháin, ceardlanna agus tástáil phíolótach i gceist leis an obair sin, chomh maith leis an uirlis iniúchóireachta á feidhmiú go céimneach ar deireadh anois. Cuireadh an tionscadal seo i gcrích i gcomhar leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt agus Grúpa *Ineqe*.

**<u>Athbhreithniú ar an gCód Eitice agus Dea-Chleachtais do Spórt na Leanaí</u>**

Tháinig grúpa oibre le chéile chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an gCód Eitice agus Dea-Chleachtais do Spórt na Leanaí agus bhí sé comhdhéanta de bhaill foirne ghairmiúla ó Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann & na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt. Ba é aidhm an

ghrúpa a chinntiú go dtabharfaí an Cód reatha ar aon dul le reachtaíocht, beartais & nósanna imeachta reatha ó thaobh cumhdach agus na cosanta leanaí. Rannchuidigh Oifigigh Faisnéise & Chomhairle Tusla le próiseas an athbhreithnithe seo freisin.

Tugadh faoin athbhreithniú ar an gCód chun a chinntiú go léirítear sa cháipéis anois na dúshláin a bhíonn roimh Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus a gcuid clubanna ar bhonn laethúil, á chinntiú go leantar an cleachtas reatha is fearr agus go mbíonn reachtaíocht ábhartha an lae inniu á comhlíonadh ag an am céanna.

## Sábháilteacht Ar Líne

Foilsíodh an Acmhainn maidir le bheith Sábháilte Ar Líne de chuid Spórt Éireann sa bhliain 2018. Tá an uirlis faisnéise agus treorach seo, a bhíonn le fáil ar an idirlíon, maidir le sábháilteacht idirlín dírithe ar thuismitheoirí/caomhnóirí/cóitseálaithe/daoine óga a bhíonn i mbun spóirt go príomha.

Tá tástail achomair san acmhainn, a chuireann ar chumas úsáideoirí a gcuid eolais faoina bhfuil foghlamtha acu a thástáil. Bronnfar teastas digiteach ar úsáideoirí na tástála má éiríonn leo an tástáil a chur i gcrích go rathúil.

## Forbhreathnú ar an gClár

Forbraíodh an Treoir de chuid Spórt Éireann um Chumhdach Leanaí agus Daoine Óga go sonrach chun tacú le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt agus clubanna a chinntiú gur féidir leo a gcuid freagrachtaí maidir le cumhdach agus cosaint leanaí a chomhlíonadh. Ullmhaíodh an cháipéis treorach speisialta seo i gcomhthéacs na ndúshlán a bhíonn roimh Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus a gcuid clubanna ar bhonn laethúil, á chinntiú go leantar an cleachtas reatha is fearr agus go mbíonn reachtaíocht ábhartha an lae inniu á comhlíonadh ag an am céanna.

Le 19 mbliana anuas, tá an Cód & Eitic agus Dea-Chleachtas do Leanaí sa Spórt á chur chun feidhme ar leibhéal áitiúil trasna gach spórt. Ba iad na hOifigigh Náisiúnta Leanaí, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt ar leibhéal náisiúnta agus club atá tar éis cur chun feidhme na an Chóid seo a bhrú chun cinn agus caithfear tacú leis an obair luachmhar seo agus cur leis. Tugtar an tacaíocht sin chuig leibhéal nua leis an gcáipéis treorach nua.

*Ceardlanna 1, 2 agus 3 um Chumhdach*

Is é an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a sholáthraíonn na ceardlanna uile de chuid Spórt Éireann um Chumhdach 1, 2 agus 3. Tá na ceardlanna sin ar fáil go réidh do na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus do na clubanna éagsúla atá ann ar fud na tíre.

Sa bhliain 2018, chuir Spórt Éireann oideachas ar níos mó ná 13,00 rannpháirtí i réimse an Chumhdaigh thar na 3 cheardlann a reáchtáil sé.

*Oiliúint Teagascóra um Chumhdach 1, 2 agus 3*

Tairgeann Spórt Éireann ceardlanna oiliúna teagascóra i gCumhdach do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt. Tar éis dóibh an oiliúint teagascóra a hríochnú, tá na rannpháirtithe in ann ceardlanna Cumhdaigh de chuid Spórt Éireann a sholáthar.

Chuir Aonad Eitice Spórt Éireann oiliúint Chumhdach 1 ar 27 dteagascóir agus chuir sé oiliúint Chumhdach 2 agus 3 ar 14 teagascóir sa bhliain 2018.

*Cumhdach 1: Cúrsa Athnuachana Ar Líne*

Seoladh Cúrsa Athnuachana Ar Líne Spórt Éireann i gCumhdach 1 le cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin sa bhliain 2017. Tá an acmhainn ar líne ar fáil do gach duine atá ag iarraidh Eolas a mBunfheasachta a athnuachan (Cumhdach 1). Forbraíodh an tionscadal i gcomhar leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt.

Rinne breis agus 1,600 rannpháirtí an acmhainn a rochtain cheana féin agus bíonn an líon sin ag méadú gach lá.

*Dul i gComhairle le Daoine Óga*

Is comhthionscadal é seo i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta Leanaí. Críochnaíodh Céim 1 den tionscadal sa bhliain 2018 agus ghlac roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta páirt sa chlár oiliúna d'oiliúnóirí lena linn. Tá Céim 2 den tionscadal seo ag céim dheartha na huirlise faoi láthair agus táthar ag súil le hiomlán an tionscadail a fheidhmiú go céimneach i rith an dara ráithe den bhliain 2019.

*Seachtain na dTuismitheoirí sa Spórt, Deireadh Fómhair 2018*

Ghlac 100 eagraíocht spóirt in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe páirt i Seachtain na dTuismitheoirí sa Spórt 2017 a chur chun cinn. D'iarr Spórt Éireann ar Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ar chlubanna spóirt ar fud na tíre aird a tharraingt ar an ról dearfach tacúil a imríonn tuismitheoirí sa spórt.

*Cruinnithe maidir le Cumhdach Leanaí Ainmnithe*

Sa bhliain 2018, d'óstáil Spórt Éireann, i gcomhar le hAonad Cosanta Leanaí sa Spórt de chuid Chumann na hÉireann um Chosaint Leanaí, roinnt seisiún faisnéise trasteorann sa réimse um Chumhdach Leanaí. Soláthraíodh deiseanna oiliúna leis na cruinnithe seo d'oibrithe gairmiúla sa réimse um chumhdach leanaí agus tugadh deis dóibh freisin le haon údair imní nó saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu sa réimse um Chumhdach Leanaí a tharraingt anuas.

## An tAonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta

Is é an phríomhaidhm atá ag an Aonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta i Spórt Éireann ná tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí spóirt a fhaigheann cistiú ó Spórt Éireann, lena n-áirítear Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Tá roinnt nithe difriúla i gceist le hobair an Aonaid, lena n-áirítear Forbairt Cumais, Idirghabhálacha Forbartha agus Athraithe Eagraíochta, agus Grúpaí Oibre/Líonraí.

**Buaicphointí an Chláir**

- Reáchtáladh an clár Fostaíochta Céimithe *ASPIRE* agus socraíodh céimithe in ocht n-eagraíocht atá á gcistiú ag Spórt Éireann.
- Reáchtáladh an clár Forbartha Ceannaireachta *ARENA* agus ghlac ceannairí sinsearacha ó 15 eagraíocht dhifriúla páirt ann.
- Cuireadh idirghabhálacha Forbartha agus Athraithe Eagraíochta i gcrích i gcúig eagraíocht ar bhonn saincheaptha sonrach.
- Soláthraíodh 94 uair an chloig de chóitseáil feidhmiúcháin do 24 fhostaí earnála ó eagraíochtaí éagsúla.
- Cuireadh 82 chinn de thuairiscí síciméadracha i gcrích agus reáchtáladh seisiúin aiseolais le fostaithe earnála ó eagraíochtaí éagsúla
- Cuireadh oiliúint ar 798 nduine d'fhostaithe/comhaltaí boird san earnáil i raon mór réimsí scileanna gnó

**Forbhreathnú ar an gClár**

*Forbairt Cumais Eagraíochta*

Is é atá i gceist leis seo bainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar Fhorbairt Cumais Eagraíochta i clianteagraíochtaí spóirt in ocht réimse cumais:

- Ceannaireacht Eagraíochta
- Bainistíocht Athruithe
- Bainistíocht Riosca
- Pleanáil Straitéiseach
- Bainistíocht Feidhmíochta Fostaithe

• Bainistíocht Tionscadal
• Rialachas Corparáideach
• Teagmháil le Geallsealbhóirí

Forbraíodh Cumas Eagraíochta trí raon seirbhísí tacaíochta Foghlama, Comhairlí agus Córas, lenar áiríodh iad seo a leanas:

• Cúrsaí Oiliúna, Ceardlanna agus Seimineáir
• Ríomhfhoghlaim
• Cóitseáil Feidhmiúcháin
• Measúnuithe Síciméadracha agus Iompraíochta
• Idirghabháil san Áit Oibre
• Sainchomhairle – Acmhainní Daonna agus an Dlí Fostaíochta
• Sainchomhairle – Forbairt Cumais
• Tacaíocht Earcaíochta ar Leibhéal Sinsearach

*Idirghabhálacha Forbartha agus Athraithe Eagraíochta*

Bhainistigh Spórt Éireann roinnt idirghabhálacha a soláthraíodh do chlianteagraíochtaí spóirt ar bhonn saincheaptha sonrach. Rinneadh na hidirghabhálacha ar leibhéal an Duine Aonair, ar leibhéal an Ghrúpa agus ar leibhéal na hEagraíochta ar fad. Ba é an bunchuspóir a bhí leis an ngníomhaíocht sin ná feabhas leanúnach a chur ar Éifeachtacht eagraíochta laistigh de chlianteagraíochtaí spóirt. Díríodh in idirghabhálacha den sórt sin ar réimsí amhail Measúnú agus Pleanáil Eagraíochta, Neartú
Foirne, Caidreamh Idirghrúpa, Dearadh Eagraíochta agus Athrú Cultúrtha.

*Grúpaí Oibre agus Líonraí*

D'éascaigh Spórt Éireann raon grúpaí oibre agus líonraí san earnáil, a bhí comhdhéanta de ghairmithe a oibríonn i gcineálacha éagsúla gairme/róil. Is é an cuspóir atá le gach grúpa ná tacú le piarfhoghlaim, comhroinnt smaointe agus líonrú idir na rannpháirtithe. Tá trí ghrúpa den sórt sin i mbun oibre faoi láthair:

• **Ceannaireacht, Bainistíocht Athruithe, Feidhmíocht agus Tionscadail** (do Phríomh-fheidhmeannaigh na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Comhordaitheoirí Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Bainisteoirí Sinsearacha eile a oibríonn san earnáil)

• **Acmhainní Daonna** (do ghairmithe Bainistíochta Acmhainní Daonna a oibríonn san earnáil)

• **Teagmháil le Geallsealbhóirí** (do ghairmithe Margaíochta, Cumarsáide agus Caidrimh Phoiblí a oibríonn san earnáil)

## Aonad Frithdhópála Spórt Éireann

Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna atá ag Spórt Éireann i réimse na frithdhópála faoin Acht um Spórt Éireann, 2015

- caighdeáin dea-iompair, cothrom na Féinne agus an deireadh le dópáil sa spórt a éascú trí threoirlínte agus cóid chleachtais a fhógairt;
- tabhairt faoi cibé gníomhaíocht a mheasfaidh Spórt Éireann a bheith cuí, lena n-áirítear tástáil, chun dópáil sa spórt a chomhrac;
- pleanáil, cur chun feidhme, meastóireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chláir oideachais agus faisnéise chun dea-iompair, cothrom na Féinne agus an deireadh le dópáil sa spórt a éascú;
- ina cháil mar eagraíocht náisiúnta frithdhópála sa Stát, bailiú samplaí a ordú, bainistiú a dhéanamh ar thástáil samplaí agus ar thorthaí tástála, agus freastal ar éisteachtaí, de réir mar is gá.

### Buaicphointí an Chláir

- Bhí samplaí Laistigh de Chomórtas agus samplaí Lasmuigh de Chomórtas freagrach as 20% agus 80% faoi seach de na tástálacha a rinneadh faoin gclár náisiúnta tástála.
- Tháinig méadú 12% ar an líon samplaí a bailíodh.
- Chuir Spórt Éireann oiliúint ar 32 theagascóir frithdhópála eile uathu seo a leanas: Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann, Cumann Peile na hÉireann, Eachspórt Éireann, Badmantan Éireann agus Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann. Tá 83 teagasóir ghníomhacha ann san iomlán atá oilte ag Spórt Éireann.
- Thug teagascóirí a bhí oilte ag Spórt Éireann breis is 210 seimineáir frithdhópála sa bhliain 2018.
- Chuir níos mó ná 2,050 duine aonair an cúrsa ríomhfhoghlama frithdhópála ar líne i gcrích.
- Leithdháileadh níos mó ná 30,000 cárta sparáin ar Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ar gheallsealbhóirí éagsúla.
- Sa bhliain 2018, rinneadh níos mó ná 25,000 ceann d'fhiosruithe rathúla ar shuíomh gréasáin an tseiceálaí cógais ag www.eirpharm.com.

### Forbhreathnú ar an gClár

Bhí na laethanta oiliúna bliantúla do Phearsana Bailiúcháin Samplaí ar siúl an 6ú Deireadh Fómhair agus an 6ú Nollaig 2018 agus d'fhreastail 45 dhuine de phearsana bailiúcháin samplaí ar na seisiúin oiliúna seo agus beidhna daoine sin creidiúnaithe don bhliain 2019.

Rinneadh 58 iarratas ar Dhíolúine ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach sa bhliain 2018, rud a bhí cothrom le laghdú 28% ar an líon iarratas (81 cheann) a fuarthas sa bhliain 2017. Mar a tharla i mblianta roimhe sin, ba ó raon éagsúil spórt a tháinig na hiarratais. Den 58 iarratas a fuarthas, bhain sciar suntasach le cógais nach bhfuil ar áireamh, nó nach bhfuil ar áireamh a thuilleadh, i gCoscliosta na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil. Mar thoradh air sin, níor deonaíodh aon Deimhnithe Díolúine i leith na n-iarratas sin. Meabhraítear do lúthchleasaithe a gcógais a sheiceáil go cúramach ar an seiceálaí cógais saor in aisce, MIMS, atá ar fáil ar www.eirpharm.com nó ar www.globaldro.com sula ndéanfaidh siad iarratas ar Dhíolúine ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach.

De na hiarratais bhailí (29 gceann) a rinneadh chuig Spórt Éireann ar Dhíolúine ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach sa bhliain 2018, cheadaigh an Coiste Díolúine ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach 24 chinn tar éis dó comhad leighis cothrom le dáta a fháil, agus bhí cúig cinn díobh fós neamhiomlán ag deireadh na bliana 2018. Féachadh ar na hiarratais sin mar iarratais neamhiomlána toisc nach bhfuarthas aon chomhad leighis ina leith, toisc nár úsáideadh an cógas ar deireadh nó toisc go raibh tuilleadh measúnú leighis le déanamh ar an lúthchleasaí lena mbaineann.

Maidir le haon duine a bhraitheann, a shainaithníonn nó a fhianaíonn caimiléireacht, atá ar an eolas faoi chaimiléireacht nó a bhfuil forais réasúnacha aige/aici lena chreidiúint go raibh caimiléireacht ann, molann Spórt Éireann dó/di teacht chun tosaigh agus sáruithe dópála amhrasta a thuairisciú. Tá foirm aighneachta um Dhópáil a Thuairisciú ar líne ar fáil ar shuíomh Gréasáin Spórt Éireann (www.sportireland.ie/report), rud a chabhróidh le modh slán sábháilte a thabhairt do dhaoine den phobal chun nithe a bhaineann le drugaí sa spórt a thuairisciú.

D'fhreastail Spórt Éireann ar thrí chruinniú mullaigh do Cheannairí na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála sa bhliain 2018. Rinne ceannairí na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála plé ar shaincheisteanna idirnáisiúnta tábhachtacha, lenar áiríodh Struchtúir Rialachais na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil, an Treochlár le haghaidh Chomhlíonadh Frithdhópála na Rúise agus tacaíocht do lúthchleasaithe glana. Eisíodh ráiteas comhchoiteann do na meáin tar éis gach cruinnithe agus cuirtear iad sin ar fáil ar www.sportireland.ie.

Tiocfaidh Cód Domhanda athbhreithnithe nua i bhfeidhm sa bhliain 2021. Chuaigh Spórt Éireann i gcomhairle le lúthchleasaithe agus CRNanna agus sholáthair aiseolas don Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil (GDFD) i ndáil leis an gcéad agus an dara céim chomhairliúcháin maidir leis an gCód agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta éigeantacha.

D'fhreastail an tAire Shane Ross TD agus an Príomhfheidhmeannach ar an bPlé Comhchéime maidir leis "An Tiomantas Idirnáisiúnta do Spóirt Ghlana a Thabhairt Chun Cinn: "Ag Athchóiriú na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil" ag an Teach Bán, Washington DC an 31ú Deireadh Fómhair 2018. D'óstáil Leas-Stiúrthóir Aonad Náisiúnta um Rialú Drugaí na Stát Aontaithe, an tUas. James Carroll, ar an gcruinniú. D'fhreastail grúpa a roghnaíodh as measc scoth-lúthchleasaithe idirnáisiúnta reatha agus iar-scoth-lúthchleasaithe idirnáisiunta as Ceanada, an Ghearmáin, an Ísiltír, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe air in éineacht le hionadaithe ó Eagraíochtaí Frithdhópála agus Airí Spóirt as seacht dtír (an Astráil, Ceanada, Éire, an Ghearmáin, an Nua-Shéalainn, an Iorua agus an Ríocht Aontaithe). Chomhaontaigh an grúpa gur chóir don phobal frithdhópála gluaiseacht chomhoibritheach dhomhanda a stiúradh ar son spórt saor ón dópáil.

*Cruinnithe Idirnáisiúnta ar Freastalaíodh Orthu*

| | |
|---|---|
| Cruinniú Mullaigh Cheannairí na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála | 15-16 Ean. |
| An Dópáil a Chosc sa Spórt Gairmiúil agus Áitiúil trí Oideachas & Imscrúdú | 24 -25 Ean. |
| *Erasmus* + Tionscadal *MEAS* | 12-13 Feabh. |
| Cruinniú *CAHAMA* | 27 Feabh. |
| Cruinniú Oideachais Chomhairle na hEorpa | 7-8 Már. |
| Cruinniú Cinn Bhliana & Ceardlann *iNADO* | 19-20 Már. |
| Siompóisiam Eagraíochtaí Frithdhópála na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil | 21-23 Már. |
| Cruinniú Imscrúdaitheoirí na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil | 27 Már. |
| Cruinniú *CAHAMA* | 2-3 Beal. |
| Fóram Domhanda Lúthchleasaithe na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil | 3-5 Meith. |
| Cruinniú Mullaigh Cheannairí na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála | 12-13 Meith. |
| Cruinniú Ghrúpa na Saineolaithe Tástála | 16 Lún. |
| Cruinniú Oideachais Chomhairle na hEorpa | 3-4 M.F. |
| Grúpa Oibre na GDFD maidir le Nithe Rialachais | 5-6 M.F. |

*CAHAMA* 11 M.F.

Siompóisiam Eolaíochta Ghníomhaireacht Frithdhópála na Stát Aontaithe 28 M.F. go D.F. 1

Comhdháil Oideachais Dhomhanda na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil 24-25 D.F.

Cruinniú *CAHAMA* 29-30 D.F.

"An Tiomantas Idirnáisiúnta do Spóirt Ghlana a Thabhairt Chun Cinn: "Ag Athchóiriú na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil" 31 D.F.

Cruinniú Mullaigh Cheannairí na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála 1-2 Samh.

Siompóisiam um Pas Bitheolaíoch Lúthchleasaithe na GDFD 5-7 Samh.

## Aonad Cóitseála Spórt Éireann

Imríonn Aonad Cóitseála Spórt Éireann an príomhról ó thaobh cóitseála de ar bhonn uile-oileáin in Éirinn. Agus é ag obair i gcomhpháirt leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus leis an mórearnáil spóirt, stiúrann Aonad Cóitseála Spórt Éireann forbairt na cóitseála in Éirinn trí chlár tacaíochta oideachais ar ardchaighdeán a chur chun feidhme do chóitseálaithe agus do theagascóirí.

**Buaicphointí an Chláir**

- Leanadh ar aghaidh le bheith ag obair leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun a gcuid Cúrsaí Oideachais i gcomhair Cóitseálaithe a fhorbairt dá gConaire Cóitseála, go háirithe le Canúáil, Tonnmharcaíocht, Cispheil, leis an gComhairle Fo-Thuinn agus Cumann Rugbaí na hÉireann
- Na cúrsaí d'Fhorbróirí/Measúnóirí Cóitseálaithe ailínithe leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí i gcomhpháirt le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (*QQI*)
- Na háirithintí agus pleanáil don chomhdháil *iCoachKids* tugtha chun críche. Tá Aonad Cóitseála Spórt Éireann leis an gcomhdháil a óstáil sa bhliain 2019
- Cuireadh tús le hobair ar thionscadal *Erasmus* + TREOIRPHLEAN, atá cistithe ag an AE
- Forbraíodh an Bunachar Sonraí Náisiúnta Cóitseálaithe arís eile.

**Forbhreathnú ar an gClár**

*Príomhstaitisticí*

- Reáchtáil 38 gComhlacht Rialaithe Náisiúnta 1,835 cheann de chúrsaí ceadaithe oideachais chóitseálaithe sa bhliain 2018, agus 20,000 cóitseálaí á ndeimhniú lena linn.
- Sheachaid Cumann Peile Meiriceánaí na hÉireann an chéad chúrsa riamh dá chuid sa bhliain 2018 a bhí creidiúnaithe ag an *CDPI*, mar a bhí, an Bhuntreoir Chóitseála. Ba é seo an chéad dámhachtain chóitseála dá chuid ar an *CDPI* agus forbrófar tuilleadh dámhachtainí cóitseála sa bhliain 2019.
- Tá dámhachtain na gCeannairí Rothair á forbairt ag Rothaíocht Éireann. Is é sin an chéad damhachtain a bheidh ag Rothaíocht Éireann sa Chreat nua maidir le Ceannairí
- Tá Buntreoir nua maidir le Cóitseáil Haca Urláir forbartha ag na Cluichí Oilimpeacha Speisialta.

*An tEolas is Deireanaí ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta*

- Reáchtáil Aonad Cóitseála Spórt Éireann maidin chaife neamhfhoirmiúil i gcomhair CRNanna an 14ú Meitheamh ag an gCeanncheathrú Spóirt chun saincheisteanna ábhartha a phlé agus deiseanna a sholáthar do CRNanna le haithne a chur ar a chéile.
- D'fhreastail 65 duine ó 40 CRNanna ar sheisiúin faisnéise de chuid Aonad Cóitseála Spórt Éireann do CRNanna i mBaile Átha Cliath agus Luimneach i mí na Samhna 2018. Deis ab ea na seisiúin faisnéise seo d'Aonad Cóitseála Spórt Éireann chun an fhaisnéis is déanaí a thabhairt do CRNanna maidir le hoiliúint Fhorbróra agus Mheasúnaithe Cóitseála agus maidir le forbairtí sa Chóitseáil Leanaí. Bhí na CRNanna sásta go maith leis na seisiúin faisnéise seo agus beidh sé ina imeacht bliantúil do d'Aonad Cóitseála Spórt Éireann feasta.
- Chuir Haca Éireann a ngrúpa oibre oideachais chóitseála ar bun an athuair chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid dámhachtainí cóitseála, go háirithe dámhachtain chóitseála Leibhéal 3.
- Tá dámhachtain chóitseála haca fo thuinn Leibhéal 1 á forbairt ag Comhairle Fo-Thuinn na hÉireann chomh maith le dámhachtain do Bhainisteoir Spóirt Eachtraíochta.
- Tá Canúáil Éireann agus Cumann Tonnmharcaíochta na hÉireann tar éis aontú oibriú le chéile chun comhdhámhachtain do Theagascóirí na gClár Seaschéaslóireachta Uisce Leibhéalta a fhorbairt

- Rinneadh roinnt dul chun cinn leis an CLG maidir leis an seanchúrsa do theagascóirí a leasú ó bhonn go mbeidh sé ina chúrsa Forbróirí Cóitseála. Tugadh cuireadh do bhall foirne ó Aonad Cóitseála Spórt Éireann chun freastal ar choiste oideachais chóitseála an CLG, atá tar éis teacht le chéile arís i ndiaidh dó a bheith dulta as feidhm ar feadh tamaill. Déanfaidh an coiste seo athbhreithniú ar chlár oideachais iomlán chóitseála agus teagascóirí an CLG.
  I mí na Samhna 2018, chuir Aonad Cóitseála Spórt Éireann athbhreithniú i gcrích ar fheidhmíocht Pheil Shinsearach na Mí roimh shéasúr 2019. Cuirfidh Aonad Cóitseála Spórt Éireann tús le hathbhreithniú ar chonairí imreoirí agus cóitseála CLG Ros Comáin i mí Feabhra 2019.
- Thug an tAonad Camógaíochta ceardlann do chóitseálaithe Leibhéal 2 agus do chóitseálaithe idirchontae.
- Chuir Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann oiliúint ar láithreoirí don chlár Cóitseála Leanaí de chuid Aonad Cóitseála Spórt Éireann.
- Tá athbhreithniú mór á dhéanamh ag Cumann Rugbaí na hÉireann ar an gclár cóitseála dá chuid faoi láthair. Cuirfear ailíniú dhámhachtainí Chumann Rugbaí na hÉireann leis an *CDPI* ar athló go dtí go mbeidh athbhreithniú an Chumainn críochnaithe.

*Tionscadail Eorpacha*

Cuireadh ábhar i láthair an tSainghrúpa Eorpaigh um Scileanna agus Forbairt Acmhainní Daonna sa Spórt sa Chróáit maidir leis an mbealach atá Aonad Cóitseála Spórt Éireann ag pleanáil dámhachtainí cóitseála a ailíniú leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn.

Tionscadal Threoirphlean na hEorpa: D'fhreastail ar dhá chruinniú den tionscadal Treoirphlean. Tionscadal 3 bliana *Erasmus* + atá ann don earnáil fóillíochta gníomhaíche (na hearnálacha corpacmhainne agus gníomhaíochta amuigh faoin spéir) chun Treoirphlean fhadtéarmach a bhunú do Chomhar Scileanna agus don Fhostaíocht san Fhóillíocht Ghníomhach. I measc rudaí eile, beifear ag breathnú leis an tionscadal ar na cáilíochtaí Eorpacha le haghaidh Traenálaithe Pearsanta agus Beochantóirí Allamuigh agus ar a gcur siúd isteach ina gcuid den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Tá tionscadail *Erasmus*+ *iCoachKids* ag dul isteach sa bhliain deiridh dó sa bhliain 2019, agus cuirfear clabhsúr leis nuair a óstálfaimid comhdháil *iCoachKids* in Ollscoil Luimnigh an 14ú agus an 15ú Meitheamh 2019.

I mí na Samhna 2018, tugadh le fios dúinn gur éirigh lenár n-iarratas ar dhá thionscadal *Erasmus+* bhreise. Is é *PEAK* (*Policy, Evidence & Knowledge in Coaching*) an chéad cheann de na tionscadail sin, lena mbreathnófar ar chórais chóitseála san Eoraip, ar obair dheonach sa chóitseáil agus ar mhná sa chóitseáil i gcaitheamh trí bliana. Is é *Creating Insight* an dara tionscadal lena mbreathnófar ar an gcleachtas is fearr i Spóirt Sacair Idirnáisiúnta na nDall sa bhliain 2019, agus chun na cleachtais is fearr a shonrú.

*Coiste Cóitseála Spórt Éireann*

Cuireadh Coiste Cóitseála ar bun sa bhliain 2016 faoin Acht um Spórt Éireann, 2015. Thionóil Coiste
Cóitseála Spórt Éireann trí chruinniú sa bhliain 2018. Bhí an Coiste faoi chathaoirleacht ag an Uas. Seán Benton go dtí gur tháinig deireadh lena théarmai i mí Mheáin Fómhair 2018. Ceapadh John Maughan mar Chathaoirleach i mí na Nollag 2018. Is é cuspóir an Choiste comhairle a thabhairt d'Aonad Cóitseála Spórt Éireann maidir leis an mbeartas agus an straitéis le haghaidh Cóitseáil a fhorbairt ar oileán na hÉireann, agus an Clár Forbartha Cóitseála d'Éirinn á úsáid aige mar phointe tagartha.

*Iarratas chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann*

I mí Dheireadh Fómhair 2018, chuir Aonad Cóitseála Spórt Éireann iarratas faoi bhráid Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) le bheith ina sholáthraí dá chuid. Buailfidh Spórt Éireann le painéal deiridh DCCÉ an 20ú Feabhra 2019. Cuireadh tús freisin le hobair ar na cáipéisí a bheidh i gceist le dámhachtain an Fhorbróra Cóitseálaí sa teimpléad atá riachtanach le cur faoi bhráid DCCÉ. Bunaíodh Grúpa Cáilíochta Cóitseála de chuid Spórt Éireann agus John Maughan ina Chathaoirleach. Tháinig an grúpa seo le chéile faoi dhó sa bhliain 2018 agus acmhainn iontach luachmhar a bhí ann maidir lenár n-iarratas chuig DCCÉ a fhorbairt.

Cuireadh tús le scrúdú ar aonaid eile de chuid Spórt Éireann a tháirgeann oideachas agus oiliúint, agus tá grúpa Oideachais & Oiliúna de chuid Spórt Éireann curtha ar bun.

## Aonad Conairí Spórt Éireann

Leanann Aonad Conairí Spórt Éireann ar aghaidh le bheith ag tacú le forbairt inbhuanaithe an líonra conairí áineasa in Éirinn, lena n-áirítear conairí siúil, conairí rothaíochta agus conairí uisce (Gormbhealaí). Cuireann an clár caighdeáin agus dea-chleachtas do chonairí chun cinn agus coinníonn sé Clár Conairí Náisiúnta ar bun. Ní hamháin go dtacóidh Aonad Conairí Spórt Éireann leis an líonra conairí i gcaitheamh na míonna amach romhainn ach tacóidh agus oibreoidh an clár le raon leathan comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla freisin chun rannpháirtíocht a mhéadú i ngach spórt amuigh faoin spéir.

### Buaicphointí an Chláir

- Bhí 983 gconair cláraithe ar an gClár Conairí Náisiúnta ag deireadh na bliana 2018
- Tugadh faoi 117 cinn de shannacháin chigireachta agus chomhairleacha, agus cáilíocht agus caighdeáin na gconairí á gcinntiú (Thug Aonad Conairí Spórt Éireann Córas Iniúchóireachta nua isteach le haghaidh conairí sa cheathrú Ráithe de 2018, in ionad an Chórais Chigireachta a bhí i bhfeidhm le 10 mbliana anuas)
- D'fhorbair Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann an foilseachán ***'Na Treoirlínte um Rochtain ar an Saol Mór Amuigh faoin Spéir'*** le tacaíocht ó Spórt Éireann agus ó Chiste na gCuntas Díomhain
- Cuireadh 11 Tionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha chun feidhme tríd an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt
- Tugadh níos mó ná 373,000 cuairt ar www.irishtrails.ie sa bhliain 2018, rud a bhí cothrom le méadú 18,000 ar líon na ndaoine a thug cuairt ar ár láithreán i gcomparáid le 2017.
- De bharr ár gCláir Oideachais agus Oiliúna, d'fhreastail 229 duine ar ar 29 gcúrsa a reáchtáladh sa bhliain 2018
- Cuireadh tús leis an Staidéar Féidearthachta do thionscadal an Bhunachair Sonraí Digitigh Náisiúnta – Saoráidí Áineasa Allamuigh.

### Forbhreathnú ar an gClár

D'infheistigh Aonad Conairí Spórt Éireann suim nach beag ina chlár conairí áineasa sa bhliain 2018. D'fhág sé sin go raibh sé in ann 117 cinn de shannacháin chigireachta, chomhairleacha agus chlárúcháin a chur i gcrích i leith an bhonneagair shiúil agus rothaíochta atá ann ar fud na hÉireann. Tá sé d'aidhm lenár gClár nua Oideachais agus Oiliúna, a reáchtáladh don dara bliain i

ndiaidh a chéile, acmhainn a mhéadú agus tacú le gníomhaireachtaí agus pobail ar fud na tíre bonneagar conairí áineasa ar ardchaighdeán a phleanáil agus a fhorbairt.

Lean Aonad Conairí Spórt Éireann leis an tionscnamh 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl' a threorú sa
bhliain 2018, a bhfuil sé d'aidhm leis an tionscnamh tuilleadh siúil áineasa a chur chun cinn agus a spreagadh ar son na sláinte, na corpacmhainne agus an áineasa in Éirinn. Tá raon tionscnamh siúil á reáchtáil faoin gclár sin anois, lena n-áirítear Clár Siúil an Phobail Ghníomhaigh, Tionscnamh Siúil na Scoileanna, Bothanna na bhFear agus an Tionscnamh um Choillearnach ar son na Sláinte. Tá an clár 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl' ag obair ar an dara bliain den Straitéis agus den Phlean Gníomhaíochta trí bliana dá chuid, is iad ag obair i gcomhar le raon leathan comhpháirtithe le cinntiú go gcomhlíonfar gach sprioc agus cuspóir faoin mbliain 2020. Le cois grúpa chun an straitéis a chur chun feidhme, bunaíodh dhá ghrúpa oibre straitéise bhreise chun gníomhartha a chomhordú agus a stiúradh i réimsí na cumarsáide agus an oideachais.

Tugadh an tionscnamh 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht' chun cinn sa bhliain 2018 agus tar éis comhairliúcháin le raon leathan geallsealbhóirí, táirgeadh tuarascáil lenar leagadh amach 'Creat Straitéise - Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht' i lár 2018. Cuireadh tús le Céim 2 den tionscnamh seo ag deireadh 2018 d'fhonn Straitéis: Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht a fhorbairt sa bhliain 2019 tar éis tuilleadh ceardlann.

Sholáthair Aonad Conairí Spórt Éireann ionchur don Straitéis chun Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha a Fhorbairt Amach Anseo, a foilsíodh i mí Iúil 2018.

Chuir Aonad Conairí Spórt Éireann Tionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha chun feidhme sa bhliain 2018 don dara bliain i ndiaidh a chéile in aon chontae déag agus daingníodh cistiú ó Chlár na gCuntas Díomhaoin chun leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh seo le trí Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt déag sa bhliain 2019.

D'oibrigh Aonad Conairí Spórt Éireann le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann freisin chun treoirlíne nua a fhorbairt lena gcuirtear chun cinn an dea-chleachtas maidir le saoráidí amuigh faoin spéir a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.
Arís, ba é Spórt Éireann an comhordaitheoir náisiúnta do Sheachtain Eorpach an Spóirt in Éirinn sa bhliain 2018. Tionscnamh de chuid Choimisiún na hEorpa ab ea sa tseachtain agus

ritheadh é ón 22ú go dtí an 30ú Meán Fómhair 2018 agus seachadadh breis is 500 imeacht spóirt ar fud na tíre le linn an ama sin lena n-áirítear roinnt príomhimeachtaí cosúil le Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath, an Feachtas Scoile #BíGníomhach, Oícheanta #Bí Gníomhach agus an Lá Náisiúnta Corpacmhainne. D'oibrigh Spórt Éireann le comhpháirtithe difriúla éagsúla do Sheachtain Eorpach an Spóirt in 2018 agus chomhordaigh feachtas bolscaireachta náisiúnta don tseachtain agus úsáid á baint as ardáin bholscaireachta idirlín.

## An tAonad Taighde

### Monatóir Spóirt na hÉireann (MSÉ)

Foilsíodh tuarascáil bhliantúil Mhonatóir Spóirt na hÉireann don bhliain 2017 i mí na Bealtaine 2018, an seachtú tuarascáil dá leithéid ó tionscnaíodh MSÉ sa bhliain 2007. Le tuarascáil 2017, bhíothas ag breathnú ar rannpháirtíocht sa spórt, ar shiúl áineasa, agus ar ghníomhaíocht fhisiciúil ar bhonn níos leithne (siúl agus rothaíocht don iompar) mar aon le rannpháirtíocht shóisialta sa spórt trí bhallraíocht de chlubanna, obair dheonach, agus freastal ar imeachtaí spóirt. San áireamh ann freisin bhí léargais ar dhearcaí an phobail ar infheistíocht an Rialtais sa spórt, ar shaincheisteanna maidir le rannpháirtithe a chóitseáil agus a thraenáil, agus ar ról agus ar thionchar na teicneolaíochta inchaite ar an rannpháirtíocht sa spórt.

I mí na Nollag 2018, tar éis próisis tairisceana iomaíche, bronnadh an conradh ar *Ipsoso MRBI 2018* chun an chéad dhá thuarascáil MSÉ eile a sheachadadh i gcomhair 2019 agus 2021.

### An Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil (CSPPA)

Riar cuibhreannas uile-oileánda d'institiúidí 3ú leibhéal, tionscadal taighde ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil , agus ba é Ollscoil Luimnigh a bhí á stiúradh agus taighdeoirí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus ó Ollscoil Uladh páirteach ann. Is tionscadal leantach é ar an Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil 2010, rud ina ndearnadh scrúdú ar nósanna spóirt, oideachas fisiciúil nósanna agus gníomhaíochta fisiciúla i measc leanaí idir 10-18 mbliana d'aois chomh maith le scrúdú ar na bacainní atá ann ar rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i measc an ghrúpa seo, agus ar na nithe a spreagann iad chun gabháil dóibh agus ar dhearcaí ar spórt agus ar ghníomhaíocht fhisiciúil i measc an ghrúpa seo agus scrúdú freisin ar an gceangal idir a rannpháirtíocht siúd sa spórt agus a sláinte fhisiciúil agus a meabhairshláinte.

Dá bhrí sin, beidh an staidéar ar an gcéad tionscadal taighde uile-oileánda riamh chun breathnú ar na saincheisteanna seo. In éineacht leis an staidéar a bheith á sheachadadh ag grúpa uile-oileánda, is ar bhonn uile-oileánda a cistíodh é freisin, ag Spórt Éireann, chomh maith le Spórt Thuaisceart Éireann agus an Roinn Sláinte. Cuireadh an obair le sonraí a bhailiú i gcrích i rith na bliana agus bhí an anailís ar thorthaí ar siúl faoi dheireadh na bliana chomh maith leis an chéad tuarascáil á dréachtú. Soláthróidh torthaí an staidéir táscairí bonnlíne maidir le rannpháirtíocht leanaí sa spórt don Bheartas Náisiúnta Spóirt nua a foilsíodh sa bhliain 2018.

### Taighde Eolaíochta Iompraíochta

Agus cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a úsáid, thionscain Spórt Éireann tionscadal taighde chun athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na léargas ón eolaíocht iompraíochta in idirghabhálacha a mbeidh sé d'aidhm leo rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú i measc daoine i bpobail faoi mhíbhuntáiste. Is iad taighdeoirí ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta a bheidh ag seachadadh an tionscadail, agus bhain athbhreithniú ar litríocht an taighde idirnáisiúnta leis an gcéad chéim chun meicníochtaí a shonrú ar dócha go n-éireoidh leo gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn. Bunaithe ar thorthaí na céime seo den athbhreithniú, forbrófar idirghabhálacha agus déanfar meastóireacht orthu i rith na dara céime. Fuarthas dréacht-tuarascáil ón athbhreithniú roimh dheireadh 2018 agus tá céim na hidirghabhála le forbairt agus le cur chun feidhme i rith 2019. Tá an tionscadal nasctha le Gníomhartha 6, 9, 10 agus 11 den Bheartas Náisiúnta Spóirt.

### Tacaíocht do CÁSanna agus do CRNanna maidir le Rannpháirtíocht

Agus sonraí á n-úsáid ó Mhonatóir Spóirt na hÉireann, soláthraíodh tuairiscí / páipéir eolais do CÁSanna Chorcaí, Dhún Laoghaire Ráth an Dúin, Fhine Gall, na Mí, Bhaile Átha Cliath Theas, Thiobraid Árann, Dhún na nGall, Chathair Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Laoise agus Shligigh sa bhliain 2018. Cuireadh ábhar i láthair bhoird CÁSanna Mhaigh Eo, Mhuineacháin agus Chathair Bhaile Átha Cliath freisin chomh maith leis an imeacht chun deis a thabhairt do CRNanna agus CÁSanna aithne a chur ar a chéile i mí Dheireadh Fómhair. Tugadh cúnamh le tacaíocht taighde do CRNanna freisin i gcomhthéacs a gcuid pleanála. Bhain idir Shnámh Éireann, Lúthchleasaíocht Éireann, Bhadmantan Éireann agus Chumann Seoltóireachta na hÉireann leas as an deis seo.

### Tionscadail eile

Tá tacaíocht taighde á soláthar chun meastóireacht a dhéanamh ar chláir a cistíodh faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin lena n-áirítear Moil Spóirt Phobail, clár Siúil na bPobal Gníomhach agus an clár Cóitseála Spóirt Phobail.

Sholáthar an tAonad Taighde ionchur suntasach chun cáipéisí straitéise Spórt Éireann a fhorbairt maidir le rannpháirtíocht agus mná sa spórt.

Rannchuidigh an tAonad Taighde le roinnt tionscadal taighde idir Ranna / gníomhaireachtaí i rith 2018 lena n-áirítear an Comhshaothar Taighde um Ghníomhaíocht Fhisiciúil na hÉireann, an

Tionscnamh um Aosú Dearfach Sláintiúil agus an Coiste Taighde don Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta Fisiciúla.

## Gníomhaíocht Chorparáideach

- Thug Spórt Éireann freagra ar 50 Ceist Parlaiminte san iomlán sa bhliain 2018

- D'urraigh Spórt Éireann Gradaim an Irish Times/Spórt Éireann do Bhean Spóirt na Bliana sa bhliain 2018

- Sholáthair Spórt Éireann tacaíocht arís don *Operation Transformation* sa bhliain 2018, lena n-áirítear an Rith 5k le haghaidh *Operation Transformation* a eagrú i bPáirc an Fhionnuisce i gcomhar le Lúthchleasaíocht Éireann.

- Bhí 615 alt ina raibh iomrá ar Spórt Éireann i bhfoilseacháin náisiúnta phriontáilte sa bhliain 2018

- Rinne Spórt Éireann urraíocht ar fhorlíonadh *'Walk of Life'* a bhí dírithe ar an siúl sa *Sunday Independent* i mí Feabhra 2018

- Lean Aonad Cumarsáide Spórt Éireann le tacaíocht a thabhairt sna réimsí seo a leanas: na meáin; gnóthaí poiblí; cumarsáid chorparáideach; imeachtaí; margaíocht; agus cúrsaí digiteacha

## Tuarascáil Bhliantúil maidir le Nochtadh Cosanta

Ceanglaítear le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, go bhfoilseofaí tuarascáil gach bliain a bhaineann leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe agus le haon ghníomhartha a rinneadh i leith na nochtaí sin.

Ní bhfuair Spórt Éireann aon nochtaí cosanta sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2017.

## Comhlíonadh Spórt Éireann

Tá sé comhaontaithe ag Spórt Éireann a chinntiú go gcomhlíonfar ina n-iomláine gach oibleagáid riachtanach ó thaobh rialachais chorparáidigh de (oibleagáidí faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit san áireamh), lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistíocht riosca, le hiniúchóireacht inmheánach agus leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

### ***Ráiteas faoin Dóigh an Oibríonn Bord Spórt Éireann***

- Tá freagracht chomhchoiteann ar an mBord as gníomhaíochtaí Spórt Éireann a stiúradh agus a threorú. Cé go bhféadfaidh an Bord feidhmeanna ar leith a tharmligean chuig an lucht bainistíochta, ní shaorfaidh feidhmiú na cumhachta tarmligin an Bord ón dualgas atá air maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonfar na feidhmeanna tarmligthe.

- Cuireann an Bord feidhmeanna tábhachtacha i gcrích, lena n-áirítear iad seo a leanas: an treo straitéiseach agus mórphleananna gníomhaíochta, beartais bhainistíochta riosca agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht Spórt Éireann, agus formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí maidir le mórchaiteachas caipitil agus mórinfheistíocht chaipitil.

- Seolann an Bord a chuid gnó de réir Chód Rialachais agus Iompar Gnó Spórt Éireann agus de réir aon nósanna imeachta dá dtagraítear ann. Is é an príomhról a bheidh ag an mBord agus é i seisiún iomlánach ná cinneadh a dhéanamh ar nithe beartais, airgeadais agus nós imeachta, anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí éagsúla de chuid

Spórt Éireann agus a Fhoirne, breithniú a dhéanamh ar mholtaí ó Choistí nó ó údaráis tharmligthe eile maidir leis na critéir le haghaidh cúnamh airgeadais a dhámhachtain, agus breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chúnamh airgeadais.

- Cloífidh an Bord i gcónaí leis an bprionsabal go bhfuil freagracht chomhchoiteann ar Spórt Éireann agus go bhfuil údarás comhchoiteann aige mar chomhlacht corpraithe.

- Cinntíonn an Bord go mbeidh gach cinneadh ar mhórmhíreanna caiteachais ailínithe le straitéisí meántéarmacha agus fadtéarmacha chun a chinntiú go mbeidh caiteachas den sórt sin dírithe ar chuspóirí agus torthaí atá sainithe go soiléir.
- Glacfaidh an Bord ráiteas straitéise do gach tréimhse cúig bliana. Is trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a thacófar le Spórt Éireann an straitéis sin a chur chun feidhme.

- Ag gníomhú dó tríd an gCathaoirleach, téann an Bord i gcomhairle leis an Aire gach bliain chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:
    - na hionchais atá ag an Aire maidir le hobair Spórt Éireann (agus na hionchais atá ag
    - Spórt Éireann féin) a shainiú;
    - an ról atá ag Spórt Éireann maidir le forbairt beartais i réimse an spóirt a shoiléiriú; agus
    - na paraiméadair a bhaineann le hacmhainní/ioncam Spórt Éireann a shainiú.

- Déanann an Bord meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin gach bliain

***Ról Cinnteoireachta agus Feidhmeanna an Bhoird***

Ó am go chéile, cinneann Bord Spórt Éireann sceideal foirmiúil nithe atá forchoimeádta go
sonrach lena gcinneadh aige chun a chinntiú gurb é an Bord, agus an Bord amháin, a dhéanfaidh aon chinntí maidir leis an eagraíocht a stiúradh agus a rialú. Áireofar na nithe seo a leanas leis na feidhmeanna atá forchoimeádta don Bhord (seachas i gcás go gcinnfidh
an Bord a mhalairt:

- na próisis trína n-earcóidh sé Príomhfheidhmeannach a bhunú.
- údarás a tharmligean chuig an bPríomhfheidhmeannach chun na feidhmeanna lena mbaineann a chomhlíonadh agus chun measúnú a dhéanamh ar a f(h)eidhmíocht
- tuairiscí a fháil go rialta ón bPríomhfheidhmeannach maidir le gach mórghné de ghníomhaíochtaí Spórt Éireann agus na tuairiscí sin a bhreithniú
- caiteachas a cheadú i gcás go measfar gur mó é in aon bhliain amháin ná:
  (a) €10,000 i gcás deontaí aonair, nó
  (b) €100,000 i gcás Comhlacht Rialaithe Náisiúnta nó eagraíocht eile atá ag fáil deontais, nó
  (c) €25,000 ar earraí nó trealamh a cheannach ón aon soláthraí amháin nó a bhaineann le seirbhísí gairmiúla a fháil ón aon soláthraí amháin
- gach caiteachas caipitil os cionn tairseach €25,000 a cheadú
- tosaíochtaí straitéiseacha agus téarmaí na bpleananna straitéise, gnó agus cur chun feidhme arna n-ullmhú ag an bhFoireann a cheadú
- buiséad bliantúil agus plean corparáideach a ghlacadh
- beartais iniúchóireachta agus beartais bhainistíochta riosca a ghlacadh agus monatóireacht a dhéanamh ar na beartais sin agus tuairisc a thabhairt orthu
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a cheadú
- gach mórchonradh, mórléas agus mórshocraíocht atá os cionn na dteorainneacha atá leagtha amach i nósanna imeachta airgeadais Spórt Éireann a cheadú
- leasuithe suntasacha a cheadú ar shochair phinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na foirne
- ar aon dul le treoirlínte ón Rialtas, beartas a bhunú maidir le luach saothair an lucht ard-bhainistíochta
- na nósanna imeachta a leanfar ag cruinnithe an Bhoird a chinneadh
- ceannach suntasach sócmhainní, diúscairt shuntasach sócmhainní agus cur as feidhm suntasach sócmhainní ag Spórt Éireann agus ag a fhochuideachtaí a cheadú i gcás go mbeidh siad os cionn tairseach €25,000

***Meastóireacht ar an mBord agus ar naCoistí***

Cuireadh críoch i Meitheamh 2018 leis an bpróiseas bliantúil um Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Bhoird agus um Meastóireacht ar Fheidhmíocht an Bhoird, ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta 2018. Déanfaidh comhlacht seachtrach an t-athbhreithniú sa bhliain 2019, ar aon dul leis an gCód

Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Déanann an Bord athbhreithniú foirmiúil ar thuarascálacha scríofa ó gach Coiste ar bhonn bliantúil ar a laghad freisin.

### ***Measúnú Riosca***

Rinne an Bord measúnú láidir ar na príomhrioscaí atá roimh Spórt Éireann, lena n-áirítear rioscaí arbh é an toradh a bheadh orthu ná go bhfulaingeodh Spórt Éireann caillteanas, damáiste nó míbhuntáiste, nach mbainfeadh Spórt Éireann tairbhe as deiseanna atá ar fáil dó nó nach ngnóthódh Spórt Éireann na cuspóirí atá aige de bharr eachtraí nó gníomhartha inmheánacha nó seachtracha atá neamh-inmhianaithe nó éiginnte. Catagóirítear príomhrioscaí i gceann amháin de na ceithre chatagóir seo a leanas:

- *Rioscaí Straitéiseacha:* an teip cuspóirí straitéiseacha Spórt Éireann, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach, a ghnóthú agus an teip leas a bhaint as deiseanna nuair a thagann siad chun cinn freisin

- *Rioscaí Oibriúcháin*: easpa an chumais cuspóirí oibriúcháin Spórt Éireann a ghnóthú, lena n-áirítear an easpa an chumais caillteanas a chosc a eascraíonn as próisis agus córais inmheánacha a bheith neamhimleor

- *Rioscaí Airgeadais:* neamhchosaint ar chaillteanais airgeadais a thagann chun cinn as rialuithe a bheith neamhimleor nó as an ngá atá ann le sócmhainní airgeadais Spórt Éireann a bhainistiú ar bhealach níos fearr

- *Rioscaí Cáile agus Comhlíonta:* neamhchosaint ar chaillteanais a thagann chun cinn as poiblíocht dhíobhálach, as íomhá phoiblí dhiúltach agus as an ngá atá ann leis an gcaidreamh le geallsealbhóirí a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Is é is riosca comhlíonta ann ná an bhagairt atá ar sheasamh eagraíochtúil nó cáile Spórt Éireann de bharr sáruithe ar dhlíthe, ar rialacháin, ar chóid iompair nó ar na caighdeáin chleachtais atá i bhfeidhm ag an eagraíocht.

Úsáidtear dhá thoisc chun rioscaí a thomhas, i.e. an dóchúlacht go dtarlódh an eachtra (dealraitheacht) agus an éifeacht a bheadh ann ar Spórt Éireann dá dtiocfadh an eachtra chun cinn (tionchar). Úsáidtear an próiseas atá leagtha amach i mBeartas Bainistíochta Riosca Spórt Éireann

chun na tosca sin a mheas. Ba iad seo a leanas na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí a bhí roimh Spórt Éireann sa bhliain 2018:

- An riosca go mbeadh tionchar diúltach ag saincheisteanna dlíthiúla agus airgeadais ó oidhreacht ar an gcumas atá ag Spórt Éireann a chroíchuspóirí a ghnóthú.
- An riosca nach soláthrófaí na hacmhainní airgeadais agus foirne a theastaíonn chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna leathana Spórt Éireann agus chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh agus a rialú.
- An riosca go mbeadh cliseadh ann i bpróisis rialaithe agus/nó i bhforbairt an Champais Náisiúnta Spórt a bhainistiú.
- An riosca nach gcomhlíonfaí rialacháin reachtúla a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht is cosaint sonraí.
- Go mbítear ag brath an iomarca ar chistiú seachtrach (Ciste na gCuntas Díomhaoin) chun an straitéis Rannpháirtíochta a chur chun feidhme.

## Beartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt

**<u>Príomh-Ghníomhartha faoin mBeartas</u>**

- Tuarascáil Bhliantúil Spórt Éireann a fhorbairt i gcomhair 2017, obair a chabhraigh leis an bpróiseas tuairisceoireachta bliantúla foriomlán ag Spórt Éireann
- Infheistíocht trí dheontais Spórt Éireann do lúthchleasaithe, CÁSanna, CRNanna, Parailimpigh, Cara agus gníomhaireachtaí eile
- Oiliúint Feasachta faoi Mhíchumas a sheachadadh do bhaill foirne Spórt Éireann
- Tacaíocht do bhaill foirne i CRNanna a phléann le cúrsaí Míchumais agus Cara
- Gníomhartha, a bhain le spórt do dhaoine le míchumais, a chuimsiú sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027
- Craobhchomórtais Pharashnámha na hEorpa a óstáil
- Tacaíocht do Phara-Lúthchleasaithe trasna roinnt spórt agus a fheabhas is a d'éirigh leo
- Dámhachtainí nua oideachais chóitseála forbartha ag Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann -Spórt agus Oilimpicí Speisialta
- An Chairt um Ionchuimsiú Spóirt a fhorbairt agus a sheoladh
- Láithriú agus faisnéisiú do Choiste Comhairliúcháin Inrochtaineachta na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- Comh-óstáil an tSeimineáir Náisiúnta um Ionchuimsiú in éineacht le Cara
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Coiste Comhairliúcháin Inrochtaineachta: Rinneadh ionadaíocht do Spórt Éireann ag cruinnithe sa bhliain 2018

**<u>Aonaid Shonracha</u>**

Chuir na haonaid i Spórt Éireann an obair seo a leanas i gcrích sa bhliain 2018:

**Cóitseáil:**

- Leanadh ar aghaidh leis an tacaíocht chun dámhachtainí oideachais chóitseála a fhorbairt agus a fheidhmiú go céimneach sna CRNanna um Míchumas, go sonrach Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann-Spórt agus Oilimpicí Speisialta Éireann
- Idirchaidreamh le Cara thar ceann Spórt Éireann trasna gach réimse

**An tAonad Cumarsáide**

- **Brandáil:** Tugadh tacaíocht d'Ionad CARA maidir le himeachtaí agus straitéis Cara a fhorbairt
- **An Seimineár Náisiúnta um Chuimsiú:** Cuireadh an Seimineár Náisiúnta um Chuimsiú chun cinn agus tugadh tuairisc air

**Rannpháirtíocht – An tAonad Tacaíochta do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt**

- **Croí-Infheistíocht i gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt:**
  - Leithdháileadh an Croídheontas don bhliain 2018 agus úsáideadh é chun tacú le poist mar Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt i 20 ceann de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus sa Chlár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt.
  - Próiseáladh an Croídheontas don bhliain 2019 agus úsáidfear é chun tacú le poist ar Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt i Líonra na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus sa Chlár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt.
- **Infheistíocht in Ionad CARA:**
  - Próiseáladh agus leithdháileadh an chroí-infheistíocht in Ionad CARA don bhliain 2018.
- **Cuntais Dhíomhaoine:**
  - Leithdháileadh agus riaradh an infheistíocht in Ionad CARA ó Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain 2018.
  - Leithdháileadh an infheistíocht i gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ó Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain 2018 chun Gníomh 49 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil a chur i gcrích agus riaradh í.
  - D'fhreastail go leor ball foirne ón Aonad agus ionadaithe do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar an Seimineár um Chuimsiú sa Spórt sa bhliain 2018 agus thacaigh siad leis an Seimineár

**Rannpháirtíocht – An tAonad Conairí**

- Faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin, ullmhaíodh an tionscadal, i gcomhar le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann-Spórt, chun forbairt a dhéanamh ar Threoirlínte le haghaidh Conairí Inrochtana, lena seoladh go luath in 2019

**Rannpháirtíocht – An tAonad Eitice:**

- **Cruinniú DSCO:** Cruinniú le hOifigigh Ainmnithe um Chumhdach Leanaí: Méadaíodh feasacht ar Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt

**Rannpháirtíocht – An tAonad Frithdhópála:**

- **Tástáil:** Tá thart ar 20-30 lúthchleasaí faoi mhíchumas sa ghrúpa cláraithe le haghaidh tástála i réimsí na lúthchleasaíochta, na rothaíochta, an tsnámha agus na canúála. Déantar coigeartuithe ar an bpróiseas tástála chun freastal ar lúthchleasaithe aonair
- **Oideachas agus Cosc:** Oibríodh go dlúth le Cumann Parailimpeach na hÉireann agus le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann-Spórt chun ceardlanna oideachais frithdhópála a sholáthar do lúthchleasaithe leibhéil náisiúnta agus do lúthchleasaithe ardfheidhmíochta araon

**An tAonad Ardfheidhmíochta:**

- Tacaíodh le hóstáil Chraobhchomórtais Pharashnámha na hEorpa 2018
- Soláthraíodh cistiú do Pharailimpicí Éireann
- Soláthraíodh cistiú do phara-lúthchleasaithe go díreach
- Tacaíodh le pleananna i gcomhair Chluichí Parailimpeacha 2020 i dTóiceo
- Infheistíocht iomlán sa pharaspórt ón Aonad Ardfheidhmíochta: €1,762,500

**Institiúid:**

- Soláthar seirbhísí do phara-lúthchleasaithe, stiúrthóirí feidhmíochta agus CRNanna

**Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta – Príomh-Bhuaicphointí:**

- Tacaíocht do chomhlachtaí a dhíríonn ar chúrsaí míchumais faoi scéim na gcroí-dheontas
- Tacaíocht do chomhlachtaí / imeachtaí a dhíríonn ar chúrsaí míchumais faoi scéim na dtionscadal speisialta
- Tacaíocht do thionscadail a dhíríonn ar chúrsaí míchumais faoi scéim chistithe Éire Shláintiúil agus Chiste na gCuntas Díomhaoin
- Duine Idirchaidrimh Leanúnach don Earnáil CRNanna / CARA
- Ball Leanúnach sa Ghrúpa Oibre um Míchumas ag Spórt Éireann
- Ball sa Ghrúpa Oibre don Chairt um Iomchuimsiú Míchumais sa Spórt
- Breitheamh i gcomhair na nGradam Náisiúnta um Ionchuimsiú i gcomhair CARA
- Cainteoir ag Cluichí Náisiúnta Ionchuimsithe de chuid *Vision Sports Ireland*

- Cistiú, Oibrí Deonach agus Ionadaí ó Spórt Éireann – Cluichí Ionchuimsithe na Spórt Uisce
- Cistiú agus Ionadaí ó Spórt Éireann – Craobhchomórtais Domhanda na nDall sa Leadóg
- Cistiú agus Ionadaí ó Spórt Éireann - Cóitseáil Chluichí na Cónaidhme Idirnáisiúnta Spórt Cathaoireacha Rothaí agus Lúthchleasasithe Teascacha
- Infheistíocht iomlán i CRNanna: €1,995,000

**An tAonad Taighde:**

- Cuireadh tús le hobair chun tuairisc a dhréachtú maidir le rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i measc daoine le míchumais trí shonraí Mhonatóir Spóirt na hÉireann a úsáid, agus tagairt á déanamh do cháipéisí bheartais náisiúnta agus d'fhaisnéiseoirí buntábhachtacha
- Cuireadh Sraith Ceisteanna Ghrúpa Washington san áireamh sa Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil ar tugadh faoi sa bhliain 2018
- Rannpháirteach i gcaitheamh an lae sa Seimineár Náisiunta um Ionchuimsiú an 27 Samhain agus rannchuidigh san obair leis an gCairt Náisiúnta um Ionchuimsiú sa Spórt a seoladh timpeall an tSeimineáir
- Thacaigh le hobair Ghrúpa Spórt Éireann chun Beartais a Chur Chun Feidhme agus sholáthair ábhar d'Ionad CARA maidir le staidéir thaighde faoi dhaoine le míchumas.

**Forbairt agus Athrú Eagraíochta**

- Idirghabháil ó thaobh na Forbartha Eagraíochta le Cumann Parailimpeach na hÉireann agus le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann i ndáil le cultúr agus feidhmíocht.
- Glacadh cúram speisialta le cinntiú go raibh gach idirghabháil ó thaobh na Forbartha agus an Athraithe Eagraíochta inrochtana agus ionchuimsitheach do na heagraíochtaí agus na fostaithe sin le míchumas.

**Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann:**

- Soláthraíodh seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas trí shaoráidí agus Spás Tonála a chur ar fáil agus trí champaí ilspóirt agus acadaimh spóirt a reáchtáil.

**Acmhainní Daonna**

- Comhlíonann Spórt Éireann reachtaíocht chomhionannais.

**Infheistíocht 2018:**

Rinneadh Spórt Éireann na hinfheistíochtaí seo a leanas in 2018:

- Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta (Míchumas) - €1,536,000
- Mná sa Spórt - €2,000
- Parailimpicí Éireann - €665,000
- Imeachtaí lenar Óstáladh: Lucht Parashnámha Chumann Parailimpigh na hÉireann - €50,000 / Cluichí Náisiúnta *SOI*– €60,000
- Scéim Cardála Idirnáisiúnta: Para-Lúthchleasaithe - €482,000
- Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt: Clár um Ionchuimsiú Míchumais sa Spórt - €345,715
- Cistiú na gCuntas Díomhaoin: Cluichí Ionchuimsithe Seoltóireachta-Spóirt Uisce - €50,000 / Clár Tacaíochta do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta - €150,000

**AGUISÍN A** **Saoráil Faisnéise**

| Réimse Cláir | An Líon Iarrataí | Freagra |
|---|---|---|
| Comhlacht Rialaithe Náisiúnta | 12 | Géilleadh don Iomlán - 4 , Géilleadh do Chuid De - 2, Diúltaíodh - 1, Gan taifid ann - 2, Níor Bhain An Iarraidh Le Spórt Éireann - 1, Déileáladh leis lasmuigh den Acht SF - 2, |
| An tAonad Ardfheidhmíochta | 2 | Géilleadh don Iomlán - 1, Géilleadh do Chuid De - 1 |
| An tAonad Frithdhópála | 4 | Géilleadh do Chuid De - 2, Déileáladh leis lasmuigh den Acht SF - 2 |
| Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt | 1 | Géilleadh don Iomlán - 1, |
| Seirbhísí Corparáideacha | 2 | Cuid Deonaithe - 1 Déileáladh leis lasmuigh den Acht SF - 1, |
| **Iomlán** | **21** | |

**AGUISÍN B** **Deontais CRNanna 2018**

| Comhlacht Rialaithe Náisiúnta | Méid € |
| --- | --- |
| Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann | 10,000 |
| Boghdóireacht Éireann | 12,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | 897,000 |
| Badmantan Éireann | 320,000 |
| Cispheil Éireann | 603,000 |
| Cumann Spóirt na hÉireann um Chasadh an Bhaitín | 21,000 |
| Bol Chumann na hÉireann | 22,500 |
| Sraith Bollaí na hÉireann | 28,000 |
| Canúáil Éireann | 208,000 |
| Cruicéad Éireann | 362,500 |
| Cumann Cróice na hÉireann | 5,000 |
| Rothaíocht Éireann | 305,000 |
| Liathróid Láimhe CLG | 95,000 |
| An Chónaidhm Gailf in Éirinn | 238,000 |
| Gleacaíocht Éireann Teoranta | 230,000 |
| Cumann Caiteoirí Crú Capaill na hÉireann | 5,000 |
| Eachspórt Éireann | 789,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | 432,000 |
| Cumann Coraíochta Amaitéaraí na hÉireann | 18,000 |
| Cumann Peile Meiriceánaí na hÉireann | 23,000 |
| Cumann Lámhach Créphlátaí na hÉireann | 36,000 |
| Cumann Spóirt na hÉireann don Bhodhar | 63,000 |
| Cumann Pionsóireachta na hÉireann | 35,750 |
| Cumann Haca na hÉireann | 260,000 |
| Cumann Haca Oighir na hÉireann | 3,000 |
| Cumann Júdó na hÉireann | 72,500 |
| Coimisiún Ealaíona Comhraic na hÉireann | 45,000 |
| Cumann na hÉireann don Liathróid Láimhe Oilimpeach | 37,000 |

| | |
|---|---|
| Cumann Treodóireachta na hÉireann | 45,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | 323,000 |
| Cumann Scuaise na hÉireann | 160,000 |
| Cumann Tonnmharcaíochta na hÉireann | 64,000 |
| Cumann Taekwondo na hÉireann Teoranta | 9,000 |
| Cumann Babhláil Deich bPionna na hÉireann | 27,000 |
| Cumann Tarraingt Téide na hÉireann | 22,000 |
| An Chomhairle Fo-Thuinn | 60,000 |
| Cónaidhm Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha na hÉireann | 20,000 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | 250,000 |
| Cumann Pheil na mBan | 400,000 |
| Gluaisrothaíocht Éireann | 48,000 |
| Rásaíocht Mótair Éireann | 137,000 |
| Sléibhteoireacht Éireann | 193,000 |
| Na Cluichí Pobail Náisiúnta | 284,000 |
| Cumann Oifigiúil Náisiúnta Cearáité na hÉireann | 8,000 |
| Aontas Galf Dhá Mhaide na hÉireann | 63,000 |
| Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann | 17,000 |
| Cumann Billéardaí agus Snúcair Phoblacht na hÉireann | 63,000 |
| Rámhaíocht Éireann | 210,000 |
| Rugbaí Sraithe Éireann | 15,500 |
| Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann | 1,270,000 |
| Cumann Uaimheadóireachta na hÉireann | 10,000 |
| Snámh Éireann | 827,000 |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann | 107,000 |
| Leadóg Éireann | 357,000 |
| An Cumann Camógaíochta | 395,000 |
| Trí-atlan Éireann | 113,000 |
| Fís-Spóirt Éireann | 35,000 |

| | |
|---|---|
| Cumann Eitpheile na hÉireann | 185,000 |
| Tionscadail agus Cláir Speisialta | 9,315 |
| Foireann Náisiúnta na mBan de chuid Chumann Peile na hÉireann | 195,000 |
| | |
| **Iomlán** | **11,098,065** |

**AGUISÍN C** **Deontais Ardfheidhmíochta 2018**

| Comhlacht Rialaithe Náisiúnta | Méid € |
|---|---|
| Lúthchleasaíocht Éireann | 910,000 |
| An Cumann Badmantain | 155,000 |
| Canúáil Éireann | 40,000 |
| Cruicéad Éireann | 200,000 |
| Rothaíocht Éireann | 430,000 |
| An Chónaidhm Gailf in Éirinn | 450,000 |
| Gleacaíocht Éireann | 195,000 |
| Haca Éireann | 1,020,000 |
| Eachspórt Éireann | 705,000 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | 270,000 |
| Cumann Taekwondo na hÉireann | 60,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | 765,000 |
| Cumann Lámhach Créphlátaí na hÉireann | 25,000 |
| Cumann Júdó na hÉireann | 70,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | 775,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann | 865,000 |
| Peantatlan Éireann | 270,000 |
| Rámhaíocht Éireann | 565,000 |
| An Cumann Spórt Sneachta | 55,000 |
| Snámh Éireann | 635,000 |
| Leadóg Éireann | 175,000 |
| Trí-atlan Éireann | 270,000 |
| Spórt Mac Léinn Éireann | 30,000 |
| **Iomlán** | **8,935,000** |

**AGUISÍN D** **SCÉIM CARDÁLA IDIRNÁISIÚNTA**

| Comhlacht Rialaithe Náisiúnta | Lúthchleasaí | Catagóir | Méid |
|---|---|---|---|
| Lúthchleasaíocht Éireann | Thomas Barr | Póidiam | €40,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | Ciara Mageean | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | Fionnula McCormack | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | Brian Gregan | Den Chéad Scoth | €16,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | Mark English | Den Chéad Scoth | €16,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | Alex Wright | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | Brendan Boyce | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | Christine McMahon | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | Michelle Finn | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | Paul Pollock | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | Sara Treacy | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Lúthchleasaíocht Éireann | Robert Heffernan / Clár | Póidiam | €40,000 |
| | **Spórt Idirthréimhseach: Lúthchleasaíocht Éireann** | | **€224,000** |
| Badmantan Éireann | Chloe Magee | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Badmantan Éireann | Sam Magee | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Badmantan Éireann | Joshua Magee | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Badmantan Éireann (Para) | Niall McVeigh | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| | **Spórt Idirthréimhseach: Badmantan Éireann** | | **€64,000** |
| Aontas Canúála na hÉireann | Liam Jegou | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Aontas Canúála na hÉireann (Para) | Patrick O'Leary | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Aontas Canúála na hÉireann | Jennifer Egan | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Aontas Canúála na hÉireann | Tom Brennan | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| | | **Aontas Canúála na hÉireann** | **€64,000** |
| Rothaíocht Éireann | Felix English | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Rothaíocht Éireann | Lydia Boylan | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Rothaíocht Éireann | Lydia Gurley | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Rothaíocht Éireann | Marc Potts | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Rothaíocht Éireann | Mark Downey | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Rothaíocht Éireann | Robyn Stewart | Den Chéad Scoth | €20,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rothaíocht Éireann | Shannon McCurley | Idirnáisiúnta | €8,000 |
| Rothaíocht Éireann (Para) | Colin Lynch | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Rothaíocht Éireann (Para) | Katie George Dunlevy & Eve McCrystal | Póidiam | €60,000 |
| Rothaíocht Éireann (Para) | Peter Ryan & Sean Hahessy | Idirnáisiúnta | €18,000 |
| Rothaíocht Éireann (Para) | Ronan Grimes | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Rothaíocht Éireann | Foireann Forbartha na bhFear Faoi Bhun 23 | Cistiú Comh-thiomsaithe | €10,000 |
| Rothaíocht Éireann | Tóraíocht Foirne na mBan | Cistiú Comh-thiomsaithe | €20,000 |
| | | **Spórt Idirthréimhseach: Rothaíocht Éireann** | **€260,000** |
| Gleacaíocht Éireann | Rhys McClenaghan | Cistiú Comh-thiomsaithe | €25,000 |
| Gleacaíocht Éireann | Andrew Smith | | |
| | | **Gleacaíocht Éireann** | **€25,000** |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | Joe Ward | Póidiam | €40,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | Brendan Irvine | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | Kurt Walker | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | Kellie Harrington | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | Sean McComb | Idirnáisiúnta | €3,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | Michael Nevin | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | Christina Desmond | Idirnáisiúnta | €6,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | Grainne Walsh | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | Kieran Molloy | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann | Michaela Walsh | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| | | **Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann** | **€157,000** |
| Cumann Lámhach Créphlátaí na hÉireann | Ian O'Sullivan | Den Chéad Scoth | €20,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cumann Lámhach Créphlátaí na hÉireann | Aoife Gormally | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| | | **Cumann Lámhach Créphlátaí na hÉireann** | **€32,000** |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | Annalise Murphy | Póidiam | €40,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | Ryan Seaton | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | Finn Lynch | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | Aoife Hopkins | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | Seafra Guilfoyle | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | Aisling Keller | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | Matthew McGovern | Idirnáisiúnta | €10,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | Cistiú Comhthiomsaithe | | €15,000 |
| | | **Spórt Idirthréimhseach: Cumann Seoltóireachta na hÉireann** | **€141,000** |
| Cumann Júdó na hÉireann | Megan Fletcher | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Júdó na hÉireann | Ben Fletcher | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| | | **Cumann Júdó na hÉireann** | **€24,000** |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) | Jason Smyth | Póidiam | €40,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) | Greta Streimikyte | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) | Michael McKillop | Póidiam | €40,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) | Niamh McCarthy | Póidiam | €40,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) | Noelle Lennihan | Póidiam | €40,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) | Orla Barry | Póidiam | €40,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) | Paul Keogan | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) | Patrick Monahan | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) | Orla Comerford | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) | Ellen Keane | Podium | €40,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) | Ailbhe Kelly | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) | Barry McClements | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) | Nicole Turner | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) | James Scully | International | €12,000 |
| | **Spórt Idirthréimhseach: Cumann Parailimpeach na hÉireann** | | **€352,000** |
| Peantatlan Éireann | Kate Coleman | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Peantatlan Éireann | Sive Brassill | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Peantatlan Éireann | Natalya Coyle | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Peantatlan Éireann | Arthur Lanigan O'Keeffe | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| | | **Peantatlan Éireann** | **€64,000** |
| Rámhaíocht Éireann | Paul O'Donovan | Póidiam | €40,000 |
| Rámhaíocht Éireann | Gary O'Donovan | Póidiam | €40,000 |
| Rámhaíocht Éireann | Denise Walsh | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Rámhaíocht Éireann | Mark O'Donovan | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Rámhaíocht Éireann | Sanita Puspure | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Rámhaíocht Éireann | Shane O'Driscoll | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Rámhaíocht Éireann | Aifric Keogh | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Rámhaíocht Éireann | Aileen Crowley | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Rámhaíocht Éireann | Monika Dukarska | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Rámhaíocht Éireann | Clár na bhFear Faoi Bhun 23 | Cistiú Comh-thiomsaithe | €40,000 |
| | **Spórt Idirthréimhseach: Rámhaíocht Éireann** | | **€252,000** |
| Snámh Éireann | Oliver Dingley | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Snámh Éireann | Mona McSharry Trasdula | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Snámh Éireann | Shane Ryan Trasdula | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Snámh Éireann | Conor Ferguson Trasdula | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| Snámh Éireann | Alex Murphy Trasdula | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Snámh Éireann | Brendan Hyland Trasdula | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Snámh Éireann | Jordan Sloan Trasdula | Idirnáisiúnta | €12,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Snámh Éireann | Nicholas Quinn | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Snámh Éireann | Men's Freestyle Relay | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| Snámh Éireann | Men's Medley Relay | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| | **Spórt Idirthréimhseach: Snámh Éireann** | | **€152,000** |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann (Para) | Colin Judge | Den Chéad Scoth | €20,000 |
| | **Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann (Para)** | | **€20,000** |
| Trí-atlan Éireann | Russell White | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| | **Spórt Idirthréimhseach: Trí-atlan Éireann** | | **€12,000** |
| An Cumann Taekwondo | Jack Woolley | Idirnáisiúnta | €12,000 |
| | **An Cumann Taekwondo** | | **€12,000** |
| **Cardáil Foirne** | | | |
| Haca Éireann | Cistiú Foirne | Cistiú Comh-thiomsaithe | €45,000 |
| | **Haca Éireann** | | **€45,000** |
| **Tacaíocht do Lúthchleasaithe** | | | |
| Leadóg Éireann | Tacaíocht do Lúthchleasaithe | | €15,000 |
Bíonn deontais a íocadh in-aisíoctha in imthosca áirithe, amhail leachtú/díscaoileadh na cuideachta is faighteoir, nó i gcás nach gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais nuair is dócha go bhfaighidh Spórt Éireann an t-airgead agus nuair is féidir an méid a mheas go cruinn; dá bhrí sin, tugtar cuntas orthu ar bhonn fabhruithe. Ní raibh aon aisíocaíochtaí deontais ann sa bhliain 2018.

<u>Ioncam úis</u>

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhruithe.

<u>Ioncam Eile</u>

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhruithe.

### f) Deontais a Íocadh

Íoctar deontais le heagraíochtaí is deontaithe ar bhonn phróiseas iarratais chistiúcháin Spórt Éireann, rud a thosaíonn sa tríú ráithe gach bliain. Cuireadh eagraíochtaí is deontaithe ar an eolas faoi na ceanglais tuairiscithe faoi chiorclán 13/2014, Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Státchiste, agus athbhreithníonn Spórt Éireann na ráitis airgeadais de chuid gach comhlachta is deontaí chun comhlíonadh a chinntiú ina leith sin.

### g) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, arna choigeartú i leith aon soláthair do bhearnú. Gearrtar dímheas ar an réadmhaoin, an gléasra agus an trealamh ar fad, ag rátaí a mheastar chun costas gach sócmhainne, lúide a luach iarmharach measta, a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré fhónta mheasta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| An Campas Náisiúnta Spórt agus Saoráidí an Champais | 2% in aghaidh na bliana |
| Saoráidí an Champais (Saolré 30 Bliain) | 3.33% in aghaidh na bliana |
| Saoráidí an Champais (Saolré 10 mBliana) | 10% in aghaidh na bliana |
| Saoráidí an Champais (Saolré 5 Bliana) | 20% in aghaidh na bliana |
| Bonneagar, Máistirphleanáil agus Dearadh | 15% in aghaidh na bliana |
| An Straitéis maidir le Tionscadail Chaipitil an Champais | 100% in aghaidh na bliana |
| Talamh agus Foirgnimh (Saolré 50 Bliain) | 2% in aghaidh na bliana |
| Foirgnimh (Saolré 30 Bliain) | 3.33% in aghaidh na bliana |
| Feistiú Oifige/ Daingneáin agus Feistis | 20% in aghaidh na bliana |
| Ríomhairí agus Trealamh TF | 33.33% in aghaidh na bliana |

Mótarfheithiclí 20% in aghaidh na bliana

Ní dhímheastar an talamh ar Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann, Teach Bhaile an Aba agus aon sócmhainní atá á dtógáil. Cuirtear na rátaí dímheasa iomchuí i bhfeidhm a luaithe a chríochnaítear tionscadail atá á dtógáil.

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go bhfuil an tsócmhainn ar aois agus sa riocht lena bhfuiltear ag súil ag deireadh a saolré fónta.
Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach aon sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

**h) Sócmhainní airgeadais**

Sócmhainní Airgeadais Eile

Tá an Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Saoráidí Spórt Éireann faoi lánúinéireacht Spórt Éireann agus léiríonn a scairchaipteal gnáthscair amháin dar parluach Euro amháin. Déanann Sport Ireland Facilities Designated Activity Company na saoráidí ar an gcampas spórt a oibriú agus a chothabháil.

**i) Méideanna infhaighte**

Aithnítear méideanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha. Soláthar sonrach is ea an soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear é i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Spórt Éireann in ann na méideanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

**j) Méideanna iníoctha**

Aithnítear méideanna iníoctha de réir luach cóir ar dtús. Aicmítear méideanna iníoctha mar dhliteanais reatha má tá siad iníoctha laistigh de bhliain amháin. Mura bhfuil, cuirtear i láthair iad mar dhliteanais neamhreatha.

**k) Sochair Fostaithe**

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Méideanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Feidhmíonn Spórt Éireann scéim pinsean sochair shainithe. Cistítear an scéim gach bliain ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó airgead a fhaightear ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastal na mball foirne agus ó na comhaltaí. Feidhmíonn Spórt Éireann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") freisin. Is scéim sochair shainithe í sin d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Aistrítear chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt na ranníocaíochtaí uile a dhéanann fostaithe leis an scéim aonair.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin arna dtuilleamh ag fostaithe, agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin ón bhfoireann. Cuirtear na ranníocaíochtaí sin ar aghaidh chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam a mhéid atá sé in-aisghafa, agus fritháirítear an méid le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

fritháirítear an méid le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh. Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghafa ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Léirítear sna ráitis airgeadais, de réir luach cóir, na sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Spórt Éireann agus aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann

fostaithe iad. Is ar bhonn achtúireach a thomhaistear dliteanais na scéime sochar scoir, agus modh an aonaid réamh-mheasta chreidmheasa á úsái.

### l) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

<u>Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh</u>

Sócmhainní atá faoi réir amúchadh, déantar iad a athbhreithniú le haghaidh bearnú nuair a léirítear in eachtraí nó in athruithe ar chúinsí go bhféadfadh nach mbeifí in ann an méid glanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir méid glanluacha na sócmhainne agus méid in-aisghafa na sócmhainne, fad is mó an méid glanluacha ná an méid in-aisghafa. Is é an méid in-aisghafa an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. D’fhonn bearnú a mheasúnú, rangaítear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid atá inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Sócmhainní neamhairgeadais a ndearnadh bearnú orthu, athbhreithnítear iad le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

Soláthairtí

Sport Ireland makes provisions for legal and constructive obligations, which it knows to be outstanding at the year end date. These provisions are generally made based on historical or other pertinent information, adjusted for recent trends where relevant. Déanann Spórt Éireann soláthairtí le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha is eol dó a bheith amuigh ag dáta deiridh na tréimhse. Déantar na soláthairtí de ghnáth bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, agus iad coigeartaithe le haghaidh treochtaí le déanaí, i gcás gur cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar na costais airgeadais a bhaineann le teagmhais a bhfuil seans ann nach dtarlóidh siad go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an éiginnteacht a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh an toradh iarbhír difriúil go mór leis an toradh a measadh.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an Bord athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas, agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Oibleagáid Sochar Scoir

Maidir leis na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir go ndéanfaidh na nithe seo difear do na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corparáide ar ardchaighdeán.
(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo.

## 2. Deontais ón Oireachtas

Mar atá leagtha amach Nóta 1(e) a ghabhann leis an mBeartas Cuntasaíochta, aithnítear deontais ón Oireachtas mar ioncam ar bhonn mhéid an airgid a fhaightear. Is comhdhéanta díobh seo a leanas atá na Deontais ón Oireachtas a fuair Spórt Éireann ó Vóta 31 – An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mar a léirítear sna ráitis airgeadais:

| | Fo-mhír-cheann 31 | **Year ended 31 December 2018 €** | **Year ended 31 December 2017 €** |
|---|---|---|---|
| Deontas Athfhillteach | D.5 | 55,008,000 | 51,338,102 |
| Lúide Asbhaintí Pinsin Fostaithe atá In-aisíoctha | | (109,000) | (85,000) |
| Deontas Athfhillteach Iomlán | | 54,899,000 | 51,253,102 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | | - | 4,095 |
| An Roinn Sláinte | | - | 31,369 |
| An Roinn Sláinte - An Ciste Éire Shláintiúil | | 778,133 | 664,655 |
| Deontas Caipitil | B.2 | 20,945,789 | 10,502,253 |
| Cistiú Caipitil (Iarchurtha)/Aisiompaithe | D.5 | 908,569 | (829,717) |
| **Deontais Iomlána ón Oireachtas** | | **77,531,491** | **61,625,757** |
| Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin: Reatha | D.6 | 4,260,090 | 3,650,813 |
| Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin: Caipiteal | D.6 | 739,910 | 899,997 |
| **Deontais Iomlána ó Chiste na gCuntas Díomhaoin** | | **5,000,000** | **4,550,810** |

Cuimsíonn deontais ón Oireachtas méideanna a soláthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad i leith na tréimhse lena mbaineann agus léiríonn siad an deontas a íoctar le Spórt Éireann. Baintear úsáid as an deontas sin le haghaidh pá, riarachán ginearálta, costais chlár agus deontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Ba é €55,008,000 méid an deontais athfhilltigh a fuarthas sa bhliain 2018. Chloígh an Bord le téarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse leis an Roinn. Tá córais imleora rialaithe airgeadais i bhfeidhm ag an mBord chun deontais a fhaightear ón Roinn a bhainistiú.

Fuarthas deontais chaipitil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spórt Éireann a thógáil agus do thionscadal Cóiríochta Oifige an Chlóis

atá lonnaithe ar Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann, agus a cuireadh i gcrích i mí Iúil 2018. Fuair Spórt Éireann €20,945,789 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain 2018. Maidir le €908,569 de Chistiú Caipitil, a cuireadh siar i mblianta roimhe, aithníodh sa bhliain 2018 é.
B'ionann Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a fuarthas ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus €5,000,000 le haghaidh tionscadal amhail an Mol Spóirt sa Phobal, Cóitseáil Pobail, Cúrsaí do Chuardaitheoirí Poist, Oiliúint sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Oiliúint Ceannaireachta Óige.

B'ionann Deontais ón gCiste Éire Shláintiúil a fuarthas ón Roinn Sláinte (a íocadh trí Pobal) agus €778,133 le haghaidh tionscadal amhail Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh, Ag Siúl agus Ag Rothaíocht, Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath agus Cycle Right.

## 3. Acmhainní Dílse

| | Year ended 31 December 2018 | Year ended 31 December 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam Cíosa | 265,000 | 290,000 |
| Cíos ón gCeanncheathrú Spórt* | 113,268 | 114,753 |
| Ioncam ó Thástáil Frithdhópála | 111,306 | 145,708 |
| Seirbhísí d'Imreoirí agus do Lúthchleasaithe | 136,020 | 64,700 |
| Institiúid Spórt Éireann | 63,274 | 56,369 |
| Oifig na gConairí Náisiúnta | 15,049 | 135,029 |
| Cóitseáil Éireann | 38,000 | 39,400 |
| **Acmhainní Dílse Iomlána** | **741,917** | **845,959** |

* Léiríonn sé seo na ranníocaíochtaí le costais reatha, atá léirithe faoi "An Cheanncheathrú Spórt" – féach ar Nóta 6.

## 4. Ioncam Eile

| | Year ended 31 December 2018 | Year ended 31 December 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ús Bainc a Fuarthas | - | 2,542 |
| Ioncam ón Aontas Eorpach | 22,408 | - |
| Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath | 65,000 | 116,803 |
| Spórt Thuaisceart Éireann | - | 44,637 |
| Seachtain Eorpach Spóirt an Aontais Eorpaigh | 177,651 | 116,000 |
| Ioncam Eile | 1,333 | 586 |
| **Ioncam Eile Iomlán** | **266,392** | **280,568** |

## 5. Deontais atá Iníoctha

### a) Deontais Reatha atá Iníoctha

| | Year ended 31 December 2018 | Year ended 31 December 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt * | 11,098,065 | 11,235,971 |
| An Scéim Cardála Idirnáisiúnta * | 1,920,000 | 1,767,000 |
| Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt * | 5,824,138 | 5,756,966 |
| Spóirt Mhachaire na hÓige * | 8,077,406 | 7,225,906 |
| Deontais Ardfheidhmíochta * | 8,935,000 | 7,306,200 |
| Rannpháirtíocht na mBan sa Spórt * | 971,500 | 971,500 |
| Deontas na Sraithe Rothaíochta | 4,000 | - |
| Iontaobhas Ghalf Fhoireann Éireann | 200,000 | 200,000 |
| Craobh Oscailte na hÉireann | 1,250,000 | - |
| Spórt Mac Léinn Éireann | 50,000 | 50,000 |
| Deontas Staid Morton | 150,000 | 150,000 |
| Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann | 475,000 | 277,248 |
| An Chomhairle Phara-Oilimpeach | 397,500 | 375,000 |
| Spórt Scoileanna Speisialta na hÉireann | 25,000 | 25,000 |
| Cónaidhm Spóirt na hÉireann | 100,000 | 100,000 |
| Operation Transformation | - | 16,619 |
| Deontas do Mhórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath | 115,000 | 116,803 |
| Deontas Caipitil Champais ** | 871,486 | 650,017 |
| Deontas Caipitil do Chomhpháirtíochtaí Spóirt - IRFU | 475,000 | - |
| Deontas Oibriúcháin an Ionaid Náisiúnta Uisce ** | 2,095,000 | 2,095,000 |
| Daoine Scothaosta agus an Spórt | 607,605 | 607,605 |
| Ollscoil Luimnigh - Linn 50 Méadar | 300,000 | 300,000 |
| An Scéim Tacaíochta d'Imreoirí Idirchontae CLG | 2,300,000 | 1,600,000 |
| Scéim Pheil na mBan agus Camógaíochta Idirchontae | 500,000 | 500,000 |
| **Deontais Iomlána atá Iníoctha** | **46,741,700** | **41,326,835** |

* Tá anailís ar na figiúirí Deontas leagtha amach sna hAguisíní a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil.
** Idirbhearta le Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Saoráidí Spórt Éireann

### b) Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

| | Year ended 31 December 2018 | Year ended 31 December 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Mol Spóirt sa Phobal * | 1,074,263 | 1,245,340 |
| Ceannaireacht Óige * | 253,480 | 295,600 |
| Cóitseáil Pobail * | 14,663 | 206,475 |
| Oiliúint sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas | 371,000 | 362,000 |
| Tacaíocht d'Oibrithe Deonacha | 300,000 | 12,528 |
| Meastóireacht | 67,654 | 21,033 |
| Riarachán | 400,000 | 376,017 |
| Pobail faoi Mhíbhuntáiste | 83,000 | 324,500 |
| *Beat The Street* | - | 37,566 |
| *Ypath* | - | 45,000 |
| Áineas Amuigh Faoin Spéir | 25,000 | 74,000 |
| Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht | 100,000 | 100,000 |
| Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl | 93,500 | 125,500 |
| Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh | 100,750 | 111,750 |
| Cuir Muintir na hÉireann ag Rith | 100,750 | 111,750 |
| Cistiú Rannpháirtíochta do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta | 659,600 | 432,800 |
| Cláir Éagsúla | 867,276 | 587,525 |
| **Deontais Iomlána ó Chiste na gCuntas Díomhaoin** | **4,510,936** | **4,469,384** |

*Tá anailís ar na figiúirí Deontas leagtha amach sna hAguisíní a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil.

## c) Deontais ón gCiste Éire Shláintiúil

| | Year ended 31 December 2018 € | Year ended 31 December 2017 € |
|---|---|---|
| Cluichí Oilimpeacha Speisialta | 68,422 | 48,799 |
| Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath | 64,591 | 95,324 |
| *Operation Transformation* | 33,044 | - |
| An Lá Náisiúnta Corpacmhainne | 22,000 | 36,000 |
| Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh | 123,000 | 135,000 |
| Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl | 81,200 | 90,000 |
| Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht | 55,531 | 6,646 |
| *Cycle Right* | 114,000 | 135,000 |
| Clubanna Sláintiúla CLG | 45,000 | - |
| Rannpháirtíocht sa Spórt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil i measc Leanaí | 72,458 | 63,000 |
| Táille Riaracháin | 20,000 | - |
| **Deontais Iomlána ón gCiste Éire Shláintiúil** | **699,246** | **609,769** |

## 6. Cláir Eile

*Léiríonn siad seo costais reatha. Is léirithe faoi “Acmhainní Dílse” atá ioncam atá bainteach go díreach leis na costais sin – féach ar Nóta 3.

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | TAIGHDE | FRITHDHÓPÁIL | CRN | CAIDREAMH POIBLÍ | RANN-PHÁIRTÍOCHT | ARD-FHEIDHMÍOCHT | AN INSTITIÚID SPÓIRT | CÓITSEÁIL ÉIREANN | CAMPAS | IOMLÁN | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | **31 Noll** | **31 Noll** |
| | **2018** | **2018** | **2018** | **2018** | **2018** | **2018** | **2018** | **2018** | **2018** | **2018** | **2017** |
| | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Tástáil Frithdhópála | - | 1,194,008 | - | - | - | - | - | - | - | 1,194,008 | 1,086,604 |
| Tionscadail Taighde | 128,706 | - | - | - | - | - | - | - | - | 128,706 | 213,401 |
| Forbairt na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta | - | - | 191,431 | - | - | - | - | - | - | 191,431 | 193,711 |
| Forbairt Clár | - | - | 1,868 | - | 97,414 | 21,330 | - | - | - | 120,612 | 209,091 |
| Seachtain Eorpach Spóirt an Aontais Eorpaigh | - | - | - | - | 135,173 | - | - | - | - | 135,173 | 110,864 |
| Cigireachtaí Oifig na gConairí Náisiúnta | - | - | - | - | 70,345 | - | - | - | - | 70,345 | 85,828 |
| Deontais Oifig na gConairí | - | - | - | - | 55,000 | - | - | - | - | 55,000 | 57,392 |
| Forbairt na hInstitiúide | - | - | - | - | - | - | 1,399,327 | - | - | 1,399,327 | 1,292,406 |
| An Cheanncheathrú Spóirt * | - | - | 189,415 | - | - | - | - | - | - | 189,415 | 181,270 |
| Conraitheoirí/Seirbhísí Seachfhoinsithe | - | - | - | - | 104,244 | - | 219,579 | 310 | - | 324,133 | 195,963 |
| Oiliúint do Theagascóirí | - | - | - | - | - | - | - | 21,940 | - | 21,940 | 145,359 |
| Cothabháil an Champais | - | - | - | - | - | - | - | - | 218,156 | 218,156 | 195,704 |
| Foireann agus Oiliúint | - | - | 1,210 | 4,947 | 5,384 | - | 1,471 | 10,922 | 71 | 24,005 | 14,840 |
| Costais Riaracháin Oifige | - | 22,782 | 14,978 | 11,428 | 39,765 | 38,408 | 164,824 | 94,486 | 92,643 | 479,314 | 504,138 |
| Taisteal, Cothú agus Cruinnithe | - | 31,210 | 6,493 | 4,813 | 10,492 | 19,432 | 7,415 | 91,392 | 1,696 | 172,943 | 208,963 |
| Táillí Gairmiúla | - | 263,432 | 6,952 | 5,535 | 16,716 | - | 1,555 | 1,500 | 96,136 | 391,826 | 870,513 |
| Bogearraí agus Tacaíocht Ríomhaireachta | - | 59,565 | - | 63,732 | 749 | 29,076 | 55,068 | 17,506 | - | 225,696 | 114,992 |
| Caidreamh Poiblí, Priontáil agus Páipéarachas | - | - | 92 | 223,456 | 16,619 | - | 6,805 | 7,414 | 3,548 | 257,934 | 326,045 |
| Postas agus Cúiréireacht | - | 1,204 | 155 | 425 | 3,221 | - | 204 | 1,704 | 89 | 7,002 | 6,519 |
| **Cláir Eile Iomlána** | **128,706** | **1,572,201** | **412,594** | **314,330** | **555,122** | **108,246** | **1,856,248** | **247,174** | **412,339** | **5,606,966** | **6,013,603** |

## 7. Riarachán

| | Year ended 31 December 2018 € | Year ended 31 December 2017 € |
|---|---|---|
| Speansais agus Oiliúint Foirne | 60,715 | 52,282 |
| Cíos agus Réadmhaoin | 67,243 | 64,350 |
| Cothabháil agus Deisiúcháin | 12,949 | 9,348 |
| Árachas | 2,320 | 16,312 |
| Teileafón | 7,070 | 10,297 |
| Solas agus Teas | 38,876 | 23,152 |
| Comhaltaí Boird, Taisteal, Cothú agus Cruinnithe | 136,718 | 141,483 |
| Táillí Iniúchóireachta | 35,465 | 39,595 |
| Táillí Gairmiúla | 11,877 | 48,595 |
| Bogearraí agus Tacaíocht Ríomhaireachta | 174,375 | 176,203 |
| Priontáil agus Páipéarachas | 24,090 | 20,077 |
| Postas agus Cúiréireacht | 11,877 | 9,858 |
| Éagsúil | 21,441 | 13,141 |
| Caillteanas/(Gnóthachan) ar Dhiúscairt Sócmhainní | 242 | (10) |
| **Riarachán Iomlán** | **605,258** | **624,683** |

## 8. Luach Saothair

### (a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

Ba é 54 bhall foirne bhuana an líon foirne iomlán a bhí ceadaithe ag an Aire ag an 31 Nollaig 2018. Ba é 45 dhuine an meánlíon fostaithe a bhí ann, gan baill foirne gníomhaireachta a áireamh. Ba mar seo a leanas a bhí na costais chomhlánaithe fostaithe agus na costais ghaolmhara:

| | Year ended 31 December 2018 | Year ended 31 December 2017 |
|---|---|---|
| Tuarastail | 1,947,255 | 1,688,774 |
| Pinsean Foirne | 119,709 | 207,674 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC Fostóra | 193,252 | 165,512 |
| Fabhrú Pá Saoire Foirne | 2,108 | 2,881 |
| Muirear as Baill Foirne ar Iasacht | 69,362 | 100,835 |
| Baill Foirne Campais agus Gníomhaireachta | 1,549,604 | 1,570,715 |
| **Costas Foirne Iomlán** | **3,881,290** | **3,736,391** |
| | | |
| Tuarastail ó Chiste na gCuntas Díomhaoin/Leithdháileadh ÁSPC | 152,369 | 161,632 |
| Leithdháileadh Tacaíochta Oibriúcháin ó Chiste na gCuntas | 144,900 | 92,532 |
| | **4,178,559** | **3,990,555** |

## Costais Foirne de réir Aonaid

| | Tuarastail | Pinsean Foirne | Rann-íocaíochtaí ÁSPC Fostóra | Fabhrú Pá Saoire Foirne | Muirear as Baill Foirne ar Iasacht | Baill Foirne Gníomh-aireachta | 31 December 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Riarachán | 356,620 | 119,709 | 35,810 | 2,108 | - | 230,097 | 744,344 |
| Taighde | 77,730 | - | 1,433 | - | - | 38,908 | 118,071 |
| Frithdhópáil | 229,958 | - | 23,657 | - | - | 159,946 | 413,561 |
| Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta | 77,933 | - | 8,637 | - | - | 254,738 | 341,308 |
| Caidreamh Poiblí | 49,762 | - | 4,559 | - | - | 75,004 | 129,325 |
| Rannpháirtíocht | 208,742 | - | 21,118 | - | - | 104,335 | 334,195 |
| Ardfheidhmíocht | 268,210 | - | 28,018 | - | - | 22,342 | 318,570 |
| Institiúid | - | - | - | - | - | 430,881 | 430,881 |
| Cóitseáil Éireann | 658,247 | - | 67,844 | - | - | 47,001 | 773,092 |
| Tionscadail *DAF* | 137,332 | - | 15,037 | - | - | 144,900 | 297,269 |
| Campus | 20,053 | - | 2,176 | - | 69,362 | 186,352 | 277,943 |
| **IOMLÁN** | **2,084,587** | **119,709** | **208,289** | **2,108** | **69,362** | **1,694,504** | **4,178,559** |

Léirítear i bhfigiúr €152,369 na dtuarastal agus an ÁSPC maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin agus Éire Shláintiúil costas foirne a leithdháileadh in aghaidh an dá scéim deontais faoi mar a cheadaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Sláinte faoi seach.

## (b) Sochair Ghearrthéarmacha

| | Year ended 31 December 2018 € | Year ended 31 December 2017 € |
|---|---|---|
| Bunphá | 2,292,876 | 2,015,918 |
| Ragobair | - | - |
| Liúntais | - | - |
| **Sochair Ghearrthéarmacha Iomlána** | **2,292,876** | **2,015,918** |

## (c) Sochair Foirceanta

Níor íocadh aon sochair foirceanta sa bhliain 2018.

## (d) An Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá an príomhphearsanra bainistíochta i Spórt Éireann comhdhéanta den Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus de chomhaltaí Boird Spórt Éireann. Is leagtha amach thíos atá luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta.

| | Year ended 31 December 2018 € | Year ended 31 December 2017 € |
|---|---|---|
| An Príomhphearsanra Bainistíochta | 196,303 | 200,062 |
| **An Príomhphearsanra Bainistíochta Iomlán** | **196,303** | **200,062** |

Ní áirítear leis na figiúirí thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an aon bhall amháin de scéim pinsean Spórt Éireann atá ar áireamh sa Phríomhphearsanra Bainistíochta agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsean seirbhíse poiblí.

## (e) Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Ba mar seo a leanas a bhí pacáiste luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don bhliain:

| | Year ended 31 December 2018 € | Year ended 31 December 2017 € |
|---|---|---|
| Bunphá | 131,747 | 127,174 |
| **Tuarastal Iomlán** | **131,747** | **127,174** |

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de scéim pinsean Spórt Éireann. Ní áirítear leis na figiúirí thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa bhliain.

Fuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin €7,875 mar fhorchúiteamh ar chostais taistil agus chothaithe sa 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2018 (€8,379 sa 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2017).

## 9. Cuntas Caipitil

| | Year ended 31 December 2018 € | Year ended 31 December 2017 € |
|---|---|---|
| Ag an 1 Eanáir | 135,418,379 | 130,402,822 |
| **Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:** | | |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní seasta | (4,377,496) | (4,327,092) |
| Cistí a leithdháileadh chun Sócmhainní Seasta a fháil | 20,592,302 | 9,342,649 |
| Méid a Scaoileadh ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | (242) | - |
| **Glanmhéid an Aistrithe don bhliain** | 16,214,564 | 5,015,557 |
| **Ag an 31 Nollaig** | **151,632,943** | **135,418,379** |

## 10. Costais Sochar Scoir

### (a) Anailís ar na costais iomlána sochar scoir a muirearaíodh chuig an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

| | Year ended 31 December 2018 | Year ended 31 December 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costas seirbhíse reatha | 539,000 | 466,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir | 264,000 | 235,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (109,000) | (85,000) |
| **Costas Sochar Scoir Iomlán** | **694,000** | **616,000** |

### (b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochar scoir i rith na bliana airgeadais

| | Year ended 31 December 2018 | Year ended 31 December 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glanoibleagáid sochar scoir ag an 1 Eanáir | 13,389,000 | 12,148,000 |
| Costas seirbhíse reatha | 539,000 | 466,000 |
| Costas úis | 264,000 | 235,000 |
| Caillteanas/(gnóthachan) ó thaithí | 769,000 | 540,000 |
| (Gnóthachan)/caillteanas a eascraíonn as athrú i dtoimhdí | (356,000) | 208,000 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (120,000) | (208,000) |
| **Glanoibleagáid sochar scoir ag an 31 Nollaig** | **14,485,000** | **13,389,000** |

### (c) Cistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an Bord go bhfuil na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith sochair scoir ar bhonn na dtoimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas agus ar bhonn roinnt teagmhas san am atá thart. Áirítear leis na teagmhais sin an bonn reachtúil le bunú na scéime sochar scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord á léiriú nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin ar aghaidh ag íoc na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha.

Ba mar seo a leanas a bhí an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithníodh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

| | **Year ended 31 December 2018** | **Year ended 31 December 2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Cistiú in-aisghafa i leith chostais sochar scoir na bliana reatha | **803,000** | **701,000** |

Is ionann agus €14.485m an tsócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir ag an 31 Nollaig 2018.

### (d) Stair oibleagáidí sochair shainithe

| | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Oibleagáidí Sochair Shainithe | 14,485 | 13,389 | 12,148 | 9,555 |
| Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais na scéime sochair shainithe | 769 | 540 | (289) | 49 |

### (e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Is é atá sa scéim sochar scoir ná socrú pinsin sochair shainithe tuarastail deiridh ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí trí thagairt do rialacháin reatha na scéime "eiseamláirí" earnála poiblí. Leis an scéim, soláthraítear pinsean (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir, agus tá daoine ar bhaill iad roimh an mbliain 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ón uair a shroicheann siad 60 bliain d'aois. Is gnách go méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta i dtuarastal earnála poiblí.
Feidhmíonn Spórt Éireann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") freisin. Is scéim sochair shainithe í sin d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Aistrítear na ranníocaíochtaí uile a dhéanann fostaithe leis an scéim aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus is in-aisghafa ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, tríd an deontas leithdháilte pá, atá na costais sochar scoir reatha uile.

Bíonn an riail ballraíochta sin i bhfeidhm beag beann ar fhoirm an chonartha fostaíochta. Téann baill foirne lánaimseartha agus pháirtaimseartha agus baill foirne bhuana agus shealadacha isteach sa Scéim Aonair má thosaigh a bhfostaíocht sa bhliain 2013 nó níos déanaí.
Ba ar luacháil achtúireach iomlán a ndearna achtúire neamhspleách cáilithe í an 21 Feabhra 2019 a bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102. Cuireadh ceanglais an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais san áireamh inti chun dliteanais na scéime ag an 31 Nollaig 2018 a mheasúnú.

| Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh: | **Year ended 31 December 2018** | **Year ended 31 December 2017** |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe i dtuarastail | 2.95% | 3.10% |
| Ráta an mhéadaithe i sochair scoir atá á n-íoc | 2.45% | 2.60% |
| Ráta na lascaine | 1.93% | 1.98% |
| Ráta an bhoilscithe | 1.80% | 1.95% |

Mortlaíocht

62% de PNML00 d'fhir, áit a bhfuil feabhsuithe (féach thíos).

70% de PNFL00 do mhná, áit a bhfuil feabhsuithe (féach thíos).

Cumasaíonn an bonn mortlaíochta go follasach feabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, a fhágann go mbraithfidh ionchas saoil ag an scor ar an mbliain ina sroicheann an ball aois scoir (65 bliana). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na mball a shroicheann 65 bliana d'aois sna blianta 2018 agus 2038.

| **Bliain ina sroichtear 65 bliana d'aois** | **2018** | **2038** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - Fear | 21.4 years | 23.8 years |
| Ionchas saoil - Bean | 23.9 years | 25.9 years |

### 11. Dímheas Sócmhainní Seasta

| | **Year ended 31 December 2018** | **Year ended 31 December 2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Dímheas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh | 4,377,496 | 4,327,092 |
| **Dímheas Iomlán** | **4,377,496** | **4,327,092** |

## 12 (a). Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh 2018

| | An tIonad Náisiúnta Uisce | Bonneagar & Dearadh | Saoráidí an Champais | Talamh & Foirgnimh | Trealamh Oifige / Ríomhairí / Daingneáin agus Feistis Troscán / Trealamh Míochaine | Mótar-Fheithiclí | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Costas** | | | | | | | |
| I dtús na tréimhse | 74,005,032 | 9,349,504 | 60,768,450 | 25,156,307 | 1,812,441 | 22,286 | **171,114,020** |
| Breiseanna don bhliain | - | 106,864 | 18,989,523 | 1,397,259 | 98,656 | - | **20,592,302** |
| Diúscairtí i rith na tréimhse | - | - | - | - | (51,944) | - | **(51,944)** |
| **Ag an 31 Nollaig 2018** | **74,005,032** | **9,456,368** | **79,757,973** | **26,553,566** | **1,859,153** | **22,286** | **191,654,378** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| I dtús na tréimhse | 22,129,395 | 6,581,829 | 2,116,571 | 3,536,853 | 1,308,707 | 22,286 | **35,695,641** |
| Muirear don bhliain | 1,480,101 | 783,978 | 1,378,868 | 542,723 | 191,826 | - | **4,377,496** |
| Diúscairtí i rith na tréimhse | - | - | - | - | (51,702) | - | **(51,702)** |
| **Ag an 31 Nollaig 2018** | **23,609,496** | **7,365,807** | **3,495,439** | **4,079,576** | **1,448,831** | **22,286** | **40,021,435** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2018 | 51,875,637 | 2,767,675 | 58,651,879 | 21,619,454 | 503,734 | - | **135,418,379** |
| Glanghluaiseacht don tréimhs | (1,480,101) | (677,114) | 17,610,655 | 854,536 | (93,412) | - | **16,214,564** |
| Ag an 31 Nollaig 2018 | **50,395,536** | **2,090,561** | **76,262,534** | **22,473,990** | **410,322** | **-** | **151,632,943** |

## 12 (b). Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh 2017

| | An tIonad Náisiúnta Uisce | Bonneagar & Dearadh | Saoráidí an Champais | Talamh & Foirgnimh | Trealamh Oifige / Ríomhairí / Daingneáin agus Feistis Troscán / Trealamh Míochaine | Mótar-Fheithiclí | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | | | |
| I dtús na bliana | 74,005,032 | 9,330,649 | 53,085,988 | 23,557,829 | 1,833,720 | 22,286 | **161,835,504** |
| Breiseanna don bhliain | - | 18,855 | 7,682,462 | 1,598,478 | 42,854 | - | **9,342,649** |
| Diúscairtí i rith na bliana | - | - | - | - | - 64,133 | - | **- 64,133** |
| **Ag an 31 Nollaig 2017** | **74,005,032** | **9,349,504** | **60,768,450** | **25,156,307** | **1,812,441** | **22,286** | **171,114,020** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| I dtús na bliana | 20,649,294 | 5,639,882 | 911,928 | 3,038,846 | 1,170,447 | 22,285 | **31,432,682** |
| Breiseanna don bhliain | 1,480,101 | 941,947 | 1,204,643 | 498,007 | 202,393 | 1 | **4,327,092** |
| Diúscairtí i rith na bliana | - | - | - | - | - 64,133 | - | **- 64,133** |
| **Ag an 31 Nollaig 2017** | **22,129,395** | **6,581,829** | **2,116,571** | **3,536,853** | **1,308,707** | **22,286** | **35,695,641** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2017 | 53,355,738 | 3,690,767 | 52,174,060 | 20,518,983 | 663,273 | 1 | **130,402,822** |
| Glanghluaiseacht don bhliain | - 1,480,101 | - 923,092 | 6,477,819 | 1,100,471 | - 159,539 | - 1 | **5,015,557** |
| Ag an 31 Nollaig 2017 | **51,875,637** | **2,767,675** | **58,651,879** | **21,619,454** | **503,734** | - | **135,418,379** |

## 13. Sócmhainní Airgeadais

| | **Year ended 31 December 2018** | **Year ended 31 December 2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Saoráidí Spórt Éireann | | |
| Luach Gnáthscair Amháin | 1 | 1 |
| **Sócmhainní Airgeadais Iomlána** | **1** | **1** |

| **Ainm** | **Oifig Chláraithe** | **Cuideacht** | **Úinéireacht** | **Scair Eisithe** |
|---|---|---|---|---|
| Saoráidí Spórt Éireann Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe | Foirgneamh na hInstitiúide Spóirt An Campas Náisiúnta Spórt Baile Bhlainséir Baile Átha Cliath 15 | 419329 | 1 | Gnáthscair Amháin dar Parluach Euro Amháin |

Tá achoimre ar thorthaí na fochuideachta leagtha amach thíos

| | **Year ended 31 December 2018** | **Year ended 31 December 2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | (87,836) | 39,263 |
| Barrachas/(Easnamh) Carntha | (1,752,197) | (1,664,361) |

### 14. Méideanna infhaighte

| | Year ended 31 December 2018 | Year ended 31 December 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe | 309,012 | 271,473 |
| Ioncam Fabhraithe | 36,000 | 20,000 |
| Cuntas Fionraí Oifig na nOibreacha Poiblí | 123,308 | 125,528 |
| Réamhíocaíochtaí | 225,339 | 131,118 |
| **Méideanna Infhaighte Iomlána** | **693,659** | **548,119** |

### 15. Méideanna iníoctha

| | Year ended 31 December 2018 | Year ended 31 December 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe | 1,061,649 | 1,616,507 |
| Fabhruithe Eile | 262,997 | 183,391 |
| Ioncam Iarchurtha | 21,000 | - |
| Dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 123,308 | 1,031,877 |
| ÍMAT/ÁSPC | 95,737 | 95,132 |
| Cáin Bhreisluacha | 272,097 | 571,712 |
| Cáin Conarthaí Iomchuí | 1,031 | - |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 87,016 | 259,899 |
| **Méideanna Iníoctha Iomlána** | **1,924,835** | **3,758,518** |

### 16. Ceangaltais Léasa

Ní raibh aon tiomantais maidir le Léas ag Spórt Éireann ag 31 December 2018.

D'áitigh Spórt Éireann áitreabh i bPáirc Oifigí an Chinn Thiar, Baile Bhlainséir chomh fada le mí Iúil 2018. Sealbhaíonn Oifig na nOibreacha Poiblí léas 25 bliana a ndeachthas isteach ann sa bhliain 1999. Chuir Spórt Éireann in iúl d'Oifig na nOibreacha Poiblí go bhfuil sé de rún aige aistriú ó Pháirc Oifigí an Chinn Thiar go Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann i rith 2018. Bhí an cíos le híoc ar bhonn íoctar mar a úsáidtear go dtí gur imíodh as an áitreabh i mí Iúil 2018.
Tá Meabhrán Tuisceana ag Spórt Éireann le hOllscoil Luimnigh dar dáta an 15 Meán Fómhair 2001. Cumhdaítear leis sin cóiríocht, solas agus teas, agus slándáil a sholáthraíonn Ollscoil Luimnigh do Chóitseáil Éireann. Is é €38,000 an méid bliantúil cíosa a íoctar leis an Ollscoil.

## 17. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Féach ar Nóta 8(e) chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh leis an
bpríomhphearsanra bainistíochta.

Glacann Spórt Éireann nósanna imeachta atá ag teacht leis na treoirlínte maidir le leasanna pearsanta comhaltaí Boird arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh Spórt Éireann deontais a cheadú nó dul isteach i socruithe conartha eile le heintitis ina bhfuil comhaltaí de Bhord Spórt Éireann fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile.
I gcás coinbhleacht fhéideartha leasa, ní fhaigheann comhaltaí Boird aon doiciméid Bhoird, ní ghlacann siad páirt i bplé a bhaineann leis na hidirbhearta sin agus ní fhreastalaíonn siad ar an bplé sin. Coinnítear clár ar bun agus is féidir é a fheiceáil i gcásanna den sórt sin ach é a iarraidh.

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Bord íocaíochtaí deontais a cheadú le gnóthais a bhfuil comhaltaí Boird fostaithe iontu nó a bhféadfadh go mbeadh leas ag comhaltaí Boird iontu ar shlí eile. Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa tréimhse.

Nocht na comhaltaí seo a leanas leas in eagraíochtaí ar ceadaíodh deontais dóibh sa bhliain 2018:

- Tá Frances Kavanagh ina iar-fhostaí de Chluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann, a fuair €1,270,000 faoi Dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, €59,000 faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin agus €68,422 faoi Éire Shláintiúil.
- Tá John Maughan ina fhostaí de Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Tá Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Mhaigh Eo ina cuid de Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Fuair Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Mhaigh Eo €399,460 faoi dheontais do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus faoi dheontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.
- Tá Liam Sheedy ina iar-chomhalta de Choiste Bainistíochta Chumann Lúthchleas Gael. Fuair Cumann Lúthchleas Gael €3,238,653 i nDeontais do Spóirt Mhachaire na hÓige, €2,300,000 don Scéim Tacaíochta d'Imreoirí Idirchontae CLG agus €47,000 faoi scéimeanna deontais Éire Shláintiúil and Chiste na gCuntas Díomhaoin.

- Tá Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Saoráidí Spórt Éireann ina fhochuideachta de Spórt Éireann agus fuair sé Deontais Chaipitil ab fhiú €871,486 agus Deontais Oibriúcháin ab fhiú €2,095,000 sa bhliain 2018.
  Bhain Spórt Éireann leas as an díolúine a bhain le mír 33.1A ó fhorálacha FRS 102 'Idirbhearta a bhain le Páirtí' maidir le hidirbhearta le fochuideachtaí ar lánúinéireacht a nochtadh.
- Ag gníomhú dó thar ceann an Rialtais, d'ullmhaigh Kieran Mulvey tuarascáil ar athghiniúint Lárchathair Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath. Fuair Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath cistiú ab fhiú €58,500 ó Chiste na gCuntas Díomhaoin le haghaidh Thionscadal Spórt Pobail Lárchathair Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath faoin gclár *RAPID*.
- Tá Pádraic Moran in bhall de Choimisiún Lúthchleasaithe Parailimpeacha na hÉireann agus de Boccia Éireann (ar fochoiste de Pharailimpicí Éireann atá ann). Fuair Pharailimpicí Éireann cistiú Ardfheidhmíochta ar luach €1,614,500 sa bhliain 2018.

## 18. Dliteanais Theagmhasacha

Tá baint ag Spórt Éireann le líon beag imeachtaí dlí mar seo a leanas:
Foráladh le halt 34(2) den Acht um Spórt Éireann, 2015, go leanfaí le himeachtaí dlí a bhaineann le hÚdarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt (*NSCDA,* atá díscaoilte anois) le hionadú Spórt Éireann isteach sna himeachtaí a mhéid a bhaineann siad leis an Údarás. Dá réir sin, tá ceangaltais agus dliteanais theagmhasacha ag Spórt Éireann i dtaca le costais dlí agus is féidir go mbeidh sé faoi réir éileamh mar seo a leanas:

Sa bhliain 2010, agus í ag tabhairt rialú ar na himeachtaí dlí a tionscnaíodh toisc nár íocadh sonrasc CBL a d'eisigh Campus and Stadium Ireland Development Limited, rud nach bhfuil ann a thuilleadh, ar chruthú an léasa ar an Ionad Náisiúnta Uisce, dhámh an Chúirt Uachtarach costais sa ní in aghaidh *NSCDA*. Ní bhfuarthas aon éilimh i leith costas go dtí seo agus ní dhearnadh aon soláthar do na costais sin, ar costais iad a thabharfar chun críche agus a ngearrfar cáin ina leith ar éileamh a fháil.
I mí an Mheithimh 2013, thionscain *Dublin Waterworld Limited* (*DWW*) imeachtaí dlí sa Chúirt Tráchtála in aghaidh *NSCDA*, ag lorg damáistí de bhun na n-imeachtaí CBL dá dtagraítear thuas (i.e. mar thoradh ar na gníomhartha a rinne Campus and Stadium Ireland Development/NSCDA chun CBL a aisghabháil ar léasú an Ionaid Náisiúnta Uisce). Rinne Spórt Éireann soláthar iomlán dá chostais dlí ionchais i dtaca leis an gcás sin. Ní dhearna sé soláthar don éileamh i leith damáistí, áfach, agus nach féidir na costais a mheas go cruinn.

Sa bhliain 2017, thug an Ard-Chúirt rialú i bhfabhar *NSCDA* (Spórt Éireann anois) i gcás dlí ar leith a thionscain *Dublin Waterworld Limited* (*DWW*), áit a raibh an chuideachta ag lorg damáistí de bhun na n- imeachtaí CBL dá dtagraítear thuas. Níor dhámh an chúirt aon chostais sa chás go dtí seo, áfach, agus ní dhéanfar amhlaidh go dtí go dtabharfar breith ar an achomharc. Táthar ag súil leis go n-éistfear an t-achomharc sa dara ráithe den bhliain 2019.

Fógraíodh éileamh conarthach don Bhord i ndáil le tionscadal caipitil Oifig an Chlóis. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an éileamh faoi láthair. Ní aontaíonn an Bord gur éilimh bhailí atá iontu agus níl sé i riocht meastachán a dhéanamh faoi aon dliteanas a d'fhéadfadh eascairt as.

Tá baint ag Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Saoráidí Spórt Éireann, ar fochuideachta de chuid Spórt Éireann é, le roinnt cásanna dlí freisin a thionscain custaiméirí i ndáil le heachtraí a tharla sna saoráidí faoi mar a bhí á bhfeidhmiú ag an gcuideachta. Is é €64,999 suim liosta measta na n-éileamh a bhí amuigh ag deireadh na bliana, faoi mar a sholáthair soláthraithe árachais Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Saoráidí Spórt Éireann. Áirítear le ráitis airgeadais Sport Ireland Facilities DAC soláthar iomlán do na costais mheasta dlí a bhaineann leis na cásanna sin.

## 19. Ceangaltais

Faoi Straitéis Comhpháirtíochta le haghaidh na gnéithe spórt machaire den Mháistirphlean don Champas a fhorbairt, chuaigh Spórt Éireann isteach i gcomhaontuithe ar leith le Cumann Lúthchleas Gael, le Cumann Peile na hÉireann, le Haca Éireann agus le Cumann Rugbaí na hÉireann. De réir na gcomhaontuithe sin, tá Spórt Éireann tiomanta, faoi réir coinníollacha áirithe, do léasanna 99 mbliana a dheonú ar thailte áirithe dá chuid (mar atá sainaitheanta sa Mháistirphlean) ar chíosanna ainmniúla do na comhlachtaí lena mbaineann. Mar chuid de na comhaontuithe, tugtar gealltanas do chistiú meaitseála is fiú suas go dtí €500,000 a sholáthar le haghaidh fhorbairt na saoráidí sin ag gach ceann de na comhlachtaí sin. Is fiú €2 mhilliún san iomlán an cistiú sin agus íocadh €1,450,000 de le comhlachtaí spóirt suas go dtí an 31 Nollaig 2018.

Ceangaltais Chaipitil:

Tháinig méid €2,165,237 chun cinn mar thoradh ar cheangaltais chonartha le haghaidh oibreacha tógála ar shaoráidí Champas Náisiunta Spórt Spórt Éireann sa bhliain 2018. Is ionann sin agus laghdú €18,819,516 ar riocht na dtiomantas conarthacha ag deireadh na bliana 2017, agus baineann formhór na suime sin leis an dul chun cinn maidir le tógáil Chéim 2 den Láthair Náisiúnta faoi Dhíon. Cuireadh tógáil Chéim 2 den Láthair Náisiúnta faoi Dhíon i gcrích i mí Mheithimh 2019.

## 20. Teagmhais tar éis an Dáta Tuairiscithe

Níor tugadh aon imeachtaí suntasacha eile faoi deara ó dheireadh na bliana i leith.

## 21. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh Bord Spórt Éireann na ráitis airgeadais an 10 Nollaig 2019.

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

Spórt Éireann,
An Clós Cúirte,
Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann,
Bóthar Snugborough,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15,
D15 PN0N
www.sportireland.ie
@sportireland